These are a number of sections of the scheme that are modelled on the Irish public service pension schemes that employees of the North/South Bodies were members of at the point they were designated and transferred at the formation of the Bodies. These schemes are final salary pension arrangements with benefits the same as the relevant Irish public sector scheme e.g., Superannuation Scheme for Established Civil Servants. These schemes provide a pension (for non-integrated members eightieths per year of service but for integrated members two-hundredths per year of service on salary up to 3.333 times the Old Age Contributory State Pension and eightieths per year of service on salary above 3.333 times the Old Age Contributory State Pension), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions. In December 2018, DPER notified Bodies to apply the increase in the compulsory retirement age to 70 as set out in the Public Service Superannuation (Age of Retirement) Bill 2018 on an administrative basis. Pensions in payment (and deferment) generally increase in line with general public sector salary inflation. The applicable Reserved Rights Scheme for Waterways Ireland in the South is both the, Non-Contributory Pension Scheme for Non-Established State Employees and the Superannuation Scheme for Established Civil Servants. In Northern Ireland, the relevant scheme is the Principal Civil Service Pension Scheme NI. Most Core section members have benefits in both the Final Salary and Alpha sections and new entrants who join the Scheme after 1st April 2015 will, in most cases, become members of the Core Alpha section.

The valuation used for FRS 102 disclosures at 31 December 2020 has been carried out by a qualified independent actuary (Deloitte). The results this year have been prepared by carrying out a full valuation of the Scheme's liabilities using membership data at the dates outlined in note 17.1 at 31 December 2020.

## **18. CONTINGENT LIABILITIES**

The contingent liability of Waterways Ireland at 31 December 2020 is €2,236,000, (2019 €1,936,000) The contingent liability cases are:

\* Land was compulsory purchased by Waterways Ireland, the amounts represent reasonable costs including legal fees and claims for compensation are not time bound.

\* As part of a compulsory purchase order an agricultural water-main was subsequently provided to supply drinking water to livestock for the benefit of various adjoining landowners in Leitrim. Various issues have arisen including who is responsible for the charges for the water supply to the various landowners and the liability regarding the repair and maintenance of the water-main which is leaking. Discussions are ongoing and the costs reflected in this case are to cover the cost of replacing the watermain. The value is Waterways Ireland best estimate and there is no possibility for reimbursement.

Based on past experience and calculated at 60% of the best estimate, the contingent liability on the above totals €236,000.

\* Two employment tribunal cases in the cases of McCloud and Sargeant were brought against the UK Government in relation to possible discrimination in the implementation of transitional protection following changes made to public service pension scheme legislation in the UK in 2015.

In December 2018, the Court of Appeal ruled that the transitional protections gave rise to unlawful discrimination on the basis of age. The UK Government requested leave to appeal this decision to the Supreme Court, however the request was denied on 27 June 2019.

The Department of Finance (Northern Ireland) continues to liaise with HM Treasury for proposals to address age discrimination in the wider public service schemes, as a consequence of the McCloud ruling. The Department's public service pensions consultation to remove the discrimination identified by the courts in the 2015 pension reforms closed in November 2020 and the outcome of the consultation was published on 25 February 2021. Details of the consultation response are available at:

<https://www.finance-ni.gov.uk/publications/response-consultation-proposed-changes-transitional-arrangements-2015-schemes>

The rectification process is expected to be long and time-consuming, and will need to address fairly the issue of pension accruals since 2015 and where individuals may have been better off in new schemes. In this regard certain staff of Waterways Ireland who are scheme members of the Scheme, may need to be compensated for any discrimination suffered as a result of the transitional protections.

Quantifying the impact of the judgement at this stage is difficult as it will depend on the compensation awarded, members' future salary increases, length of service and retirement age, and whether (and when) members withdraw from active service. The terms of any possible settlement will require further consideration which will need approval by both the Department of Finance (Northern Ireland) and the Department of Public Expenditure and Reform (Ireland).

On this basis, no provision has been made in the accounts for the McCloud/Sargeant judgment. The N/SPS Administrator estimates that any compensation payable by Waterways Ireland will be up to £2,000,000.

## **19. PERFORMANCE AGAINST KEY FINANCIAL TARGETS**

Annual business plans are presented to North South Ministerial Council and approved. The financial targets set for Waterways Ireland by the Sponsor Departments and DPER and DoF is that spend is to be maintained within budget limits. This was achieved. Non-financial targets were also set and are reported in Part 3 of the Annual Report.

Waterways Ireland's 2020 Business Plan was retrospectively approved by the Sponsor Departments, Finance Departments and the North South Ministerial Council (NSMC) in December 2020.

DfI implemented contingency arrangements, put in place by DoF to enable the payment of funding to Waterways Ireland in 2020.

## **20. RELATED PARTY TRANSACTIONS**

Waterways Ireland is a cross border implementation Body sponsored by DHLGH and DfI. These departments are regarded as related parties and during the year, Waterways Ireland was principally funded by these departments and had various transactions with them. Waterways Ireland has procedures in place to manage conflicts of interest and these were compiled within the period under review.

None of the members of the key management staff of Waterways Ireland or their related parties has undertaken any material transactions with Waterways Ireland during the financial year 01 January 2020 – 31 December 2020.

## **21. LOSSES REGISTER**

A Losses Register is maintained by Waterways Ireland. Losses recorded during the year amounted to €603,000 (2019 €922,000) and have been incorporated within these accounts where the cost relates to this financial year.

Losses Statement	2020	2019
	€	€
Compensation Payment - Public Liability Claims	208,356	141,766
Employee Liability Claims	328,141	654,612
Fruitless Payment - mainly Revenue Late Payment and Penalties	1,236	97,814
Constructive Loss	-	-
Late Payment of Debt	6,119	3,400
Stores and Plant Losses	37,003	21,481
Redundancy Payments	20,756	-
Abandoned Claims	1,650	3,274
<b>Total</b>	<b>603,261</b>	<b>922,347</b>

Employee liability claims in 2020 relate to three employees involved in workplace incidents and the payment of legal fees for an employee case settled in 2019. In 2019 payments to Revenue were for Country Money related interest and penalties of €92,220 and under payment of VAT on the receipt of reverse charge services of €5,594.

## **22. FINANCIAL INSTRUMENTS, LIQUIDITY, INTEREST RATE AND FOREIGN CURRENCY RISK**

### **22.1 FINANCIAL INSTRUMENTS**

Due to the non-trading nature of its activities and the way Waterways Ireland is financed, it is not exposed to the degree of financial risk faced by business entities. The Financial Memorandum permits Waterways Ireland to borrow subject to the prior approval of the Sponsor Departments and the Finance Departments, which has not been sought. The financial assets and liabilities are generated by day-to-day operational activities and are not held to change the risks facing Waterways Ireland in undertaking its activities. Financial instruments mainly consist of cash, receivables and payables.

### **22.2 LIQUIDITY, INTEREST RATE AND FOREIGN CURRENCY RISK**

Waterways Ireland's net revenue resource requirements are financed by resources voted annually by the Northern Ireland Assembly and Dáil Éireann, as is its capital expenditure. It is not therefore exposed to significant liquidity risks.

Waterways Ireland does not access funds from commercial sources and so is not exposed to significant interest rate risk.

Waterways Ireland's transactions are effected in the currencies of each part of Ireland, with recorded gains and losses being taken to the Statement of Comprehensive Income and Income Statement, facing significant exchange rate uncertainty.

## **23. EVENTS AFTER THE REPORTING PERIOD**

There are no events to report after the reporting date.

The Annual Report and Accounts for the year ended 31 December 2020 were authorised to be issued on 14 December 2021 by the Accounting Officer.

## Accounts Direction Waterways Ireland


ACCOUNTS DIRECTION GIVEN BY THE NORTHERN IRELAND DEPARTMENT FOR INFRASTRUCTURE, THE IRISH DEPARTMENT OF CULTURE, HERITAGE, AND THE GAELTACHT WITH THE APPROVAL OF THE FINANCE DEPARTMENTS, IN ACCORDANCE WITH THE NORTH/SOUTH CO-OPERATION (IMPLEMENTATION BODIES) (NORTHERN IRELAND) ORDER 1999 AND THE BRITISH-IRISH AGREEMENT ACT 1999.

The annual accounts shall give a true and fair view of the Income and Expenditure and cash flows for the financial year, and the state of affairs as at the year end. Subject to this requirement, the body shall prepare accounts for the financial year ended 31 December 2017 and subsequent financial years in accordance with:

- a. The North/South Implementation Bodies Annual Reports and Accounts Guidance;
- b. Other guidance which Finance Departments may issue from time to time in respect of accounts which are required to give a true and fair view;
- c. Any other specific disclosures required by Sponsoring Departments;

except where agreed otherwise with Finance Departments, in which case the exception shall be described in the notes to the accounts.

**Signed by authority of the  
Department for Infrastructure**



Name  
29 June 2018

**Signed by authority of the Department of Housing, Local Government and Heritage**



Name: Kathleen Licken (Secretary General)  
28 June 2018

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

# 2020



## RÉAMHRÁ

- ATHBREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

### 1. UISCEBHEALAÍ ÉIREANN

- FAOI UISCEBHEALAÍ ÉIREANN
- STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL
- FOIREANN SHINSEARACH BHAINISTÍOCHTA
- RIALACHAS CORPARÁIDEACH

### 2. ÁR STRAITÉIS

- ÁR DTIMPEALLAHT OIBRIÚCHÁIN
- ÁR STRAITÉIS
- ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA
- RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA

### 3. ATHBREITHNIÚ FEIDHMÍOCHTA


- PAINDÉIM COVID-19
- BAINISTÍOCHT AGUS COTHABHÁIL
- COMHSHAOL AGUS OIDHREACHT
- DÁIMH AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT
- FORBAIRT AGUS IONCAM
- EAGRAÍOCHT AGUS POBAL

### 4. ATHBREITHNIÚ AIRGEADAIS

- RÉAMHRÁ CUNTAS
- RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ
- RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH
- TUAIRISC AR ÍOCAÍOCHTAÍ
- TEASTASINIÚCHTA
- RÁITEAS AR IONCAM AGUS AR IONCAM CUIMSITHEACH
- RÁITEAS AR STÁDAS AIRGEADAIS
- RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID
- RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS
- NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS
- TREOIR NA gCUNTAS

# RÉAMHRÁ

- ATHBREITHNIÚ AN  
PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bheadh sé dodhéanta scríobh faoi 2020 gan tagairt a dhéanamh do phaindéim COVID. Paindéim ata ann nach raibh meas aici ar aon teorainn agus a chuaigh i bhfeidhm ar chách – ar phobail, ar gheilleagar, ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair. Déanaim féin agus déanann Uiscebhéalaí Éireann comhbhrón le gach íospartach agus lena dteaghlaigh.

Ghlac Uiscebhéalaí Éireann cur chuige tomhaiste, tuisceanach le linn na paindéime. Mar chomhlacht trasteorann a fhaigheann comhairle agus treoir laistigh de dhá dhlínse d'oiríomar ar phrionsabal pragmatach an chaighdeáin is airde .i. ghlacamar an treoir is airí. Ar an dea-uair, is beag cás a bhí ann ina raibh difríocht idir treoir thras-dhlínse, a chruthaigh coinbhleacht. Is é 4% an ráta deimhneachta cásanna COVID laistigh d'Uiscebhéalaí Éireann, rud a léiríonn na gníomhartha a glacadh le linn 2020 agus ag leanúint ar aghaidh go dtí 2021. Leanann ceannairí sinsearacha ar ár bhfoireann tionscadail COVID-19 de theacht le chéile ar bhonn seachtainiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus breithniú a dhéanamh ar chásanna leanúnacha agus todhchaí. Ba é ár bhfoireann agus ár gcustaiméirí a chosaint agus scaipeadh an víris a shrianadh an sprioc ba thábhactaí sláinte agus sábháilteachta a bhí againn le linn 2020. Is doiciméad beo é Plean Freagartha COVID-19 Uiscebhéalaí Éireann a chuimsíonn léarscáileanna bóthair nuashonraithe a léiríonn riachtanais straitéiseacha agus oibríochtúla ár bhfoirne agus ár gcustaiméirí.

Gan amhras, cuireadh isteach ar an loingseoireacht ar ár n-Uiscebhéalaí le linn 2020, go háirithe le linn dianghlásála, de réir mar a chuireamar treoir um shláinte phoiblí i bhfeidhm ar fud ár n-eastát. Os a choinne sin, taobh amuigh den dhianghlásáil, bhí gníomhaíocht ar uisce ag leibhéal éilimh nach bhfacthas riamh cheana, go háirithe feadh loingseoireacht na Sionainne áit ar baineadh úsáid ionlán as soláthar crúsála ar cíos sa samhradh. Tháinig méadú as cuimse ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den uisce agus go háirithe ar shiúlóid ar ár gcosáin agus ar ár gcosáin tarraigthe agus daoine ar lorg gníomhaíochta lasmuigh chun an intinn agus an corp a neartú trí acláiocht agus aer úr. Tá dea-bhail mheabhrach dár gcustaiméirí agus dár bhfoireann mar phríomhcheist againnanois.

Tugann infhaighteacht vacsaíní agus cur i bhfeidhm na gclár vacsaínithe léas dóchais agus dóchas athnuaithe dár sochaí. Athraíodh ár smaointeoirreacht go dtí straitéis ionad oibre a phleanáil a chruthóidh samhail oibre hibrideach níos solúbtha don fhoireann. In 2020, léiríodh go bhfuil an tecneolaíocht, acmhainní agus bealaí níos cliste oibre tar éis cur isteach ar an tsamhail thraidisiúnta oibrithe oifige amháin. Cuireann samhail oibre hibrideach an fhéidearthacht ar fáil chun am taistil a laghdú agus ag an am céanna a chinntíú go mbíonn an smaointeoirreacht chomhoibríoch, chruthaitheach a spreagtar laistigh de ghrúpaí go fóill ann.

In ainneoin na ndeacrachtaí a tháinig chun cinn le dhá mhí dhéag anuas tá go leor pleananna agus tionscnamh curtha chun cinn ag Uiscebhéalaí Éireann agus tá a dtorthaí le feiceáil go luath in 2021. Leanamar ag díriú ar ár dtrí Dhúshlán Straitéiseacha.

4. **Inniúlacht cheannaireachta agus eagraíochta a mhéadú** - neartaíodh an inniúlacht cheannaireachta le trí cheapachán ceannaireachta shinsearacha. Chuir buiséad incriminteach ár Ranna Coimircíochta ar ár gcumas inniúlacht a bhfuil géarghá leis a thógáil ar fud na heagraíochta, agus chuir buiséad 2021 ar ár gcumas an tógáil acmhainne sin a choinneáil.
5. **Bearnaí maidir le rialachas, rioscaí agus rialú a fheabhsú** - Lean Uiscebhéalaí Éireann ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn seasta maidir le dul i ngleic leis na príomhrioscaí agus bearnaí rialaithe inmhéánaigh ar leagadh béim orthu i dTuarascálacha Bliantúla 2018 agus 2019. Tá níos mó le rá agam faoin phointe seo sa Ráiteas ar Rialú Inmhéánaich laistigh den Tuarascáil Bhliantúil mhéadaithe seo agam. Mar achoimre, táim níos cinnte de go bhfuil bunsraitheanna creatála rialachais le struchtúir agus acmhainní cuí ag druidim le hoiriúnacht don fheidhm. Maidir leis seo, ba mhaith liom ár Ranna Coimircíochta a mholadh as a dtacaíocht agus iad ag tacú lenár gcur chuige maidir le feabhsuithe rialachais ar feadh 2020 agus ag túis 2021.
6. **Plean straitéiseach fadtéarmach 10 mbliana a fhorbairt** – tá feabhas curtha ar an phleanáil

straitéiseach fhoriomlán laistigh den eagraíocht. Faomhadh Pleananna Corparáideacha agus Gnó ó bhlianta roimhe seo ag Cruinniú Earnála na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas i mí na Samhna 2020. Faomhadh ár bPlean Gnó 2021 freisin. Tá Plean Fadtéarmach 10 mbliana ina chéimeanna deiridh agus beidh sé ar fáil le dul i ngleic leis na foirne Ceannaireachta in Uiscebhealaí Éireann agus sna Ranna Coimircíochta i R1 2022.

Leagfaidh an pleán fadtéarmach 10 mbliana amach ár scála uaillmhéine thar roinnt tosaíochtaí straitéiseacha. Aithneoidh sé, trí phleanáil fhadtéarmach, an gá atá leis an straitéis a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ag admháil nach féidir gach rud a bhaint amach thar oíche. Déanfaidh sé sinn a athshuíomh ar thuras fáis le deiseanna forbartha bunathraithe ar fud ár n-eastát. Ní mór an léiriú seachtrach seo ar uaillmhian a sholáthar go hinmheánach freisin trí athrú cultúrtha agus meon agus muid ag amharc ar an am atá le teacht.

D'ainneoin na ndúshlán uathúil a tháinig le COVID le linn 2020, táim sásta go bhfuil dul chun cinn déanta againn ar go leor dár bpleananna agus dár dtionscnaimh a d'fhág go bhfuil muid in ann tuilleadh fuinnimh a bhaint amach in 2021. Seo thíos liosta gearr de na héachtaí:

- Bronnadh Gradam Glas na hEarnála Poiblí, a bhfuil ardmheas air, ar Uiscebhealaí Éireann in 2020, rud a léiríonn ár dtiomantas do ghníomhaíocht aeráide, bithéagsúlacht, bainistíocht uisce agus dramhaíola chomh maith le feachtas chuimsitheacha ardú feasachta intí agus i measc páirtithe leasmhara;
- Bhí smacht láidir ar bhuiséad caiteachais reatha, gan aon réimsí suntasacha imní ann.
- Bhí caiteachas capitiúil de réir sprice in ainneoin na ndúshlán a bhain le cloí le treoir maidir le sláinte phoiblí agus le dianghlásail. Mholfaínn go háirithe an obair i Míleac, Co. na Gaillimhe, áit ar sháraigh ár bhfoirne sna Seirbhísí Teicniúla agus i Réigiún an Iarthair deacrachtaí oibriúcháin agus conarthachá nach rabhthas ag súil leo;
- Cuireadh straitéis agus pleán i bhfeidhm chun rátaí comhlíonta ar feadh ár gcanálacha a fheabhsú sna codanna deiridh de 2020. Tá rátaí comhlíonta os cionn 80% anois ar feadh ár slite loingseoirreachta agus baineadh go leor soithí báite tréigthe. Tá bonn láidir le tógáil uirthi do 2021 agus molaim foireann na cigireachta as a dtiomantas i dtimpeallacht a d'fhéadfadh a bheith deacair;

• Tháinig méadú ar an dúshlán a bhaineann le báid chónaithe nó báid cónaí ar bord neamhrialaithe agus tugann meastacháin anois go bhféadfadh breis agus céad caoga báid chónaithe bheith ar ár slite loingseoirreachta. Tá an t-éileamh ar bháid chónaithe i bhfad níos airde na an soláthar bonneagair laistigh dár n-eastát. Thug sraith rannpháirtíochta le húinéirí báid chónaithe deiseanna d'Uiscebhealaí Éireann éisteacht le hábhair imní. Tugadh dearbhú nach ndéanfadh Uiscebhealaí Éireann aon bheart aontaobhach. I ndeireadh na dála, mar údarás na loingseoirreachta, ní mór dúinn réitigh fhéideartha a fhiosrú agus is príomhthosaíocht é an dúshlán seo do 2021 agus ina dhiaidh sin. Ní tobréirteach a bheidh i gceist le haon réiteach mar baineann sé le Fodhlíthe a athbhreithníu; suíomhanna bonneagair a aithint; múnlá oibriúcháin a chinneadh; agus maoliniú a bheith ar fáil. Cuirfear scáthchreat straitéiseach ar fáil do Bhaile Átha Cliath, a chuimseoidh 'Pobail Bheo' chun cinn le linn 2021.

- Ar an dóigh chéanna, tá pleánáil chun cinn ag ár bhfoirne in Oibríochtaí an Oirthir, Réadmhaoin agus Dlí, agus Margáiocht agus Cumarsáid do lainseáil R1 2021 den għlasbhealach is faide in Éirinn – Glasbhealach na Canála Ríoga a shíneann 130 ciliméadar ó Mhá Nuad i gContae Chill Dara go Cluain Dá Rath i gCo. an Longfoirt ;
- In 2020, aimsíodh €6 mhilliún de mhaoiniú ón gCiste Oileán Comhroinnt, agus rinneadh iarratas le Catagóir 1 chuig an Róinn Forbartha agus Tuaithe i mí Feabhra 2021 ar an iarmhéd (€6 mhilliún) le hathchóiriú a dhéanamh ar Chéim 2 de Chanáil Uladh;
- Rinneadh dul chun cinn ar an obair le linn 2020 le cora Mhílice a dheisiú. Cuireadh moill ar na hoibreacha in 2020 mar gheall ar COVID-19, ar dhrochaimsir agus ar dheacrachtaí airgid a bhí ag an gconraitheoir. Ó shin, chruthaigh Uiscebhealaí Éireann samhail nua le gur féidir an obair atá fós le déanamh in 2021 a chur i gcrích gan an conraitheoir. Déanfaidh na hoibreacha críochnaithe struchtúr na gcoraí a dheisiú; sábhalteachta fheabhsú dár bhfoireann oibriúcháin trí 27 cora claonta a oibrítear go meicniúil a sholáthar; An príomhchóras oibriúcháin bualchomhla a fheabhsú; slí iasc a fheabhsú agus slite eascann a sholáthar. Le leas na smaointeoirreachta agus an dearaidh nuálaigh tógadh cosán nua 295m inrochtana don phobal ar bharr na gcoraí claonta. Nascann an cur chuige nuálach seo Míleac i gCo. na Gaillimhe agus Lusmhaigh i gContae Uíbh Fháilí – Ag Nascadh Contaetha, Ag Nascadh Pobail. Ar a chriochnú, beidh thart ar €3.5m infheistithe ag Uiscebhealaí Éireann sa tionscadal le tacaíocht ón Róinn Tithíochta Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

- Bhí Crios Foghlama Uiscebhealaí Éireann le feiceáil ar Mhol Baile Scoile RTÉ. Dearadh mol baile scoile RTÉ le cabhrú le tuismitheoirí teagasc sa bhaile a dhéanamh le linn na dianghlásá trí acmhainní éagsúla a bhfuil naisc churaclaim acu a thaispeáint. I measc acmhainní oideachais Uiscebhealaí Éireann tá réimse gníomhaíochtaí agus acmhainní spraiúla idirghníomhacha a chuireann béim ar bhithéagsúlacht agus ar stair Uiscebhealaí Éireann;
- Rinne Uiscebhealaí Éireann RTÉ Nationwide a óstáil le scannánaíocht a dhéanamh ar feadh Na dTrí Dheirfiúr – An Bhearú, An Fheoir agus An tSiúr. Dírfodh ar an Bhearú ar thuras báirse álann ó bhaile Átha Í, áit ar fhág Nationwide an báirse agus áit a raibh siad gníomhach ar Shiúlóid na Bearú. Ba iad Uiscebhealaí Éireann agus *Get Ireland Walking* a smaoinigh ar an imeacht siúlóid Bhealach na Bearú a dhéanamh, le coincheap a fháil ar an smaoineamh taobh thiar den tionscnamh Uiscebhealaí Chun Sláinte. Thacaigh Uiscebhealaí Éireann freisin leis 'The Chronicles of Erne', sraith theilifíse ceithre chláir de chuid an BBC a chlúdaíonn an saol ar Loch Éirne thar tréimhse 12 mhí. Chlúdaigh an clár na séasúr ina dhiaidh sin agus craoladh é ar BBC1 go luath in 2020. Chuir an clár béim ar réimse iomlán den saol agus de ghníomhaíochtaí ar ár slí loingseoireachta ar an Éirne. Níos moille in 2020, thacaigh Uiscebhealaí Éireann le léiriú Channel 5 na Ríochta Aontaithe ar an abhainn is áille in Éirinn –An TSIONAINN thar 12 lá scannánaíochta;
- Bronnadh €140,000 don réamhdhearadh agus measúnú comhshaoil i gcomhair Glasbhealach 41km ó Luimneach go dtí an Scairbh. Leanann tógál bheartaithe an għlasbhealaigh 41 km ar feadh Sheansli Loingseoireachta na Sionainne nascacht le bealaí agus cosáin għlasbhealaí atá ann cheana agus atá beartaite.
- Soláthraíodh corpas cuimsitheach bunlíné de thaighde Bhranda le tuiscint a fháil ar fheasacht, ar thuairimí agus ar shuim úsáideoirí agus an phobail ar fud oiléan na hÉireann le cinní eagraíochtaí níos eolaí agus féidearthactaí straitéise branda a chumasú. Is ionchur bunúsach, barrthábhachtach i bhforbairt straitéise branda in 2021 le gur féidir le branda Uiscebhealaí Éireann, le himeacht ama, bheith ina shócmhainn straitéiseach a thacaíonn lenár bPlean Fadtéarmach agus lenár gcuspóíri a bhaint amach; agus
- In 2020, cuireadh roinnt dul chun cinn digiteach agus TFC i gcrích ar mhaithe le heispéireas an úsáideora a fheabhsú, le héifeachtachtúlachtaí oibriúcháin a fheabhsú agus le deiseanna nua a chruthú. Soláthraíodh sraith tionscadail TFC ailínithe leis an Straitéis TFC lena n-áirítar athsholáthar ár mBalla

Dóiteáin; uasghrádú ar ár gCóras Croí-Acmhainní Daonna; seoladh ár suíomh Gréasán Għlasbhealach na Canála Ríoga ([www.royalcanalgreenway.org](http://www.royalcanalgreenway.org)) agus Canálacha Bhaile Átha Cliath ([www.dublincanals.org](http://www.dublincanals.org)); tógál agus rolladh amach ár gcóras nua bainistíochta riosca don chianobair agus do shlóghadh ár lucht saothair. Ar a bharr sin, i mbliana, críochnaídoh athbhreithniú margáiochta digití le bunlín a bhunú le haghaidh forbairt ár Straitéis Margáiochta Digití, Treochlár, agus clár bunathraithe d'Uiscebhealaí Éireann in 2021.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo chomhgleacaithe in Uiscebhealaí Éireann a aithint agus buóchas a għabbáil leo. Ba bliajin dheacair í do mo chomhgleacaithe ar fad agus dá dteagħlaigh. I gcás roinnt daoine, is obair uaignejach í a bheith ag obair ón mbaile. Níl sé éasca post a bheith agat agus tú ag tabhairt faoi theagasc baile. I gcás daoine eile, chuir diangħlasáil srian ar ár gcumas ár ngaolta a fheiceáil. In aon bliajin ar leith téann leibhéal éigin d'easpa muiníne, de bhrón nó de thragóid i bhfeidhm orainn go lér. In 2020 chuir COVID leis na heispéiris sin, tráth a bhí níos lú daoine le casadh orthu le haghaidh focal cineálta. Bhí mo chomhgleacaithe athlémneach agus dícheallach agus iad ag léiriú brath cumhachtach ar dhualgas. Molaim sibh go lér as bhur dtiomantas le linn na tréimhse deacra seo. Tá muid in áit níos fərr mar għall oraibh.

Go raibh maith agaibh,

*John McDonagh.*

John McDonagh  
Príomhfheidhmeannach  
6 Nollaig 2021



1

# UISCEBHEALAÍ ÉIREANN

- FAOI UISCEBHEALAÍ ÉIREANN
- STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL
- FOIREANN SHINSEARACH BHAINISTÓCHTA
- RIALACHAS CORPARÁIDEACH



## CÉ MUID

Is Comhlacht trasteorann é Uiscebhealaí Éireann, an ceann is mó de shé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann an 10 Aibreán 1998. Tugadh éifeacht intíre don Chomhaontú seo trí Ordú an Chomhoibrithe Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 faoi seach.

Fostaíonn an Comhlacht tuairim is 300 ball foirne atá lonnaithe i roinnt oifigí agus iostaí in aice lenár n-uiscebhealaí intíre agus faigheann siad cúnamh ó fhoireann a earcaítear go séasúrach a léiríonn séasúracht shainchúram na heagraíochta. Ina theannta sin, tá tacáiocht againn ó phobail agus oibrithe deonacha ar fud an 1,000 km de shlite loingseoireachta a chuidíonn le breathnú i ndiaidh limistéir áiseanna na n-uiscebhealaí i mbailte agus i sráidbhailte. Tá ceanncheathrú na heagraíochta in Inis Ceithleann, Co Fhear Manach le hoifigí réigiúnacha i mBaile Átha Cliath, Cora Droma Rúisc agus an Scairbh.

## CAD A DHÉANAIMID

Is sinne an t-údarás loingseoireachta le haghaidh níos mó ná 1,000 km d'uiscebhealaí intíre inseolta, a chuimsíonn Uiscebhealach na Banna lóchartar; Córás na hÉirne; Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne; Loingseoireacht na Sionainne; An Chanáil Ríoga; An Chanáil Mhór; agus Loingseoireacht na Bearú.

Is é ár bhfeidhm reachtúil uiscebhealaí inseolta intíre sonraithe a bhainistíú, a chothabháil, a fhorbairt agus a athchóiriú, chun críocha áineasa go príomha. I mí lúil 2007, leathnaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) ár sainchúram chun freagracht a chur san áireamh as atógáil Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtair go Cluain Eois, agus tar éis athchóiriú a dhéanamh, as a bainistíú, a cothabháil agus a forbairt, go háirithe chun críocha áineasa. Ag a gcrúinní an 10 Meitheamh 2015, d'fháiltigh CATT roimh fhaomhadh Rialtas na hÉireann an 24 Feabhra 2015, leis an chéad chéim d'athchóiriú Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtair go dtí an Lárionad Idirnáisiúnta Gasóga ag Caisleán Saunderson, gar do Bhéal Tairbirt i gCo. an Chabháin, a chur chun cinn. Chomhaontaigh an CATT freisin ag cruinníú mhí an Mheithimh 2015 go mbeadh Uiscebhealaí Éireann i gceannas ar fhorbairt Ghlasbhealach a chur chun cinn ar feadh chonair Chanáil Uladh i gcomhar leis na comhairlí agus na páirtithe leasmhara ábhartha.

Ag leibhéal oibríochta, tá freagracht orainn as bealaí loingseoireachta, cláifort, cosáin tarraingthe, tailte máguaird, cuanta, lamairní, seastáin iascaireachta, droichid, líntéir, uisceirianta, forseithí, loic, bualchomhlaí agus tithe loic chomh maith le foirgnimh agus cartlanna. Meastar gurb ionann luacháil reatha chostais atógála an bhonneagair agus €1 billiún. Tá ár gclár oibre ríthábhachtach chun timpeallacht áineasa shábháilte ardchaighdeáin a chur ar fáil dár gcustaiméiri, agus oidhreacht thionsclaíoch agus comhshaoil na n-uiscebhealaí a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. Ní mór na dúshláin seo a chothromú lenár gcuspóir gníomhaíocht áineasa a mhéadú ar fud ár n-uiscebhealaí go léir.

## AN DÓIGH A nOIBRÍMID

Mar Chomhlacht trasteorann, oibrímid faoi threoir bheartais na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus an dá Rialtas agus táimid cuntasach do Thionól TÉ agus do Thithe an Oireactais. Ar leibhéal riarracháin, tuairiscímid dár Ranna Coimircíochta, don Roinn Bonneagair (DfI) agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO).

Cuirtear maoiniú ar fáil trí dheontais ó airgead a mholann Tionól TÉ agus Tithe an Oireactais. Soláthraíonn Tionól TÉ 15% den mhaoiniú athfhillteach nó cothabhála, agus tagann 85% ó Rialtas na hÉireann, rud a léiríonn dáileadh reatha na n-uiscebhealaí i ngach dlínse. Déanann an dlínse ina ndéantar na hoibreacha cláir chaipítel deisiúcháin bonneagair a mhaoiniú go leithleach. Leanadh le hobair forbartha trí infheistíocht tríu páirtí a mhealladh ó réimse leathan foinsí.

Comhaontaítear ár spriocanna feidhmíochta oibríochtúla leis an dá Roinn Coimircíochta, agus tuairiscímid faoi na spriocanna sin inár gcuinnithe monatóireachta. Déanann na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste atá ina gceannairí ar Oifig Iníúchóireachta TÉ agus Oifig an Ard-Reachtare Cuntas agus Ciste in Éirinn iníúchadh seachtrach ar Thuarascáil Bhliantúil agus ar Chuntais Uiscebhealaí Éireann. Soláthraíonn na hiniúchtaí seachtracha seo dearbhú neamhspleách ar rialtacht agus cuibheas cuntais Uiscebhealaí Éireann agus ár bpróisis maidir le caiteachas, ioncam agus sócmhainní. Tá Coiste Iníúchta ag Uiscebhealaí Éireann freisin, a chuimsíonn comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin, a bhfuil de chúram air comhairle a chur ar an Phríomhfheidhmeannach mar Oifigeach Cuntasáiochta maidir le cibé acu an bhfuil córas rialaithe inmheánaigh ciú i bhfeidhm.


Cuireann Uiscebhealaí Éireann tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí agus ráiteas cuntas faoi bhráid CATT agus na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste do gach

dlínse. Tar éis dheimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste, leagtar an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntas faoi bhráid Thionól TÉ agus Thithe an Oireachtas.

UISCEBHEALAÍ NA hÉIREANN

UISCEBHEALACH NA BANNA ÍOCHTAIR 1

- |  |   |
|--|---|
| CÓRAS NA hÉIRNE                        | 2 |
| UISCEBHEALACH NA SIONAINNE - NA hÉIRNE | 3 |
| UISCEBHEALACH NA SIONAINNE             | 4 |
| AN CHANÁIL RÍOGA                       | 5 |
| AN CHANÁIL MHÓR                        | 6 |
| UISCEBHEALACH NA BEARÚ                 | 7 |
| CANÁIL ULADH                           | 8 |



## LUACH UISCEBHEALAÍ

Cuireann ár n-uiscebhealaí luach eacnamaíoch easpónantúil ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta ar bhonn bliantúil, i gcomparáid leis an leibhéal infheistíocha. Ní féidir na tairbhí a thagann as soláthar agus forbairt an bhonneagair sin a thomhas i dtéarmaí eacnamaíocha amháin ach ní mór féachaint orthu freisin i dtéarmaí luacha don tsochaí agus do cháilfacht beatha daoine. Is comhpháirt thábhachtach iad na huiscebhealaí intíre de na tírdhreacha tuaithe agus uirbeacha laistigh d'oileán na hÉireann agus is ceantair iad atá saibhir i mbithéagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha. Bainistíonn Uiscebhealaí Éireann sócmhainní dar luach €1 billiún. Léiríonn an luacháil seo costas atógála an bhonneagair a théann trí ghnáthóga ardluacha agus a chuidíonn ar go leor dóigheanna lena dtimpeallacht fhisiciúil, le bainistíocht uisce, le pobail áitiúla agus leis an ngeilleagar náisiúnta. Tá réime leathan buntáistí ag baint leis na huiscebhealaí a bheith ann agus cothabháil a dhéanamh orthu, rud a chuireann €560 milliún in aghaidh na bliana 2019 leis an ngeilleagar. Le fírinne, ní féidir luach iarbhír na n-uiscebhealaí intíre a mheas gan an leas a chuireann siad ar bhonn bliantúil leis na geilleagair áitiúla agus náisiúnta, leis an gclár oibre sláinte, le comhtháthú sóisialta, leis an gcomhshaol, leis an gcultúr agus leis an oidhreacht agus leis an bpobal. agus úsáid glúnta amach anseo a chur san áireamh.

## ÁINEAS

Cuireann na huiscebhealaí intíre go mór le geilleagar na gcuairteoirí agus leis an earnáil áineasa. Is cinn scriibe thábhachtacha iad ina gceart féin agus cuireann siad rochtain ar an uisce ar fáil trí réimse de bhonneagar poiblí cumasaithe amhail muiríní, lamairní, feistiú, céanna, dugaí, cuanta, fánain, céimeanna canúála, marcóirí loingseoirreachta, loic etc. Soláthraíonn siad freisin réimse de bhonneagar imeall uiscí lena n-áirítear cosáin tarraingthe, droichid, carrchlóis, cosáin, bloic seirbhise, áiseanna pumpála amach, cosáin siúlóide agus rothaíochta, seastáin iascaireachta agus folacháin éanbhreathnóireachta. Faoi láthair tá 16,127 úinéir bád príobháideach a bhaineann úsáid as uiscebhealaí faoi shainchúram Uiscebhealaí Éireann. Tá an bonneagar seo rithábhachtach chun cur ar chumas cuairteoirí agus daoine áitiúla rochtain a fháil ar an acmhainn le haghaidh réimse leathan de ghníomhaíochtaí uisce agus talamh-bhunaithe chomh maith le naisc a sholáthar chuig nithe is díol spéise do chuaireoirí agus seirbhísí eile. Is ionann luach bliantúil measta Bádóireacht Phriobháideach agus Rochtain ar dheiseanna áineasa ag lochanna agus aibhneacha agus thart ar €200.8 milliún don geilleagar náisiúnta.

## TURASÓIREACHT

Tá tarraingt mhór ag na huiscebhealaí intíre do ghníomhaíocht turasóireachta a spreagann fiontrairthe chun bialanna, siopaí áise, seirbhísí áineasa agus go

deimhin cóiríocht saoire a sholáthar ar fud na gceantar tuaithe agus uirbeach in Éirinn. Mar thoradh ar infheistíocht sna huiscebhealaí freisin méadaítear deiseanna fostáiochta sa tionscal áineasa/turasóireachta/oidhreachta, go háirithe trí chinn scribe nua a sholáthar i gceantair thuaithe agus trí forbairt a dhéanamh ar limistéir mhórélimh atá ann cheana féin. Is ionann luach bliantúil measta Fruiliú Cúrsála agus Slatiascaireachta ar na huiscebhealaí intíre agus €285 milliún measta don geilleagar náisiúnta.

## SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Tá na huiscebhealaí intíre mar chuid den "seirbhís sláinte nádúrtha" – ag spreagadh agus ag tacú le gníomhaíocht fhisiciúil agus shláintíúil faoin aer a spreagann pobail shláintiúla. Tá sé seo fíor go háirithe i gceantair thuaithe ina bhfuil an claoadh ag daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúltá gan a bheith chomh gníomhach lena gcomhghleacaithe uirbeacha. Tá inrochtaineacht áitiúil ar shaoráidí áineasa amuigh faoin aer dea-choimeádtaríthábhachtach chun sláinte daoine áitiúla a fheabhsú. Tá buntáistí maidir le sláinte mar gheall ar gníomhaíocht mhéadaithe an daonra áitiúil cóngarach do chósáin/rotharbhealaí Uiscebhealaí Éireann. Meastar go bhfeabhsaítear an ráta bás geilleagrach de thart ar €35.9 milliún in aghaidh na bliana mar gheall ar chóngaracht na rianta rothar agus siúlóide do na huiscebhealaí intíre.

## POBAL

Soláthraíonn na huiscebhealaí intíre "saotharlann bheo" le haghaidh taighde agus monatóireacht ar an gcomhshaol agus acmhainn thábhachtach d'oideachas agus d'uas-sciliú ár ndaoine óga. Soláthraíonn uiscebhealaí intíre deiseanna oideachais agus oiliúna sa stair, i ngníomhaíochtaí agus sa dúlra. Tá fianaise ann freisin go gcuireann an t-oideachas lasmuigh den scoil le forbairt chruthaitheach leanaí agus lena gcumas déileáil le cásanna san fhíorshaol. Feabhsaíonn oideachas amuigh faoin aer noctadach do réimse cultúir, buanna agus spéiseanna chomh maith le feabhas a chur ar scileanna sóisialta trí rannpháirtíocht agus idirghníomhú.

Spreagann na huiscebhealaí intíre athghiniúint fhisiciúil agus shóisialta – go háirithe i gceantair thuaithe. Is minic a sholáthraíonn siad pointe croíláir do ghníomhaíocht sa phobal agus feabhsaíonn siad comhtháthú sóisialta agus mórtas go leor ceantair thuaithe. Baineann buntáistí don phobal le hathghiniúint pobail arna spreagadh ag imeachtaí Uiscebhealaí Éireann. Is ionann luach bliantúil measta imeachtaí pobail ar na huiscebhealaí intíre agus €9.7 milliún don geilleagar náisiúnta.

## **SLÁINTE ÉICEACHÓRAIS**

Tacaíonn na huiscebhealaí intíre le bithéagsúlacht éiceolaíoch. Tá 80% dá ghabháiltais laistigh de láithreán ainmnithe Eorpach agus soláthraíonn bonneagar glas na n-uiscebhealaí seirbhísí ríthábhachtacha éiceachórais. Ba é €27.9 milliún luach bliantúil measta na dtoilteanas chun íoc as 'stádas maith' cáilíochta uisce a bhaint amach ar fud slite loingseoirreachta Uiscebhealaí Éireann in 2019.

## LÍON IOMLÁN CUAIRTEOIRÍ 2020 >

# 3.5M



1. SIONAIND: 1,509,000
2. AN CHANÁIL MHÓR: 1,069,000
3. AN CHANÁIL RÍOG: 951,000
4. LOCH ÉIRNE: 717,000
5. AN BHANNA ÍOCHTAIR: 605,000
6. SIONAIND-ÉIRNE: 472,000
7. BEARÚ: 436,000

7 nUISCEBHEALACH INTÍRE  
1,000+ KM D'UISCEBHEALAÍ

## LUACH NA nUISCEBHEALAÍ INTÍRE 2019 >

# €560M



€105M  
BÁDÓIREACHT  
PHRÍOBHÁIDEACH



€96M  
ÁINEAS



€52M  
CRÚSANNA AR CÍOS



€233M  
SLATIASCAIREACHT



€35.9M  
SLÁINTE & FOLLÁINE




€9.7M  
IMEACHTAÍ



€27.9M  
CÁILÍOCHT UISCE

# ÁR STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL



Lón Foirne*	An Stiúrthóireacht Airgeadais & Phearsanra	An Stiúrthóireacht Mhargaíochta & Forbartha Gnó	An Stiúrthóireacht Seirbhísí Teicniúla	An Stiúrthóireacht Oibríochtaí	Oifig an Phríomh-fheidhmeannaigh	IOMLÁN
Foireann Ghairmiúil, Theicniúil agus Riaracháin	42	25.6	27.8	37.9	5.8	139.1
Foireann Oibríochtaí			3.0	190.6		193.6
<b>Iomlán</b>	<b>42</b>	<b>25.6</b>	<b>30.8</b>	<b>228.5</b>	<b>5.8</b>	<b>332.7</b>

\* Lón foime ón 31 Nollaig 2020 ar aghaidh

## FOIREANN SHINSEARACH BHAINISTÍOCHTA

Is é John McDonagh an Príomhfheidhmeannach. Bhí John ina Phríomhfheidhmeannach gníomhach le linn 2020 agus ceapadh go foirmiúil é sa ról sin ó shin le héifeacht ón 1 Mártá 2021. Faigheann an Príomhfheidhmeannach tacáiocht ó cheathrar Stiúrthóirí; triúr Bainisteoirí Réigiúnacha; agus foireann ghairmiúil, theicniúil, oibriúcháin agus riarracháin atá lonnaithe ar fud an lónra loingseoireachta Uiscebhéalaí.

<b>Stiúrthóir Airgeadais &amp; Pearsanra</b>	Linda Megahey
<b>Stiúrthóir Mhargaíochta &amp; Forbartha</b>	Andrew Nixon-King
<b>Stiúrthóir Oibríochtaí</b>	Folamh
<b>Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla</b>	Joe McMahon
<b>Bainisteoir an Réigiún Thoir</b>	John McKeown
<b>Bainisteoir an Réigiún Thuaidh</b>	Joe Gillespie
<b>Bainisteoir an Réigiún Thiar</b>	Éanna Rowe

## MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA

<b>Ceanncheathrú</b>	2 Bóthar Shligigh Inis Ceithleann Co Fhearr Manach BT74 7JY Teil: +44 (0) 28 6632 3004	<b>An Réigiún ó Thuaidh Oifig Réigiúnach</b>  <b>An Réigiún Thoir Oifig Réigiúnach</b>  <b>An Réigiún Thiar Oifig Réigiúnach</b>	Uiscebhéalaí Éireann Teach Somerview Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath Cora Droma Rúisc Co Liatroma N41 K5X7 Teil: +353 (0) 71 965 0787
<b>Preasoifig</b>	Uiscebhéalaí Éireann Teach Somerview Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath Cora Droma Rúisc Co Liatroma N41 K5X7 Tel: +353 (0) 71 965 0787		Uiscebhéalaí Éireann Urlár 2, Bloc C Ashtowngate Bóthar na hUaimhe Baile Átha Cliath 15 D15 Y3EK Teil: +353 (0) 1 868 0148
<b>Ionad Cuairteoirí</b>	Uiscebhéalaí Éireann Cé na Canála Móire Baile Átha Cliath 2 D02 ET38 Teil: +353 (0) 1 677 7510		Uiscebhéalaí Éireann Bóthar na Scairbhe Bóthar na nDugaí Baile Driú An Scairbh Co an Chláir V94 H7N1 Teil: +353 (0) 61 922 033

Rphost: [info@waterwaysireland.org](mailto:info@waterwaysireland.org)  
Suíomh Gréasáin: [www.waterwaysireland.org](http://www.waterwaysireland.org)

# RIALACHA CORPARÁIDEACH

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Uiscebhéalait Éireann tiomanta ina chuid oibre ar fad do na caighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach. Tá an eagraíocht freagrach do dhá Roinn Coimircíochta Rialtais - an Roinn Bonneagair i d'Tuaisceart Éireann agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO) in Éirinn. Tá Uiscebhéalait Éireann freagrach as dea-rialachas a chinntí agus comhlíonann siad an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist eagraíochtaí.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh Uiscebhéalait Éireann. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta na treoracha straitéiseacha leathana arna gcomhaontú leis na Ranna Coimircíochta a leanúint agus a chinntí go bhfuil tuiscint shoiléir acu ar na príomhghnámaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an slánaonad, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar theagmháil dhíreach idir na Ranna Coimircíochta agus bainistíocht Uiscebhéalait Éireann.

## AN FHOIREANN SHINSEARACH BHAINISTÍOCHTA

Cuimsíonn an Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta an Príomhfheidhmeannach; an Stiúrthóir Airgeadais agus Pearsana; an Stiúrthóir Margaíochta agus Forbartha; an Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla; agus triúr Bainisteoirí Réigiúnacha ó réigiún oibríochta an Tuaiscirt, an Iarthair agus an Oirthir. Tagann an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta le chéile ar bhonn míosúil le hathbhreithníú a dhéanamh ar chúrsaí straitéiseacha agus oibriúcháin, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteach; airgeadas; acmhainní daonna; agus gach mír eile maidir le monatóireacht agus tuairisciú rialachas corparáideach.

## RANNA COIMIRCÍOCHTA

Le linn na bliana déantar Cruinnithe den Choiste Monatóireachta a óstáil idir Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí Uiscebhéalait Éireann agus ionadaithe ónár Ranna Coimircíochta Rialtais (An Roinn Bonneagair agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) chun dul i gcomhairle maidir le cúrsaí straitéiseacha agus oibriúcháin lena n-áirítear na míreanna sin den chlár oibre a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhair imní phoiblí nó pharlaiminte, lena n-áirítear cineál, scála agus dóchúlacht saincheisteanna agus rioscaí a

d'fhéadfadh a bheith ann. Bhí trí Chruinniu Monatóireachta ann le linn 2020.

## COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire in 2020. Faigheann an Coiste na tuarascálacha ón Iníúchadh Inmheánach agus ó na hIníúchóirí Seachtracha, agus déanann sé iad a mheas agus athbhreithníonn sé na ráitis airgeadais agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm ag Uiscebhéalait Éireann. Brehinnigh an Coiste gach tuarascáil Iníúchta Inmheánaigh. Brehinnigh an Coiste freisin Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntas an Chomhlachta atá á n-iníúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i d'Tuaisceart Éireann agus ag Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann.



Glasbóthar na Canála Ríoga

## COMHIONANNAS AGUS MÍCHUMAS

D'aontaigh Uiscebhéalait Éireann in 2018 go leanfar de na Pleananna Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Míchumas 2016 agus 2017 a chur i bhfeidhm go dtí deireadh 2020 lena chur ar chumas Uiscebhéalait Éireann pleananna don todhchai a fhorbairt in ailníu díreach le Plean Corparáideach nua.

Tá tiomantas do chomhionannas deiseanna a chur chun cinn lárnach dár bpróisis oibre agus dár gcláir forbartha go léir. Mar shampla, cuireann an Clár Imeachtaí bliantúil chun cinn comhionannas rochtana ar na huiscebhealaí atá faoinár sainchúram agus féachann an Plean Gníomhaíochta Dearfáil le próifil Uiscebhéalait Éireann sa phobal Phrotastúnach a fheabhsú agus tá sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar éagothroime a aithnítear sa linn iarratasóirí ar dheiseanna fostáiochta. Soláthraíonn ár gclár oideachais / foghlama deiseanna taithí oibre do mhic léinn socrúcháin. Tugann na ceardlanna Island Explorers, Waterways Wildlife Wonders agus "lomramh

ó na Laethanta a Bhí - Bithéagsúlacht don Todhchaí” daltaí ó scoileanna áitiúla amach ar an uisce le foghlaim faoi bhithéagsúlacht agus oidhreacht trí oideachas comhroinnt, agus ag an am céanna spraoi a bheith acu agus scileanna nua a fhoghlaim. Cuirtear imeachtaí oideachais ar fáil don scoil ar bheagán costais nó gan aon chostas, rud a thugann an deis do gach dalta rochtain a fháil ar chláir spráíúla agus oideachasúla agus laghdaítear an baol go mbeadh costas/míchumas ina bhac ar rochtain nó rannpháirtíocht. Cé go bhfuil muid eolach ar an tionchar atá ag srianta Covid-19 ar sheachadadh roinnt gnéithe de na Pleananna Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Míchumas 2020, dirítear thosaíocht ar meabhairshláinte agus folláine ár bhfoirne, agus fostaithe agus iad ag tabhairt faoi chúrsaí ar líne ar:

- Strus a Bhainistiú san Áit Oibre;
- Meabhairshláinte agus Folláine san Áit Oibre;
- Tú féin a Chosaint agus Tú ag Obair ón mBaile;  
agus
- Éagsúlacht agus Cuimsiú.

# 2

## ÁR STRAITÉIS

- ÁR dTIMPEALLAHT OIBRIÚCHÁIN
- ÁR STRAITÉIS
- ÁR dTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA
- RANNPHÁIRTEACHAS LE PÁIRTITHE LEASMHARA



## RÉAMHRÁ

Tá timpeallacht oibriúcháin Uiscebhéalaí Éireann rialaithe, polaitiúil, dinimiciúil, faoi réir athraithe agus faoi ghrinnscrúdú poiblí seasta. Tá sé tábhachtach mar sin athbhreithniú a dhéanamh ar an mhacrathimpeallacht ina n-oibríonn Uiscebhéalaí Éireann leis an tionchar ar sholáthar ár gcumas ár gcuaspóirí straitéiseacha a mheas.

Tugadh faoi anailís ardleibhéal Pholaitiúil, Chomhshaoil, Shóisialta, Theicneolaíochta, Eacnamaíochta agus Dhlí (PESTEL) in 2020 leis na cúinsí reatha ina bhfeidhmíonn Uiscebhéalaí Éireann a thuisceint. Baineadh úsáid as an anailís seo chun Plean Corparáideach 2020-2022 agus Plean Gnó 2020 a threorú. Leagtar amach thíos na tuairimí agus na príomhthorthaí.

## POLAITÍOCHT

IMEACHT RA ÓN AE: Chruthaigh imeacht RA ón AE go leor éiginnteachta d'eagraíochtaí a bhfuil oibríochtaí trasteorann acu agus tá eagsúlacht pholaitiúil agus reachtach i mbaol idir an tAontas Eorpach (AE) agus an Ríocht Aontaithe (RA). D'fhéadfadh difríocht i réimsí beartais idir Éire agus TÉ dul i bhfeidhm ar Uiscebhéalaí Éireann go hoibríochtúil, nó eile. Leanann an éiginnteacht maidir le prótacal Thuaisceart Éireann agus tá an tionchar féideartha ar Uiscebhéalaí Éireann le feiceáil.

AONAD UM OILEÁN COMHROINNTE: Tá 'Aonad um Oileán Comhroinnte' bunaithe ag Roinn an Taoisigh le tionscnamh uile-oileánda a bhrú chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an aonad seo: tras-chomhoibriú a thiomáint; dul i ngleic le dúshláin straitéiseacha uile-oileánda; comhoibriú a neartú i bpriomhréimsí amhail oideachas agus turasóireacht; agus forbairt bhereise a dhéanamh ar Réigiún an Iarthuaiscirt agus na Teorann. Ina theannta sin, tá €500 milliún leithdhálte ag Rialtas na hÉireann, ina bhuiséad do 2021, do thionscadail trasteorann lena n-áirítear infheistíocht i gconair iompair an A5 agus forbairt Chanáil Uladh. I mí na Nollag 2020 cheadaigh Rialtas na hÉireann €6 mhilliún de mhaoiniú ón gCiste Oileán Comhroinnte chun athchóiriú leanúnach Chanáil Uladh a chumasú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Ghlasbhealach Chanáil Uladh.

## EACNAMAÍOCHT


COVID-19: Bhí orainn aghaidh a thabhairt ar chás nach bhféadfaí a shamhlú i rith 2020 agus is dócha go leanfaimid ag tabhairt aghaidh ar COVID-19 agus é ag dul i bhfeidhm ar gach gné dár sochaí agus dár ngeilleagar. Is é an sprioc atá ann fós scaipeadh an víris a laghdú, agus ár n-uiscebhealaí a choinneáil ar oscailt i rith an ama. Agus é sin á dhéanamh againn, ní mór dúinn fós

a chinntiú go gcloímid le rialacha an mhodha oibre nua, le go gcoinneoidim na gnóthachain atá déanta againn, agus go leanfaimid le scaipeadh an víris a chosc.

MAOI NIÚ AN RIALTAIS: Tá méadú tapa tagtha ar chaiteachas rialtas na hÉireann don bláthain fhioscach 2020 agus meastar go bhfanfaidh sé ardaithe go dtí 2021. Tá easnamh buiséid díreach os cionn €25 billiún tuartha do 2020 agus meastar go dtitfidh sé seo go dtí thart ar €15 bhilliún in 2021 nuair a fheabhsaíonn fáiltais chánach agus a laghdaíonn tacáiochtaí rialtais. I dTÉ, ciallaíonn spleáchas a heacnamaíochta ar aistrithe ón mBreatain Mhór go bhfuil TÉ i mbaol go mbainfear suaitheadh polaitiúil agus eacnamaíoch a théann i bhfeidhm ar an RA aisti.

IMEACHT RA ÓN AE: Mar gheall ar na dlúthnaisc eacnamaíocha idir TÉ agus Éire, is ceist thar a bheith íogair don dá dhlínse é Breatimeacht. Má leanann éiginnteacht ar aghaidh leis an bprótacal, d'fhéadfadh na tionchair seo a leanas teacht chun cinn: laghdú féideartha 30% ar easpórtálacha na hÉireann chun na Breataine; ardú ar dhífhostaíocht; doimhníú ar éagothroime réigiúnach; agus impleachtaí do ghluaiseacht trasteorann daoine agus earrai.

TIONSCADAL ÉIREANN 2040: Is tosaíocht bheartais é an Creat Pleanála Náisiúnta (CPN) in Éirinn a threoróidh pleanáil agus forbairt straitéiseach ardleibhéal don thír thar an 20 bliain atá romhaínn, le go mbeidh an fás sin inbhuanaithe de réir mar a théann an daonra i méid (i dtéarmaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil). Tá eolas ag Uiscebhéalaí Éireann ar chuspóirí an chreata pleanála seo le hailíniú leanúnach a chinntiú.



Uiscerian Whitworth, An Chanáil Ríoga

## SÓISIALTA

AG OBAIR ÓN mBAILE: Is treocht atá ag dul i méid é oibriú ón mbaile ar cuireadh dlús leis mar gheall ar thús COVID-19. Thug an t-athrú seo ar shocruithe oibre agus laghdú ar chomaitéireacht níos mó ama do dhaoine le caitheamh ar spórt agus ar chaitheamh aimsire ar ár n-uiscebhealaí agus ar an spás thart orthu.

SAOIRE SA BHAILE: Le méadú phaindéim dhomhanda COVID-19, tabhairt isteach na dianghlásála agus le taisteal idirnáisiúnta laghdaithe, tá go leor turasóirí tar éis iompú ar thaisteal baile. Is deis fhéideartha d'Uiscebhealaí Éireann é an treocht seo maidir le saoire sa bhaile atá ag méadú.

EILEAMH AR ÁINEAS: Mar thoradh ar COVID-19 agus ar thabhairt isteach dianghlásála, cuireadh iallach ar go leor saoráidí áineasa laistigh, mar ghiomnáisiamaí, a n-acmhainn a dhúnadh nó a laghdú. Mar thoradh air sin, tá daoine tar éis oiriúnú go tapa le bealaí nua a aimsiú lena bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach a choinneáil.

CREAT ÉIRE FHOLLÁIN: Is creat náisiúnta é an Creat Éire FHolláin 2019-2025 chun sláinte agus folláine an daonra a fheabhsú don ghlúin atá le teacht. Feidhmíonn sé mar threoirleabhar do shláinte agus folláine fheabhsaithe in Éirinn. Mar sin tá sineirgí idir ár gcuid oibre agus spriocanna an Chreata Éire FHolláin. Tá deis ann ailiniú níos fearr leis an gcreat agus leis na huiscebealaí mar acmhainn don fholláine fhisiciúil agus mheabhrach.



Cosán Cláir ar Snámh., Loch na hAcra, Liatroim

## TEICNEOLAÍOCHT

SLÁNDÁLA FAISNÉISE: Tá an t-aistriú ollmhór chuig cianobair de bharr COVID-19 tar éis deiseanna nua tairsí a thabhairt do chibearchoirpigh le tairbhe a bhaint as eagraíochtaí chun críocha ríomhairí a dhíchumasú, sonrai a ghoid nó úsáid a bhaint as ríomhaire sáraithe mar phointe seolta d'ionsaithe eile. Tá nósanna imeachta agus córais láidre i bhfeidhm ag Uiscebhealaí Éireann le slándáil faisnéise a bhainistiú ó bhalla dóiteáin teipaistriú cültaca le hiomarcaíocht insuite chun cosaint 24/7 a chinntí do mhonatóireacht tráchta ríomhphoist agus oiliúint feasachta foirne.

FUINNEAMH INBUHUANAITHE: Le fiche bliain anuas tá méadú suntasach tagtha ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaithe ar fud an domhain. Ó tharla go bhfuil flúirse uiscebhealaí agus sócmhainní talún ag Uiscebhealaí Éireann, tá sé tábhachtach dúinn a bheith feasach ar threochtaí sa spás fuinnimh in-athnuaithe agus conas a d'fhéadfadh an eagraíocht í féin a chur chun cinn le cabhrú le spriocanna fuinnimh in-athnuaithe a bhaint amach agus leas a bhaint as ioncam féidearthá a ghiniúint.

RÉALTACHT MHÉADAITHE AGUS FHÍORÚIL: Is féidir le Taithí Úsáideora, Réaltacht Mhéadaithe agus Réaltacht Fhíorúil athrú a dhéanamh ar an mbealach a bhraitheann custaiméirí ar a dtimpeallacht agus, mar sin, cuireann siad luach eacnamaíoch, eispéireasach, sóisialta, cultúrtha, stairiúil agus oideachasúil ar pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

UATHOIBRIÚ: Is féidir le huathoibriú gníomhaíochtaí eagraíochtaí feidhmíochta a fheabhsú, trí earráidí a laghdú agus cáilíocht agus luas a fheabhsú, agus i gcásanna áirithe toortháí a bhaint amach a théann níos faide ná cumaí an duine. Tá de cumas in Uiscebhealaí Éireann gníomhaíochtaí uathoibrithe a leathnú agus a thabhairt isteach tuilleadh do ghnéithe dá ghníomhaíochtaí, amhail oibriú spriong-ghlas nó Feithiclí Uathrialacha Faoi Uisce (AUVanna).

MARGAÍOCHT DHIGHITEACH: Baineann margáiocht dhigiteach le fógraíocht a sheachadtar trí ardáin dhigiteacha amhail innill chuardaigh, suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, ríomhphost agus feidhmchláir mhóibíleacha. Trí thionchar a chur i bhfeidhm ar chainéil meán ar líne dá leithéid, is í an mhargaíocht dhigiteach an modh trína bhformhuiníonn eagraíochtaí earraí, seirbhísí agus brandaí. Ailíníonn úsáid mhéadaithe na margáiochta digití le cumaíse mhéadaithe anailíse sonrai agus baintear úsáid as KPlanna chun feidhmíochta a bhaint amach. Agus faisnéis úsáideoirí á gcomhbhailíú, beidh Uiscebhealaí Éireann i roicht níos fearr lena riachtanais custaiméirí a thuiscint agus mar sin margáiocht a shaincheapadh dá réir.

## COMHSHAOL:

ATHRÚ AERAÍDE: Faoi láir na haoise (2041-2060): Meastar go dtiocfaidh méadú 1 go 1.6 céim ar an teocht i gcomparáid le tréimhse bhonnlíne 1981 - 2000, agus na harduithe is mó san oirthear; agus táthar ag tuar go n-éireoidh aeráid na frasaíochta níos athraithí, le méaduithe suntasacha réamh-mheasta i dtréimhsí tirime agus sealanna frasaíochta throma ar aon. Bíonn tionchar ag na dálaí athraitheacha aeráide ar an dóigh a gcuirimid an obair i gcrích. Taobh amuigh de dhálaí as cuimse tulite, teastaíonn breis bainistíochta uisce le tréimhsí fada báistí an-trom chun struchtúir leochara amhail cláifort na gcanálacha a chosaint. Cuireann leibhéal arda uisce bac freisin ar sholáthar oibreacha caipítill. Tá

speiceas ionrach go fóill ina bhagairt ar ghníomhaíocht bádóireachta ar na huiscebehealaí. Tá ról ceannaireachta ag an Rialtas/an Feidhmeannas agus ag comhlachtaí poiblí lena n-áirítear Uiscebehealaí Éireann maidir le gníomhartha luatha agus leanúnacha a ghlacadh chun tacú le spriocanna dícharbónaithe na tíre a bhaint amach agus lenár ngníomhaíochtaí a chur i láthair an phobail.

**AN CISTE UM GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE:** Tiomántóir straitéiseach é an Ciste um Gníomhú ar son na hAeráide a fógraíodh mar chuid den Chlár don Rialtas in Éirinn le cuidiú le haistriú an stáit go geilleagar ísealcharbón. Cuirfear thart ar €500 milliún ar fáil mar chuid den Chiste, a thacaíonn le hiarrachtaí um ghníomhú ar son na haeráide sna seacht mbliana atá romhainn. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an ciste seo ar 'lorg glas' na heagraíochta a mhéadú agus ar inbhuanaitheacht chomhshaoil níos fearr a thabhairt isteach inár sócmhainní agus oibríochtaí.

**AN BILLÉ UM GNÍOMHÚ AERÁIDE TÉ:** Tá dréacht-reachtaíocht le tacaíocht traspháirtí curtha ar aghaidh mar bhille comhaltaí príobháideacha do Thionól TÉ. Dearbhaíonn an dréacht-reachtaíocht staid éigeandála aeráide agus forordaítear spriocanna don ghníomhaíocht aeráide.

**BITHÉAGSÚLACHT:** I mí Mheán Fómhair 2020, bhí Éire agus an RA i measc na dtíortha a chuir a n-ainmneacha le tionscnamh domhanda le bac a chur ar chailleadh bithéagsúlachta. Le hé seo a dhéanamh, gheall na tíortha seo a dtiomantas do 'ár n-uailmhian chomhchoiteann don dulra, don aeráid agus do dhaoine a mheatseáil le scála na géarchéime atá idir lámha'.



An Chanáil Mhór Ríoga, an Longfort

## DLÍ

**ÉAGSÚLACHT REACHTACH:** Mar thoradh ar imeacht RA ón AE tá fíorfhéidearthacht ann go rachaidh RA ar mhalaírt slí ó chaighdeáin rialála an AE i réimsí éagsúla lena n-áirítear fostáocht, an comhshaoil agus dlí na dtomholtóirí, i measc réimsí eile. Ar a bharr sin, cuireann

éagsúlacht reachtach ar thaobh na Ríochta Aontaithe an baol ann do rochtain ar an mhargadh aonair a choinneáil, rud a mbeadh impleachtaí aici ann féin do chustam agus do tharaifí ar earraí nó ar sheirbhísí a thagann ó bhallaistait an AE.

**REACHTAÍOCHT CHOMHSHAOIL:** I gcás eagraíochtaí ar fud an domhain, tá an t-athrú aeráide ag éirí níos tábhactaí ná riamh mar gheall ar mhéadú scoilt na gcúinsí aimsire agus na hiarmhairtí a bhaineann leis. Mar fhreagra ar dhúshláin chomhshaoil tá rialtais, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ag cur i bhfeidhm beartais chomhshaoil atá ag éirí níos déine chun dul i ngleic le hiarmhairtí an athraithe aeráide. Leanann Uiscebehealaí Éireann de bheith ag plé leis an Róinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis an mBille um Chomhshaoil Uisce (Astarraingtí). Chun an gealltanais reachtúil ar bunaíodh Uiscebehealaí Éireann ina leith faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 a chosaint agus a chomhlíonadh, tá sé riachtanach go dtabharfaidh an Bille um Chomhshaoil Uisce (Astarraingtí) atá beartaithe aitheantas speisialta do dhearcadh Uiscebehealaí Éireann.

**FODHLÍTHE:** Leagann fodhlíthe amach an dóigh ar chóir na huiscebehealaí a úsáid agus tionchar díreach acu ar oibríochtaí Uiscebehealaí Éireann mar údarás loingseoir eachta uile-oileánda. Faoi láthair tá fodhlíthe ag sé cinn de na loingseoir eachtaí agus tá cód deonach ag an mBanna lochtarach. I measc na bpriomhréimsí fodhlí a bhaineann le hUiscebehealaí Éireann tá, ach níl siad teoranta do: struchtúir táillí, clárú agus ceadanna bád, rialacha feistithe agus sláinte agus sábháilteacht.

Tá sé ríthábhachtach do chigireacht Uiscebehealaí Éireann a bheith ar an eolas ar fhodhlíthe loingseoir eachta agus coinneáil cothrom le dáta ina leith. Faoi láthair tá go leor fodhlíthe a bhaineann le hoibríochtaí Uiscebehealaí Éireann as dáta agus éilíonn siad leasuithe le taithí an úsáideora a fheabhsú, comhlíonadh níos fearr a chur chun cinn; agus cothromas struchtúir luchtaithe a chinntiú.

# ÁR STRAITÉIS

## ÁR STRAITÉIS

Tá Plean Corparáideach 2020-2022 seo ailínithe le Pleananna Corparáideacha roimhe seo, agus le pleananna gnó agus leis na dúshláin agus na tosaíochtaí straitéiseacha reatha d'Uiscebhealaí Éireann agus muid ag tabhairt forbairt ár bplean fadtéarmach in 2021 chun críche. Gan plean straitéiseach fadtéarmach a bheith ann, níos faide anonn ná plean corparáideach 3 bliana, tá ár n-eagraíocht ag obair i dtreo príomhthéamaí gan cur chuige straitéiseach, físeán níos fadtéarmaí nó uaillmhian bhríoch le haghaidh fáis. Mar sin, tá cuid dár n-ábharthacht agus dár gcuspóir caillte againn. Trínár bplean fadtéarmach tá sé beartaithe againn a bheith níos uaillmhianaí agus ardán fáis a aithint chun breis luach socheacnamaíoch a chur le hÉirinn agus le TÉ.

Is é sprioc ár bPlean Chorparáidigh fós úsáid na n-uiscebhealaí intíre a mhéadú le háiseanna áineasa ardchaighdeáin a sholáthar, a mbaineann na daoine go léir a chónaíonn in aice leo úsáid mhaith astu, agus ag an am céanna líon méadaithe cuairteoirí a mhealladh, poist agus gnólachtaí nua a chruthú agus gnólachtaí atá ann cheana a chothú, agus rathúnas a sholáthar. Tá soláthar cothabhála agus bainistíocht ghníomhach na n-uiscebhealaí i gcroílár an Phlean Chorparáidigh. Tá go leor de na gnéithe loingseoireachta os cionn 200 bliain d'aois anois agus tá gá acu le hinfheistíocht shuntasach. Leanfaimid ag díriú ar shábháilteacht an phobail, rialú uisce, agus infheistíocht i mbonneagar ríthábhachtach sna ceantair is mó úsáide a chinntí. I measc na bpriomhchlár tá forbairt cosáin tarraingthe líonra na gcanálacha, athshamlú na suíomhanna cois uisce ar fud na slite loingseoireachta le haghaidh gníomháiochtaí nua chun taighde a dhéanamh ar chumas thaiscéaláioch na hoidhreachta Críostaí a fhiosrú agus le tuiscint níos doimhne ar scéal stairiúil na téire a éascú.

Is príomhdhúshlán dúinn fós oidhreacht thionsclaíoch agus chomhshaoil na n-uiscebhealaí a chaomhnú do na glúnta atá le teacht, agus ag an am céanna timpeallacht áineasa shábháilte ardchaighdeáin a sholáthar d'úsáideoirí. Tá ár bpróifil maoinithe laghdaithe go leibhéal chomh híseal le 0/50% le linn an chúlaithe eacnamaíochta – easnamh infheistíocha atá mar thoradh air. Maidir leis seo tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach ónár Ranna Coimircíochta. Is tábhachtach a rá, in ainneoin an easnaimh maoinithe mar gheall ar an chúlú eacnamaíochta go bhfuil beagnach €400 milliún leithdháilte ag ár ranna coimircíochta ar Uiscebhealaí Éireann le deich mbliana anuas. Leanann Uiscebhealaí Éireann orthu ag lorg bealaí chun éifeachtacht agus éifeachtachtúlacht a fheabhsú ina chaiteachas caipitil

reatha agus ag an am céanna ag leanúint ar aghaidh le deiseanna ioncaim ó réadmhaoin, fóntais, báid agus feistiú agus maoiniú tríu páirtí a aithint.

## ÁR bhFÍS

Leagann ár bhfís amach na mianta atá againn le baint amach sa todhchaí. Is í an Fhís atá againn beocht a chur inár n-uiscebhealaí – iad a bheith lán de ghníomháiochtaí áineasa agus tráchtála, ina dtearmainn shaibhre fiadhúrla agus bhithéagsúlachta, agus iad bunathraithe go dearfach i dtéarmaí shaol na ndaoine a shaibhriú agus athbheochan na bpobal agus na réigiún tuaithe agus uirbeach trína dtéann na huiscebhealaí.

Seo é ár ráiteas Físe “*Slite loingseoireachta spreagthacha intíre a chruthú trí chaomhnú agus forbairt inbhuanaithe ar mhaithe le cách.*”

## ÁR MISEAN

Leagann ár misean amach an fáth ar ann d'Uiscebhealaí Éireann agus an sainchúram atá againn. Is é ár bhfeidhm reachtúil uiscebhealaí inseolta intíre a bhainistiú, a chothabháil, a forbairt agus a athnuachán, go príomha chun críche áineasa. Is é ár misean “*Mar chaomhnóirí na n-uiscebhealaí ár slite loingseoireachta intíre a athshamhlú, a chothabháil, a forbairt agus a chur chun cinn lenár dtimpeallacht, ár bpobal agus ár n-oidhreacht a chothú.*”

## ÁR LUACHANNA

Tá baint amach soláthar ár Straitéise dírithe ar ár Luachanna a léiríonn bunbhí ár bhféiniúlachta, a mhúnlaíonn ár gcultúr agus a sholáthraíonn na prionsabail ar a gcuirimid ár ngníomháiochtaí eagraíochtaí i gcrích. Is iad seo a leanas ár luachanna.

## 5. PAISEANTA

Táimid paiseanta, diograiseach agus tiomanta don obair agus do na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Éistimid le riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus déanaimid ár ndícheall a bhfuiltear ag súil leis a shárú.

## 6. COMHOIBRÍOCH

Oibrímid go comhoibríoch go hinmheánach agus go seachtrach le cuspóirí a bhaint amach, agus ag an am céanna cuidímid agus tacaímid lena chéile lenár gcomhsprioc a bhaint amach.

## 7. FREAGRACH

Déanaimid ár ndícheall an tseirbhís is fearr a sholáthar agus muid féin a bheith freagrach as na tortaí. Táimid freagrach, gníomháimid le meas agus le comhbhá agus oibrímid ar bhealach inbhuanaithe, sábháilte.

## **8. NUÁLACH**

Déanaimid ár ndícheall feabhas leanúnach a chur ar sholáthar seirbhísí agus bonneagar ardchaighdeáin. Tá sé mar aidhm againn cultúr cáilíochta, cruthaitheachta, éagsúlachta agus barr feabhaí a chur chun cinn.

## TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA

Lenár bhFís a bhaint amach, tá cúig thosaíocht straitéiseacha sainitheanta againn fad is a leanann an obair ar fhorbairt ár bPlean Fadtéarmach. Leagadh na téamaí straitéiseacha seo tar éis rannpháirtíocht fhairsing le húsáideoirí uiscebhealaí agus le geallsealbhóirí.

### 1. COTHABHÁIL & BAINISTÍOCHT

Is iad na uiscebhealaí intíre an áis áineasa poiblí is mó ar an oiléán, le luach níos mó ná billiún Euro de shócmhainní faoi úinéireacht agus freagracht oibriúcháin Uiscebhealaí Éireann. Tá cothabháil agus bainistíocht ghníomhach na n-uiscebhealaí ar an phríomhchúis gur ann d'Uiscebhealaí Éireann, agus tá sé ríthábhachtach maidir le uiscebhealaí sábhálte, feidhmiúla agus inbhuanaithe a bheith ann a bhfuil an bhuntábhacht acu le deiseanna forbartha sa todhchaí agus le hathghiniúint tuaithe agusuirbeamh a éascú.

### 2. TIMPEALLAHT & OIDHREACHT

Cuimsíonn bainistíocht réamhgníomhach ar thimpeallacht uathúil uiscebhealaí an oidhreacht nádúrtha agus thíoga. Ní mór do shaineolaithe comhshaoil Uiscebhealaí Éireann leanúint ar aghaidh ag cinntí go ndéanann measúnuithe cui bainistíocht ar thionchar na gclár oibre caipítí agus cothabhála pleánáilte, agus iad ag cinntí i gcónaí go ndéantar cinntí tomhaiste a chosnaíonn an timpeallacht agus struchtúir luachmhara oidhreachta tóigthe. Ní mór dúinn leanúint de bheith ag obair mar bhailitheoir agus caomhnóir oidhreachta, chomh maith le feasacht phoiblí agus rochtain ar na sócmhainní seo a chruthú trí chláir agusimeachtaí for-rochtana éagsúla.

### 3. DÁIMH & RANNPHÁRTÍOCHT

Tá sé mar aidhm ag Uiscebhealaí Éireann leanúint ar aghaidh le méadú líon ionlán na ndaoine a úsáideann na uiscebhealaí trí spreagadh agus tacáíocht a thabhairt do réimse úsáide i bhfad níos leithne na n-uiscebhealaí. Tá forbairt agus fás tagtha ar ár mbonn custaiméirí ó bheith ina n-úsáideoirí bád go príomha go dtí siúlóirí, rothaithe, agus úsáid mhéadaithe ag árthaí beaga amhail lucht cadhcála agus lucht canúála.

### 4. FORBAIRT & IONCAIM

Tá obair déanta ag Uiscebhealaí Éireann, agus ní mór dúinn leanúint leis an obair sin, go réamhgníomhach lenár bpáirtithe leasmhara go léir le comhoibriú ar fhorbairt tionscadal uiscebhealaí amach anseo a chumasóidh cur i gcrích ár n-uaillmhianta roinnte agus tairbhí do phobail tuaithe agusuirbeamh a fud an

ghréasáin loingseoireachta. Cuireann ár bpunann réadmhaoine ilghnéitheach acmhainn ar fáil chun ár mbonn ioncaim a mhéadú a thuilleadh. Tacaímid le gnólachtaí nua agus leo siúd atá ann cheana ar na uiscebhealaí trí cheadúnais oibriúcháin a dheonú, agus le húsáid ár ngréasán cosáin tarraingthe le seirbhísí teileachumarsáide a iompar. Gineann na ceadúnais seo ioncam measartha le tacú le cláir oibre eagraíochta.

### 5. EAGRAÍOCHT & PEARSANRA

Aithníonn Uiscebhealaí Éireann an gá atá le sraith de chláir cheannaireachta agus eagraíochta a athbhreithniú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais acmhainne agus éilimh ar fud na heagraíochta faoi láthair agus amach anseo. Tá gá le timpeallacht a chothú a thacaíonn le comhoibriú agus ceannaireacht mhéadaithe, agus mar sin is áit iontach é Uiscebhealaí Éireann le bheith ag obair ann agus le hobair dheonach a dhéanamh.



Glasbhealach na Canála Ríoga

## **TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA**

Leagtar amach inár bPlean Corparáideach 2020-2022  
amach na cúig Thosaíocht Straitéiseach a leanas:

### **1. BAINISTÍOCHT & COTHABHÁIL**

Ár sócmhainní uiscebhealaí a bhainistiú agus a chothabháil agus seirbhís shábháilte, iontaofa agus éifeachtach a sholáthar do chách.

### **2. TIMPEALLACHT & OIDHREACHT**

Ár dtimpeallacht agus ár sócmhainní oidhreachta - nádúrtha agus tógtha - a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn.

### **3. DÁIMH & RANNPHÁIRTÍOCHT**

Feasacht, dáimh agus rannpháirtíocht Uiscebhealaí Éireann inár n-uiscebhealaí agus sa spás máguaird.

### **4. FORBAIRT & IONCAM**

Torthaí breislacha agus deiseanna forbartha níos leithne a sholáthar ar mhaithe leis an bpobal.

### **5. EAGRAÍOCHT & PEARSANRA**

Cumas agus inniúlacht ár n-eagraíochta a neartú, le daoine tiomanta agus le fíos chomhroinnte.

# RANNPHÁIRTÍOCHT AG PÁIRTITHE LEASMHARA

## RANNPHÁIRTÍOCHT AG PÁIRTITHE LEASMHARA

Ní bheadh Uiscebhealaí Éireann in ann ár dtosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Cuntais seo a sholáthar ach trí chomhúinéireacht agus tiomantas ónár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. Tá an rannchuidiú seo ónár bpáirtithe leasmhara rithábhachtach lenár dtosaíochtaí a fheabhsú agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár 'gcompháirtithe' go léir a chabhraigh linn ina leith seo.

Chuir ár Ranna Coimirclochta, ár gcomhlachtaí turasóireachta, ár gcomhlachtaí maoinithe, agus ár nÚdarás Áitiúla go mór lenár dtorthaí do 2020. Lean forbairt ár gcaidrimh le heagraíochtaí san earnáil phríobháideach in 2020, bíodh siad ina soláthraithe gníomhaíochta, gnólachtaí cúrsála ar cíos iad, nó iad siúd ar mian leo imeachtaí a eagrú ar nó ar feadh ár n-uiscebhealaí. Tá tacaíocht na bpobal áitiúil rithábhachtach le huiscebealaí bríomhara agus beo a sholáthar agus tá siad féin agus na heagraíochtaí deonacha go léir an-tábhachtach le lánamhainneacht na n-uiscebhealaí intíre a bhaint amach.

Le linn 2020 ghlacamar cur chuige comhoibríoch maidir le forbairt ár bPlean Fadtéarmach 10 mbliana agus ár bPlean Corparáideach 2020-2022. Bhí rannpháirtíocht luath agus comhairliúchán leanúnach le príompháirtithe leasmhara ina ngnéithe rithábhachtacha d'fhorbairt an dá Phlean. Bhí breis agus 500 páirtí leasmhar inmheánach agus seachtrach páirteach in agallaimh 1:1, i ngrúpaí fócais agus i suirbhéanna ar líne idir Meitheamh agus Meán Fómhair. Ba cheart go gcabhródh na hidirghníomhaíochtaí rannpháirtíocha seo le páirtithe leasmhara ciall úinéireachta agus freaghracha a chruthú do na Pleananna seo agus dá gcur i bhfeidhm.

Ag Uiscebhealaí Éireann táimid an-dáiríre faoi nádúr agus cáilíocht ár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Oibrímid go dlúth lena dtuairimí agus a leasanna a thuiscint, lenár dtionscadail a sholáthar i gcompháirtíocht, agus le freagairt dá leasanna de réir mar a chuirimid ár bpleannanna chun cinn.



Daimhinis, Loch Éirne lochtarach

## ÁR MISEAN

Mar chaomhnóiri ar na huiscebhealaí, ár n-uiscebhealaí intíre a athchruthú, a chothabháil, a forbairt agus a chur chun cinn go comhoibríoch lenár gcomhshaol, ár bpobail agus ár n-oidhreacht a chothú.

## ÁR LUACHANNA

### PAISEANTA



Táimid paiseanta, díograiseach agus tiomanta don obair agus do na seirbhísí a sheachadaimid. Éistimid le riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus tugaimid iarraidh mhór scoth a dhéanamh.

### FREAGRACH



Déanaimid ár ndícheall an chuid is fearr a sheachadadh, agus coinnímid muid féin freagrach as na tortháin. Táimid freagrach, caithimid go measúil agus go báúil le daoine agus oibrímid ar dhóigh shábháilte inbhuanaithe.

## SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

### BAINISTÍOCHT & COTHABHÁIL

**1**

Ár sócmhainní uiscebealaí a bhainistiú, a chothabháil agus aire a thabhairt dóibh, agus seirbhís shábháilte, iontaofa agus éifeachtach a sheachadadh do chách.

### DÁIMH & RANNPHAIRTÍOCHT

**3**

Dáimh, feasacht agus rannpháirtíocht in Uiscebealaí Éireann a mhéadú, ar ár n-uiscebhealaí agus ar a bhfeadh.

### EAGRAÍOCHT & DAOINE

**5**

Acmhainn agus cumas ár n-eagraíochta a neartú, le daoine atá gafa lena gcúram agus le fíos chomhroinnte.

## ÁR bhFÍS

Uiscebealaí intíre inspioráideacha a chruthú trí chaomhnú agus forbairt inbhuanaithe atá le leas gach duine.

### COMHOIBRÍOCH



Oibrímid go comhoibríoch, idir inmheánach agus sheachtrach, lenár gcuspóirí a bhaint amach, agus cuidíonn agus tacaíonn lena chéile ag an am céanna ar mhaithe lenár gcomhchuspóir.

### NUÁLAÍOCH



Déanaimid ár ndícheall a bheith ag feabhsú i rith an ama maidir le seachadadh seirbhísí agus bonneagar ardchaighdeáin. Cuirimid romhainn cultúr a chur chun cinn a bhaineann le hardchaighdeáin, cruthaitheacht, éagsúlacht agus barr feabhsais.

### COMHSHAOL & OIDHREACHT

**2**

Ár n-áiseanna comhshaoil agus oidhreachta a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn - nádúrtha agus tógtha.

### FORBAIRT & IONCAM


**4**

Torthaí ar mó a luach agus deiseanna níos leithne forbartha a sheachadadh le leas an phobail.

# 3

## ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMÍOCHT

- PAINDÉIM COVID-19
- BAINISTÍOCHT AGUS COTHABHÁIL
- TIMPEALLAHT AGUS OIDHREACHT
- DÁIMH AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT
- FORBAIRT AGUS IONCAM
- EAGRAÍOCHT AGUS PEARSANRA



## PAINDÉIM COVID-19

Chuaigh COVID-19 i bhfeidhm ar gach cuid den gheilleagar agus chuir sí teorainn le soláthar seirbhíse Uiscebhealaí Éireann agus le baint amach ár bPlean Gnó 2020. Le linn 2020, bhí sláinte agus sábháilteacht ár n-úsáideoirí uiscebhealaí, ár bhfostaithe agus ár bpáirtithe leasmhara eile fíorthábhachtach. Chuir Uiscebhealaí Éireann foireann freagartha eagraíochtúil agus plean le chéile le linn phaindém COVID-19. Cuireadh nósanna imeachta agus protácaill dochta i bhfeidhm chun scaipeadh víreas COVID 19 agus an tionchar agus an cur isteach dá bharr a íoslachdú.



Ó thús ráig an víris (29 Feabhra 2020) agus na gcéimeanna dianghlásála, rinneamar breithniú ar na himpleachtaí próisis agus oibríochta go léir lena n-áirítear feidhmeanna oibriúcháin riachtanacha agus ríthábhachtacha a choinneáil ar fáil, gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta agus fostaithe/foirne ríthábhachtacha agus riachtanacha a shainaithint. Áiríodh orthu seo sócmhainní ríthábhachtacha agus bonneagar uiscebhealaí a chothabhláil, monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal uisce, ullmhúcháin leanúnacha do phríomhthionscadail chaipítil a chur chun cinn, ár n-uiscebhealaí a chothabhláil le daoine agus réadmhaoin a chosaint. Dúnadh gach foirgneamh de chuid

Uiscebhealaí Éireann, (ofigí, stórais, bhloic seirbhíse, srl.), agus ní raibh rochtain ar fáil ach d'fhostaithe bunriachtanacha le haghaidh feidhmeanna oibriúcháin ríthábhachtacha. Bhí sé seo ag teacht le cinneadh an Rialtais/an Fheidhmeannais agus na nÚdarás Sláinte Poiblí. D'aithin Uiscebhealaí Éireann dualgais riachtanacha foirne don fhoireann oibriúcháin i bhfianaise threoir an Rialtais/an Fheidhmeannais maidir le 'dianghlásáil'. Bhí bainistíocht ar leibhéal uisce agus freagairt ar shaincheisteanna éigeandála a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar na huiscebhealaí ina bhfeidhmeanna ríthábhachtacha maidir le daoine agus réadmhaoin a chosaint. Lean na baill foirne seo orthu ag tabhairt faoi bhainistíocht riachtanach na leibhéal uisce, agus aon oibreacha éigeandála a tháinig chun cinn, faoi phrótaíail dhiana scaradh sóisialta.

Dúnadh gach slí loingseoireachta ar fud na ráigeanna éagsúla COVID-19 in 2020 le cloí le treoiríle an Rialtais/an Fheidhmeannais. Dúnadh gach loc agus bloc seirbhíse chun críocha loingseoireachta agus áineasa, de réir comhairle ó na hÚdarás Sláinte Poiblí. Cuireadh síneadh le tréimhse Feistithe an Gheimhríd ar Uiscebhealach na Sionainne agus ar Uiscebhealach na Sionainne go hÉirne i ráig a haon, gan aon chostas breise ar bhádóirí as an síneadh seo. D'fhan na cosáin tarraigthe oscailte ach spreag muid daoine chun iad a úsaid de réir threoiríle an Rialtais/Fheidhmeannais (m.sh., na riachtanais a bhain le hachar ón mbaile), ag cloí i gcónaí le protácaill scaradh sóisialta.

Lean muid orainn ag scrúdú a oiread is a bheadh daoine eile ag brath ar Uiscebhealaí Éireann lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe reatha le compháirtithe conarthacha, agus féidearthacht na ndaoine sin nach raibh in ann a gcuid dualgas conartha a chomhlíonadh. Mar shampla, d'aithin muid go raibh coinníollacha trádála deacra ag go leor dár n-oibreoirí tráchtála mar gheall ar leathadh an víris, agus na rialacháin a bhí á gcur i bhfeidhm lena thionchar a laghdú. Chuaigh muid i dteagmháil leis na hoibreoirí seo le híocaíochtaí a iarchur agus níor ghearr muid táillí ceadúnais oibríochta ar ghnólacthaí ar ár n-uiscebhealaí agus feadh ár gcuid uiscebhealaí.

Ó thús an chéad ráig d'fhorbair muid treochlár le bainistíocht a dhéanamh ar athoscailt céimnithe ár n-uiscebhealaí agus ar filleadh fostaithe ar an obair atá ailínithe le treoir an Rialtais/an Fheidhmeannais ina gcuid treochlár féin, an Creat Náisiúnta um Maireachtáil le COVID-19 agus córas leibhéal foláirimh COVID-19 RA. Is é an sprioc atá ann fós leathadh an víris a laghdú, agus ár n-uiscebhealaí a choinneáil ar oscailt. Tugann na leathanaigh seo a leanas forbreathnú ar athoscailt

céimnithe ár n-uiscebhealaí ó réamh-COVID go dtí túis na paindéime agus na dianghlásála go dtí athoscailt céimnithe ár líonra uiscebhealaí.

## ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMÍOCHT

Lean iarrachtaí agus fócas Uiscebhealaí Éireann le linn 2020 ar ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a bhaint amach agus muid i lár phaindéim COVID-19:

### 1. BAINISTÍOCHT & COTHABHÁIL

Ár sócmhainní uiscebhealaí a bhainistiú agus a chothabháil agus seirbhís shábháilte, iontaofa agus éifeachtach a sholáthar do chách.

### 2. TIMPEALLAHT & OIDHREACHT

Ár dtimpeallacht agus ár sócmhainní oidhreachta - nádúrtha agus tógtha - a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn.

### 3. DÁIMH & RANNPHÁIRTÍOCHT

Feasacht, dáimh agus rannpháirtíocht Uiscebhealaí Éireann inár n-uiscebhealaí agus sa spás máguaird.

### 4. FORBAIRT & IONCAM

Torthaí breislacha agus deiseanna forbartha níos leithne a sholáthar ar mhaithle leis an bpobal.

### 5. EAGRAÍOCHT & PEARSANRA

Cumas agus inniúlacht ár n-eagraíochta a neartú, le daoine tiomanta agus le fíos chomhroinnt.

## 1. BAINISTÍOCHT AGUS COTHABHÁIL

Bhí srian ar oscailt agus ar infhaighteacht na n-uiscebhealaí intíre inseolta le linn 2020, mar gheall ar phaindéim COVID-19. Leanadh le clár cothabhála cainéal le linn 2020 trasna na n-uiscebhealaí lena n-áirítear gearradh fialí agus féir agus gearradh crann, tor agus fálta; cláir dhreideála spriocdhírithe; agus deisiúchán trasna loic, lamairí agus sócmhainní bonneagair eile. Críochnaíodh scrúdaithe ar shócmhainní i rith na bliana, le 88 créfort; 77 droichead; 47 loc; 33 cora; Scrúdaíodh 26 córas cóireála eisiltigh agus struchtúir eile.

Cé go bhfuil go leor dár gclár caipitil ag brath ar cheadú leanúnach tráthúil a aimsiú, tá cinní ar chúrsaí leanúnach lasmuigh de smacht Uiscebhealaí Éireann. Braitheann forbairt na dtionscadal comhoibrithe amach anseo go minic, áfach, ar an tosaíocht a thugann Údaráis Áitiúla do thograí tionscadail agus ar an dóigh a n-oireann tograí dá leithéid laistigh dá bpleananna forbartha foriomlána. Lean Uiscebhealaí Éireann orthu ag obair go réamhghníomhach le hÚdaráis Áitiúla le tionchar a imirt ar a bpleananna forbartha agus le tacú leo agus dá thoradh sin, cur le forbairt tionscadal uiscebhealaí amach

anseo a chumasaíonn cur i gcrích comh-aidhmeanna agus comhleasa na réigiún.

Deonaíodh cead leanúnach i mí Dheireadh Fómhair 2020 le deisiúchán ríthábhachtacha a dhéanamh ar Chora an Charn Rua agus bealach éisc nua uile-speicis a thógáil. Bronnadh conradh dar luach £200,000 le haghaidh na n-oibreacha cumasúcháin agus cuireadh túis leis an obair i mí Eanáir 2021. Is é an tEarrach 2022 an dáta tosathe réamh-mheasta le haghaidh na n-oibreacha ar an abhainn agus tá sé le bheith críochnaithe i bhFómhar na bliana 2023. Rinneadh dul chun cinn freisin ar réamhoibreacha lena n-áirítear suirbhéanna faoi uisce, iniúchtaí struchtúracha agus talamh, dearadh pasanna éisc, suirbhéanna éiceolaíochta, agus dearadh loc-chomhlaí ag Cora Thearmann Bearaigh, Co. Ros Comáin roimh dheisiúcháin.



*Cora an Charn Rua, Banna lochtarach*

Rinneadh dul chun cinn le linn 2020 chun cora Mhílice, Co. na Gaillimhe a dheisiú. Cuireadh moill ar oibreacha in 2020 mar gheall ar COVID-19, coinníollacha aimsire agus deacrachtaí airgeadais ag an gconraitheoir. Tá samhail forbartha ag Uiscebhealaí Éireann ó shin le gur féidir an obair atá fós le déanamh a chur i gcrích gan an conraitheoir in 2021. Déanfaidh na hoibreacha críochnaithe struchtúr na cora a dheisiú; feabhas a chur ar shábháilteachta dár bhfoireann oibriochta trí 27 cora claonta a oibrítear go meicniúil a sholáthar, an príomhchóras oibriúcháin comhla a fheabhsú, bealach éisc a fheabhsú agus pasanna eascann nua a sholáthar.



Cora Mhílice, an Sionainn

A bhúochas le smaoointeoireacht agus dearaí nuálacha, tógadh cosán nua 295m inrochtana don phobal ar bharr na gcoráí claonta. Nascann an cur chuige nuálaíoch seo Mileac i gCo. na Gaillimhe agus Lusmhaigh i gCo. Uíbh Fhailí - ag Nascadh Contaetha, ag Nascadh Pobail. Ar a chríochnú beidh timpeall €3.5m infheistithe ag Uiscebealaí Éireann sa tionscadal le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta.

Tar éis tuilte i mí Aibreáin 2020 bhí roinnt sáruithe ar shlí Loingseoireachta na Bearú ag Bestfield agus ag an Ard Riabhach. Breathnaíodh ar roghanna éagsúla deisiúcháin éigeandála, agus críochnaíodh oibreacra deisiúcháin sealadacha. Tá cead pleanála ag teastáil anois le hoibreacra deisiúcháin buana a dhéanamh ar an dá láthair. Lean Uiscebealaí Éireann le ról gníomhach agus tacúil a ghlacadh i nGrúpa Comhordaithe Ghníomhaireseachtaí Stáit Riosca Tuile na Sionainne trí thabhairt faoi shraith beart spriocdhírithe thar ceann Oifig na nOibreacra Poiblí agus i gcomhpháirtíocht léi. Tá sé seo éascaithe ag leithdháileadh maoiniú cothabhála straitéiseach thar na 10 mbliana atá romhainn arb fhiú €7 milliún é.

Leanadh le Fógraí Sábháilteachta Muirí a eisiúint chuir gach úinéir soithí agus gach eagraíocht bhádóireachta ar mhian leo iad a fháil agus foilsíodh iad ar fud gach ardán digiteach de chuid Uiscebealaí Éireann agus a gcomhpháirtithe. Leithdháil Uiscebealaí Éireann buiséad de €150,000 le báid chónaithe ar bord agus le báid thréigthe agus neamhchomhlíontacha a bhaint. Baineadh thart ar 20 soitheach ó na Solláin, ón mBaile Íseal, ó Chollchoill agus ón mBearú agus tá pleananna ag dul ar aghaidh le comhlíonadh na bhFodhlíthe a fheabhsú ar fud ár slite loingseoireachta. Ba iad cuspóirí an chláir rátaí comhlíonta a fheabhsú ón mheán a bhí ann i mí an Mhárta de 56% go lár 80%; acmhainn a mhéadú feadh limistéir mhúrála agus feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora ar loingseoireacht feadh na gcanálacha; feabhas a chur ar cháilíocht an uisce; agus smacht a ghlacadh ar ais agus cáil forfheidhmithe cóir cothrom a thógail do gach úsáideoir. Tá dul chun cinn suntasach

déanta mar gheall ar an tionscadal athshlánaithe comhlíonta seo.

## 2. TIMPEALLACHT & OIDHREACHT

Cuimsíonn bainistíocht réamhgníomhach ar thimpeallacht uathúil uiscebealaí an oidhreacht nádúrtha agus thógha aréimse. Cinntíonn saineolaithe comhshaoil intí go ndéanann measúnuithe cuí measúnú ar thionchar na gclár oibre caipítí agus cothabhála pleanáilte, agus iad ag cinntí i gcónaí go ndéantar cinntí tomhaiste a chosnaíonn an timpeallacht agus struchtúir oidhreachta tógha luachmhara.

Bliain rathúil eile a bhí in 2020 don chomhshaol agus don oidhreacht trí Phlean Oidhreachta Uiscebealaí Éireann (2016-2020) a chur i bhfeidhm. I measc na bpriomh-bhuaicphointí bhí na nithe seo a leanas: An Scéim Deontais d’Oidhreacht Phobail a leithdháil €20,000 le tacú le grúpaí pobail áitiúla maidir le soláthar tionscadal oidhreachta ar fud ár n-uiscebealaí. Mar thoradh ar iarratas rathúil a rinneadh chuir Ciste na Struchtúr Stairiúil rinneadh €35,250 a ghiarál le deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh ar Dhún Eliza Napoleon ar Uiscebealach na Sionainne cóngarach do Bheannchar.

Forbraíodh agus seoladh Tionscadal Fíorúil Oidhreachta Chanála nuálach agus ar thús cadhnaíochta trí chluasán VR (le prótaceil díghalrúcháin ábhartha) chomh maith le bheith inrochtana ar YouTube 360 céim agus Google Cardboard a iompaíonn aon fhón cliste ina ghléas cinn VR. Tugadh faoi Mheasúnú Caomhantais mar aon leis an Straitéis Bhainistíocha Cuairteoirí lena mbaineann le hiniúchadh a dhéanamh ar ghníomhartha féideartha rochtain chuaireoirí ar Thúr Martello Mhílice ag Loc Victoria a mhéadú. Lean muid lenár gcomhoibriú rathúil le hInstitiúidí Tríú Leibhéal i mbun taighde le hOÉ Gaillimh, leis an Ollscoil Theicniúil, Baile Átha Cliath agus leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha ar thionscadail a bhaineann leis an oidhreacht. Lean muid freisin lenár mbainistíocht rathúil bhithéagsúlachta ag go leor suíomhanna ar fud na n-uiscebealaí chun tacú leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí.

Lean ár craith meán digiteach rathúil Scéalta Oidhreachta ó Uiscebealaí de bheith ag taispeáint na mbuntáistí a bhaineann le gníomhaíochtaí uiscebhunaithe do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu, Tionscadal Eolaíochta Saoránach na Canála Ríoga, ár gclár Creat-Treoir Uisce, athsholáthar geata loic ar an mBearú agus obair abhcóideachta maidir le Grúpa Áiseanna na Canála gan ach roinnt a lua. Bhí áthas ar Uiscebealaí Éireann dul i gcomhpháirtíocht leis an gCraoltóir Derek Mooney le haghaidh gnéchlár sainiúil ar ár n-uiscebealaí intíre, go háirithe ar thionscadail bhithéagsúlachta agus oidhreachta.

Bronnadh an gradam arduraime - Gradam Glas na hEarnála Poiblí - ar Uiscebhealaí Éireann in 2020, rud a léiríonn ár dtiomantas do ghníomhaíocht aeráide, bithéagsúlacht, bainistíocht uisce agus dramhaíola chomh maith le feachtais chuimsitheacha ardaithe feasachta inmheánacha agus dár bpáirtithe leasmhara.

Bhí Uiscebhealaí Éireann lárnach i gcomhoibriú ilghníomhaireachta le Leave no Trace Ireland, i gcur i bhfeidhm an fheachtais meán náisiúnta chun áineas inbhuanaithe faoin aer a chur chun cinn le linn srianta taistil COVID-19, dar teideal 'Love this Place, Leave No Trace'.



An Feachtas Love this Place, Leave no Trace

Lean muid orainn ag obair i rith 2020 i gcompháirtíocht leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann le monatóireacht ar chálífacht uisce a éascú. Léiríonn sonraí cáilíochta uisce ó chlár monatóireachta na Chreat-Treorach Uisce de chuid Uiscebhealaí Éireann gur bhain formhór mór na ndobharlach saorga canála Dea-Acmhainn Éiceolaíochta amach in 2020 agus go bhfuil siad ag feabhsú i rith an ama. Lean muid de bheith rannpháirteach go réamhghníomhach i ngrúpaí oibre na Creat-Treorach Uisce tríd an Ghrúpa Forfheidhmithe Theicniúil Náisiúnta. Ghlac muid páirt ghníomhach ar fhoghrúpa Hidreamoirfeolaíoch na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, ar an Ghrúpa Lónra Hidriméadrach, agus ar ghrúpa stiúrtha na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le pasáiste éisc ag Cora an Phairtí, Co. an Chláir. Cuireadh cláir iolracha i bhfeidhm le hUisce Éireann agus leis na húdarás áitiúla chun leibhéal uisce ar na canálacha a bhainistiú go héifeachtach. Ábhar don Chomhlacht le cur san áireamh in 2021 is ea an Bille um Astarraingt Uisce dréachtaithe.

Go luath in 2020 chuir compháirtíocht Uiscebhealaí Éireann le hinstiúidí oideachais cláir oideachais breislacha ar fáil a bhí nasctha go díreach le siollabais oideachais trí Sheachtain na nInnealtóiri 2020 agus Féile

Eolaíochta TÉ. Mar chuid de Sheachtain na nInnealtóireachta, bhí foirne innealtóireachta i gceannas ar ghníomhaíochtaí Líne na Bearú den Chanáil Mhór, an Éirne, an tSionainn Thuaidh, an Bhanna lóchtarach agus an Bhearú. Bhí Crios Foghlama Uiscebhealaí Éireann le feiceáil ar Mhol Baile Scoile RTÉ. Dearadh Mol Baile Scoile RTÉ le cabhair a thabhairt do thuismitheoirí agus ag cur oideachais ar a bpáistí sa bhaile le linn na dianghlásála trí acmhainní éagsúla a bhfuil naics churaclaim acu a thaispeáint. I measc acmhainní oideachais Uiscebhealaí Éireann tá réimse gníomhaíochtaí spraíúla agus idirghníomhacha agus acmhainní a chuireann béis ar bhithéagsúlacht agus ar stair uiscebhealaí na hÉireann.



Seachtain na nInnealtóiri 2020

### 3. DÁIMH AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

I measc údair inní an phobail maidir le Covid-19 agus na dúshláin saoil a bhaineann le déileáil leis na srianta rialtais a d'eascair as, agus an baol ann go sroichfidh an víreas gach pobal anois, tá rochtain ar spás glas agus gorm ar oiléán na hÉireann fós ina bhunchloch éalaithe laethúil atá ag teastáil do go leor, agus rogha nua shaoire sa bhaile nua-aimsithe.

Ba léir ón anailís a rinneadh ar áiritheoirí cuairteoirí feedh cosáin/cosáin tarraigthe mar aon le fianaise starógach ó Uiscebhealaí Éireann agus ó fhoireann na n-Údarás Áitiúil ar fud an oiléán gur tháinig méadú neamhghnách ar úsáid timpeallachtaí uiscebhealaí ó tharla COVID-19. Nochtann imscrúdú ar áiritheoirí méadracharta ag 11 láthair ar Uiscebhealach na Sionainne agus ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne ó Mhárta go Lúnasa 2020 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019, méaduithe idir 91% agus 126% i gcúig shuíomh. Tháinig méadú 19% ar úsáid fhioriomlán an 11 bhealach siúlóide/rotháiochta.

Tar éis na huiscebhealaí a athoscailt ar bhonn céimnithe i ndiaidh na dianghlásála náisiúnta Covid-19, sháraigh an t-éileamh ar bháid ar cíos infhaighteacht cabhlacha ag gach comhlacht BÁD ar Cíos in Éirinn agus 100% curtha in áirithe go ginearálta go dtí deireadh Lúnasa 2020, le 80-90% áirthintí do Meán Fómhair (Cumann BÁD ar Cíos na

hÉireann, 2020). Ba é an margadh baile amháin a chruthaigh an t-éileamh, daoine a théadhar saoire thar lear den chuid is mó. Ba é an dúshlán is mó a bhí ag an earnáil ná gan dóthain bád ar cíos a bheith acu le freastal ar an éileamh intíre nach raibh a leithéid ann riamh cheana. Léiríonn sé seo athrú bunúsach ar éileamh an mhargaidh ó bhlianta roimhe seo nuair nach raibh báid ináirithe ach ag 22% de Thurasóirí intíre. Dá réir sin, lean clárúcháin úinéirí soithí ar líne ag fás. In 2020 bhí 16,127 úinéir priobháideach bád sa dá dhlínse.



*Gormbhealach, Loch Dearg*

Rinne Uiscebhealaí Éireann RTÉ Nationwide a óstáil maidir le scannánú feadh na dTrí Deirfiúr, an Bhearú, an Fheoir agus an tSiúir. Dírfodh ar an Bhearú ar thuras báirse álann ó bhaile Átha Í, áit ar fhág Nationwide an báirse agus áit a raibh siad gníomhach ar Shiúlóid na Bearú. Ba iad Uiscebhealaí Éireann agus Get Ireland Walking a smaoinigh ar an imeacht siúlóid Bhealach na Bearú a dhéanamh, le coincheap a fháil ar an smaoineamh taobh thiar den tionscnamh Uiscebhealaí Chun Sláinte. Thacaigh Uiscebhealaí Éireann freisin le 'The Chronicles of Erne', sraith theilifise ceithre chláir de chuid an BBC a chlúdaíonn an saol ar Loch Éirne thar thréimhse 12 mhí. Chlúdaigh an clár na séasúir ina dhiaidh sin agus craoladh é ar BBC1 go luath in 2020. Chuir an clár béim ar réimse iomlán den saol agus de ghníomhaíochtaí ar ár slí loingseoirreachta ar an Éirne. Níos moille in 2020, thacaigh Uiscebhealaí Éireann le léiriú Chanáil 5 na Ríochta Aontaithe ar an abhainn is áille in Éirinn –An tSionainn thar 12 lá scannánaíochta;

Lean Uiscebhealaí Éireann orthu lena Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Straitéisí le Trí-atlan Éireann, Lúthchleasaíocht Éireann, Rámhaíocht Éireann, Aontas Canúala na hÉireann agus Get Ireland Walking chun críche cláir a dhearadh agus a rith go comhoibríoch le rannpháirtíocht áineasa a mhéadú, agus leibhéal fheabhsaithe acláiochta, sláinte agus folláine a chur chun cinn ar fud gach aoisghráupa i dtimpeallacht spraíuil agus shóisialta. I measc na gclár faoi na comhpháirtíochtaí seo bhí 'The Paddles Up Programme' 'Wellness on the Water Programme', 'Come and Try', cláir oiliúna snáma lasmuigh, 'The Daily Mile', agus cláir siúlóide. I mí Mheán Fómhair léirigh RTÉ Nationwide Uiscebhealaí Éireann

agus an Chanáil Mhór mar chuid dár gcomhpháirtíocht straitéisíach le Get Ireland Walking agus National Walking Day. Sócmhainn ollmhór do phobail i lár na paindéime COVID-19 é conairí siúlóide easbhóthair agus rochtain éasca orthu agus luaitear go speisialta i gcónaí bealaí siúlóide cois uisce maidir leis an dóigh a dtéann siad chun leasa daoine a bhfuil decrachteáil sláinte agus folláine mheabhrach agus fhisiceach acu.

Lean Uiscebhealaí Éireann agus Fáilte Éireann orainn lenár gClár Comhpháirtíochta Straitéisí in 2020 agus muid ag diríú ar chlár oibreacha a sholáthar le feabhas a chur ar chálíocht eispéireas an chuaiteora agus an úsáideora feadh Uiscebhealaí Éireann in Éirinn chun críocha áineasa. Comhlánóidh na tionscadail go léir a shainaithnítear na príomh-mholtaí maidir le taithí an bhranda: Oirthear Ársa na hÉireann, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Croíthailte Ceilte na hÉireann agus Baile Átha Cliath. Cuimsíonn an chomhpháirtíochta straith tionscadal agus tionscnamh atá dírithe ar chros-chur chun cinn agus margáiocht. Sampla de seo is ea Máistirphlean na Sionainne, atá á stiúradh ag Uiscebhealaí Éireann, a fhorbróidh ceann scríbe turasóireachta idirnáisiúnta inbhuanaithe i gConair na Sionainne a mbeidh meas aige ar nádúr agus ar éagsúlacht na timpeallachta agus a mhuintire. D'oibrigh Fáilte Éireann agus Uiscebhealaí Éireann freisin ar chlár taighde le léargais níos fearr a fháil ar Thurasóireacht Intíre sa Tionscal Cúrsála ar Cíos le linn 2020. Le linn 2020 bhí Uiscebhealaí Éireann i mbun comhpháirtíochtaí straitéisíacha le Tourism NI agus Údarás áitiúla le cur le cumas turasóireachta na Banna lochtar agus na hÉirne, lena n-áirítear an fhorbairt fhéideartha ar Ghormbhealach ar an mBanna lochтарach.

#### 4. FORBAIRT AGUS IONCAM

Cuireadh isteach iarratais ar mhaoiniú faoin Straitéis Glasbhealaí le cosáin tarraingthe a fhorbairt. Bronnadh €140,000 le haghaidh réamhdhearradh agus measúnú timpeallachta do chuid 41 km den Ghlasbhealach ó Luimneach go dtí an Scairbh. Leanann tógáil bheartaithe an ghlasbhealaigh náisiúnta feadh sheanbhealach Uiscebhealach na Sionainne le nascacht le bealaí agus cosáin ghlasbhealaí atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo.

Thug an Bord Pleanála céad pleanála do Ghormbhealach na Bearú do 46 km den bhealach idir An Baile Íseal agus Baile Átha Í (Cill Dara 33.2 km agus Laois 13 km). D'aimsigh Uiscebhealaí Éireann i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Contae Chill Dara agus Laoise €5.07 milliún don bhealach 46 km faoin gCiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe, arb ionann é agus an deontas caipítíl iomlán a iarradh le 25% de mhaoiniú meaitseála breise ón Roinn Coimircíochta. Pleanáil tionscadail mhionsonraithe; suirbhéanna éiceolaíochta réamhoibreatha; agus cuireadh túis le hoibreatha ar an suíomh in 2020. Meastar

go gcríochnófar oibreacha ar an suíomh go déanach in 2021 / go luath in 2022.



*Gormbhealach na Bearú*

Tá oibreacha deireanacha ar Ghlasbhealach na Canála Ríoga, an Glasbhealach is faide in Éirinn ag 120 km beagnach críochnaithe trí úsáid a bhaint as an mhaioniú €1 milliún ón Roinn lompair (an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt roimhe seo), an cosán tarraingthe sa Longfort agus san larmhí a uasghrádú agus comharthaíocht agus trealamh coimhdeach a sholáthar don bhealach iomlán ó Mhaigh Nuad go Cuan Richmond. Tá straitéis mhargaíochta aontaithe le tabhairt ar aghaidh ar bhonn comhoibrioch le Comhairlí Contae na Mí, Chill Dara, na hIarmhí agus Longfoirt leis an Glasbhealach a chur chun cinn.

Tá Glasbhealach Chanáil Uladh, Na Mullaí go dtí Coillidh Chanannáin (22 km) ag Céim na Pleanála faoi láthair. Tar éis próiseas críochnúil roghnúcháin bhealaigh, rinneadh an rogha bhealaigh don Ghlasbhealach a phoiblí i mí lúil 2020. Lean Foireann Chomhtháite Chomhairligh ag dul ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála agus dearaidh - leis an mbealach a mhionchoigeartú agus le meastacháin chostais a forbairt. Cuireadh iarratas foirmiúil ar €7 milliún de chistí breise faoi bhráid an Fhorais um Chláir Speisialta an AE (SEUPB) in 2020 leis an Glasbhealach a forbairt.

D'éirigh le céim a dó d'Athchóiriú Chanáil Uladh ó Chluain Eois go Cluain Fada, lena n-áirítear muiríne imchuach canála agus limistéar áiseanna i gCluain Eois, €325,000 de mhaioniú Chatagóir 2 a fháil in 2019 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithé le haghaidh staidéir innealtóireachta =. Meastar gur €12.2 milliún an costas dearaidh, tógála agus talún don chéim seo den athchóiriú. In 2020 fuarthas €6 mhilliún de mhaioniú ó Chiste na nOileán Comhroinnt, agus rinneadh iarratas i gCatagóir a dó chuig an Roinn Forbartha Tuaithé agus Pobail ar an iarmhéid (€6 milliún) chun athchóiriú a dhéanamh ar Chéim a dó de Chanáil Uladh.

Lean muid orainn ag lorg bealaí chun ár mbonn ioncaim inbhuanaithe a neartú agus a fhás ó úsáid agus forbairt ár sócmhainní le cúram agus tacaíocht a thabhairt dár n-uiscebhealaí intíre. Bhí tionchar ar shruthanna ioncaim trasna ceadúnais agus feistithe, infheistíocht agus réadmhaoin agus maoliniú tríú pártí le linn 2020 mar gheall ar Phaindéim COVID-19.

Tugann an Comhlacht ceadúnas do réimse leathan gnólachtaí le hoibriú ar ár sócmhainní réadmhaoine daoine a mhealladh chun teacht agus taitneamh a bhaint as timpeallacht na n-uiscebhealaí. I measc na ngnólachtaí tá soithí beaga ar cíos, mar sholáthraithe gníomhaíochta bád lae go canú a fháil ar cíos go soithí móra paisinéirí ar cíos agus ceadúnais do sholáthraithe ag margáil bia. Bainistíonn Uiscebhealaí Éireann freisin ceadúnú agus úsáid punann mhór de réadmhaoin tuaithe a bhaineann leis na slite loingseoireachta.

Is é an tsócmhainn is mó atá ag Uiscebhealaí Éireann ná Bloc Cathrach 19 i nDughailte Bhaile Átha Cliath, suíomh mór forbartha 1.2 heicteár. Tá Bloc na Cathrach 19 ar Dhuga na Canála Móire ar cheann den líon beag suíomhanna neamhfhorbartha i nDughailte Bhaile Átha Cliath. Ina staid thréigthe faoi láthair, baineann sé go mór ón athghiniúint sa cheantar agus cuireann sé srian le hacmhainn Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath agus Duga na Canála Móire. Tá fonn mór ar Uiscebhealaí Éireann an forbairt chuí agus a bhfuil géarghá leis a fheiceáil ar Chrios Forbartha Straitéisí ainmnithe mar Bhloc Cathrach 19 ar bhealach a cheiliúrann agus a léiríonn luach suntasach sóisialta, stairiúil agus cultúrtha an tsuímh don phobal áitiúil agus do Bhaile Átha Cliath.

Tá réimse roghanna á mbreithniú ag Uiscebhealaí Éireann faoi láthair maidir leis an bhealach is éifeachtaí leis an uaillmhian seo a bhaint amach do Bhloc 19 na Cathrach. Rogha amháin atá á scrúdú is ea díol ar an mhargadh oscailte. D'fhágfadh an rogha seo go bhféadfaí an fhís do Dhuga na Canála Móire a bhaint amach laistigh de thréimhse ama níos giorra agus chuirfeadh sé deireadh le haon ualach breise ar an státhiste poiblí. Cosnaíonn sonruithe laistigh den Chrios Forbartha Straitéisí caomhnú na nDugaísa todhchaí, mar chuid d'aon tograí forbartha. Is próiseas substaintíúil agus meáite é formheas aon rogha a thógfaidh roinnt míonna. Ceadóidh gach rogha forbartha tuilleadh do na fáltais a infheistiú ar ais i soláthar fhís chomhroinnte do na Dughailte.

Tá túis curtha le hobair ag Uiscebhealaí Éireann ar phleán chun creatlach straitéiseach agus amlíne a sholáthar d'úsáid chuí talún/chanála a shainainíonn sraith tionscnamh forbartha inbhuanaithe, comhtháite agus comhordaithe. Beidh comhairliúchán agus comhoibriú le páirtithe leasmhara seachtracha mar chuid lárnach den phróiseas seo.



Lascaireacht ag Coill an Chláir, Uiscebhealach na Sionainne/na hÉirne

## 5. PEARSANRA AGUS EAGRAÍOCHT

Aithníonn Uiscebhealaí Éireann an gá atá le sraith cláir phearsanra agus rialachais eagraíochtaúla a athbhreithniú, a fhorbairt agus a fheidhmiú a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais acmhainne agus éilimh ar fud na heagraíochta faoi láthair agus amach anseo. Ina theannta sin, tá gá leanúnach le timpeallacht a chothú a thacaíonn le comhoibriú agus ceannaireachta mhéadaithe le gur áit iontach í Uiscebhealaí Éireann le bheith ag obair agus ag obair ar bhonn deonach.

Cuireadh isteach ar chumas na ceannaireachta in 2020 nuair a chinn an Stiúrthóir Forbartha Gnó agus níos déanaí an Stiúrthóir Airgeadais agus Pearsanra an eagraíocht a fhágáil. Chruthaigh sé seo folús ag leibhéal na ceannaireachta san eagraíocht agus leis sin réimse rialaithe ró-fhada don Phríomhfhéidhmeannach. Cuireadh tús le feachtas earcaíochta in 2020 leis na róil cheannaireachta seo a aisílönadh agus tá feachtas ar bun le Stiúrthóir Oibriúcháin a earcú. Ar na feachtas earcaíochta rathúla eile le linn 2020 bhí ceapadh Ceannaire Meicníúil agus Leictreach; Ceannaire na hInnealtóireachta Sibhialta; Ceannaire Bainistíocht Sócmhainní; Ceannaire TF agus roinnt ceapachán sinsearach innealtóireachta ar fud ár slite loingseoiréachta agus tá feachtas eile ar siúl. Bunaithe ar mhaoiniú ón Róinn Coimircíochta a deonaíodh do 2021, tá spás ann leis an eagraíocht a thabhairt ar ais ar staid sheasta agus le cumas foriomlán na heagraíochta a fheabhsú. Tá an dúshlán seo fós ar an tosaíocht is airde.

Leanadh le dul chun cinn i rith 2020 chun rialachas, riosca agus rialuithe a fheabhsú nuair a ceapadh Cathaoirleach nua ar an gCoiste Iniuichóireachta, soláthar an Phlean Iniuichta Inmheánaigh 2020 agus tuarasclála gaolmhara, tugadh chun críche saincheisteanna lamháltais agus rolladh amach leanúnach Creat Riosca feabhsaithe. Ó pheirspictíocht eile – bearnaí stáiriúla i Réadmhaoin & Dlí go sonrach maidir le Céad Chláirú agus Sáruithe; bearnaí stáiriúla maidir le Pleán Freagrachta Éigeandála, Obair Aonair, Áiseanna Leasa agus Córás

Bhainistíocha; agus Fodhlíthe seanchaite – táthar ag tabhairt aghaidh orthu go léir agus tá siad seo ina bpriomhréimsí le tabhairt fúthu amach anseo. Tá dul chun cinn ar mholtáí ón Athbhreithniú ar Rialachas Airgeadais 2020 go fóill le déanamh. Cuirfidh Uiscebhealaí Éireann, i gcomhar lenár Ranna Coimircíochta dlús leis an bhfócas tar éis bunú coiste tionscadail i mí na Nollag leis an Athbhreithniú seo a chur i gcrích.

Ó thús na paindéime COVID-19 cuireadh socruthe solúbtha agus cianoibre i bhfeidhm don eagraíocht, agus d'aontaigh Foireann Tionscadail COVID-19 gur cheart d'Uiscebhealaí Éireann múnla oibre cumaiscthe a chur i bhfeidhm agus thacaigh ár Ranna Coimircíochta leis seo. Tabharfaidh an tsamhail deis d'fhostaithe oibriú ón mbaile agus ón oifig araon. Agus é sin á dhéanamh againn feabhsóimí moltaí an fhostaí agus soláthróimí socrú oibre solúbtha nach bhfágann muid i suíomh seasta. Fanfaidh socruthe cianoibre solúbtha agus bonneagar TFC i bhfeidhm le cabhrú le fostaithe oibriú ón mbaile.

In 2020 rinneadh roinnt dul chun cinn digiteach agus TFC a chur i gcrích ar mhaithe le heispéireas an úsáideora a fheabhsú, éifeachtúlachtaí oibriúcháin a fheabhsú agus deiseanna nua a chruthú. Soláthraíodh sraith tionscadail TFC ailínithe leis an Straitéis TFC lena n-áirítear athsholáthar ár mBalla Dóiteáin; uasghrádú ár gCóras Croí-Acmhainní Daonna; seoladh ár suíomh Gréasáin ar Ghlasbhealach na Canála Ríoga ([www.royalcanalgreenway.org](http://www.royalcanalgreenway.org)) agus Canálacha Bhaile Átha Cliath ([www.dublincanals.org](http://www.dublincanals.org)); tógáil agus rolladh amach ár gcóras nua bainistíocht rioscaí; le cianobair agus le slógadh ár lucht saothair. I rith na bliana freisin cuireadh críoch le hathbhreithniú margáiochta digiteach le bonnlíne a bhunú le haghaidh forbairt ina dhiaidh sin ar Straitéis Margaíochta Digití, Treochláir agus clár bunathraithe d'Uiscebhealaí Éireann in 2021.

Seachadadh corps cuimsitheach taighde bunlín chun feasacht úsáideoirí agus poiblí, tuairimí agus spéis ar fud oiléan na hÉireann a thuiscint chun cinntí eagraíochta níos eolasaí agus féidearthachtaí straitéis bhranda a fháil. Príomh-ionchur bunúsach é an taighde seo maidir le straitéis bhranda a fhorbairt in 2021 le gurféidir le branda Uiscebhealaí Éireann, le himeacht ama, a bheith ina shócmhainn straitéiseach a thacaíonn le baint amach ár bPlean Fadtéarmach agus ár gcuspóirí.

# 4

## ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

- BROLLACH CUNTAS
- RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ
- RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH
- TUARASCÁIL LUACH SAOTHAIR
- DEIMHNIÚ INIÚCHTA
- IONCAM AGUS RÁITIS IONCAIM CHUIMSITHEACHA
- RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS
- RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID
- RÁITEAS AR ATHRUITHE AR AN GCAIPITEAL GNÁTHSCAIREANNA
- NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS
- TREOIR NA gCUNTAS

## EOLAS CÚLRA

Cuireadh Uiscebhéal Éireann ar bun an 2 Nollaig 1999 faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999. Is iad na feidhmeanna atá aige ná bainistiú, cothabháil, forbairt agus athchóiriú córas uiscebhéaláinseolta, intíre an oileáin. chun críocha áineasa go príomha. Tagraíonn na cuntais atá sa doiciméad seo don bhliaín dar críoch 31 Nollaig 2020

Uillmhaíodh na cuntais seo roimh ré de réir:

- Na socruithe airgeadais mar atá leagtha amach i gCuid 7 d'larscríbhinn 2 de Sceideal an Actica um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus mar atá leagtha amach i gCuid 7 d'larscríbhinn 2 de Sceideal an Chomhoibrithe Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe). (Tuaisceart Éireann) Ordú 1999 ag bunú Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- Treoir ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO) agus ón Roinn Bonneagair (RB), dá bhforáltear i Meamram Airgeadais an Chomhlachta in 2018;
- An Treoir um Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) agus an Roinn Airgeadais (RA) (2017) ar fáil.

## ATHBHREITHNIÚ GNÓ

Tá athbhreithniú iomlán ar ghníomhaíochtaí Uiscebhéaláí Éireann tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil.

## TORTHAÍ DON TRÉIMHSE

Tá torthaí Uiscebhéaláí Éireann leagtha amach go mion ar leathanach 127. Ba é an t-easnamh don tréimhse ná €4,121,000 (STG£3,662,000). Ba é an t-easnamh do 2019 ná €1,329,000 (STG£1,163,000).

## AIRGEADRA TUAIRISCITHE

Is é an euro gnáth-airgeadra oibriúcháin Uiscebhéaláí Éireann. Is ionann luachanna steirling agus na luachanna euro aistrithe ag meánrátá malairte Bhanc Shasana don bhliaín de €1.125 (2019 €1.1405) go £1 don Ráiteas loncaim agus aistrítear an Ráiteas ar Staid Airgeadais ag ráta deiridh Bhanc Shasana ag deireadh na bliana €1.1118 (2019 €1.1765) go £1.

## RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Tá sonraí ar na gluaiseachtaí maoine, gléasra agus trealaimh leagtha amach i Nótá 7 leis na cuntais.

Ghlac Uiscebhéaláí Éireann an phunann sócmhainní ar láimh ó RTRAO agus ó RTFT (An Roinn Talmhaíochta

agus Forbartha Tuaithe) a chuimsíonn sócmhainní bonneagair go príomha mar uiscebhéaláí, canálacha, cosáin tharraingthe, tithe loic agus gnéithe gaolmhara loingseoireachta (loic, coraí, srl). Aistríodh Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne in 1999 agus aistríodh Córás na hÉirne, an Chanáil Mhór (lena n-áirítear slí Loingseoireachta na Bearú), Uiscebhealach na Banna lochtaraí, na Canála Ríoga agus Uiscebhealach na Sionainne in 2000 agus luacháladh iad i gcuntas Uiscebhéaláí Éireann in 2003.

Faoi threoir a sholáthraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, caitear astu féin le mórsócmhainní nó compháirteanna inaitheanta laistigh de chóras nó de lónra bonneagair le saolréanna inchinnithe agus déantar iad a dhímheas thar a saolta úsáideacha eacnamaíocha.

Tá luacháil déanta sna cuntais ar shócmhainní oibriúcháin lena n-áirítear talamh, struchtúir loingseoireachta agus obair atá idir lámha. Sa chás go bhfuil teideal agus luach fioraithe, luacháladh talamh agus foirgnimh de chineál neamhoibríochtúil sna cuntais. Rinneadh glanmhéadú luachála de €124,000 ar Shócmhainní Inláimhsithe go príomha mar gheall ar athluacháil na sócmhainní atá á gcoinneáil le díol. Áirítear le méadú ghlanluachála sa bhliaín ar shócmhainn Oibriúcháin €26,266,000, gluaiseacht IPR €4,705,000, laghdú innéacsú talún de €39,000, athluacháil bunaithe ar riocth an loic, geataí loic, coraí agus droichid €21,600,000. Tá mionsonraí ar na hathruithe seo i Nótá 1.7, 7.1, 7.2 agus 7.3.

## FORBAIRTÍ DON TODHCHAÍ

Díreoidh forbairt chaipitil in 2021 ar infheistíocht i mbonneagar loingseoireachta ríthábhachtach arna threorú ag léargais bhainistíochta sócmhainní agus ar thionscadail a dhéanfaidh difríocht. Comhaontaíodh clár caipitil mionsonraithe don bhliaín 2021 lena n-áirítear athsholáthar an bhonneagair loingseoireachta ríthábhachtach, an flít, an gléasra agus an trealamh agus infheistíocht in TFC. Niltear ag súil go mbeidh tionchar ag COVID-19 ar an gclár caipitil in 2021.

## COMHALTAÍ BOIRD

Faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 cuireann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna Uiscebhéaláí Éireann chun feidhme. Níl aon chomhaltaí boird ann.

## **BEARTAS COMHIONANNAIS**

Cuireann Uiscebhealaí Éireann Scéim Chomhionannais i bhfeidhm de réir cheanglais Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 agus tá siad tiomanta go hiomlán do riachtanais chomhionannais an dá dhlínse a chomhlíonadh.

## **BEARTAS MAIDIR LE DAOINE FAOI**

### **MHÍCHUMAS**

Is fostóir comhdheiseanna é Uiscebhealaí Éireann agus fáiltíonn sé roimh dhaoine faoi mhíchumas mar fhostaithe. Déanaimid iarracht go réamhghníomhach dul i dteaghmáil le daoine faoi mhíchumas agus le grúpaí ionadaíocha, le deiseanna do shocrúcháin oibre a chur ar fáil.

## **RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTAITHE**

Tagann an Fóram Caidrimh Thionscail le chéile le hionadaithe ón mbainistíocht agus ó na ceardchumainn go ráithiúil le míreanna leasa choitinn a phlé. Ar a bharr sin, buaileann an bhainistíocht le agus oibríonn siad go rialta le ceardchumainn aitheanta chun dul i ngleic le saincheisteanna fostaithe.

Bíonn an bhainistíocht i dteaghmáil leis an bhfoireann ag cruinnithe eolais agus faisnéise i rith na bliana, chomh maith leis na cruinnithe rialta, Réigiúnacha, Ranna agus Foirne a bhíonn á dtiomáint ag an mbainistíocht agus ag fostaithe ar aon.

## **SÍNTIÚIS DO CHARTHANAS**

Ní dhearna Uiscebhealaí Éireann aon síntiúis do charthanás le linn na tréimhse.

## **CLEACHTAS MAIDIR LE hÍOCAÍOCHTAÍ**

### **DÉANACHA**

Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do bhillí a íoc go pras as earraí agus seirbhísí a fhaightear de réir an Acharta um íoc Déanach Fiachas Tráchtála (Ús) 1998 na RA, arna leasú ag na Rialacháin um Fhiachas Tráchtála a íoc go Déanach 2013 – lonstraim Reachtúil 2013 Uimh. 395 agus Acht na hÉireann um íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (I.R. Uimh. 580 de 2012). Mura sonraithear a mhalairt sa chonradh, beidh íocaíocht dlite laistigh de 30 lá tar éis na hearraí nó na seirbhísí a fháil, nó ar sholáthar sonrasc bailí nó éileamh comhchosúil, cibé acu is déanaí.

I rith 2020, íocadh 99% (2019, 99%) de shonraisc laistigh de 30 lá agus táillí úis de €1,001 (2019 €221) agus tabhaíodh muirir phonóis déanacha de €5,119 (2019, €3,179) atá san áireamh i ngnóthachain airgeadra. /caillteanas agus ús iníoctha.

## **SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT**

Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do thimpeallacht oibre shábháilte a chinntíú dá bhaill foirne. Sínódh agus nuashonraíodh an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta in 2020, lena n-áirítear bearta agus pleán freagartha Covid 19. Tá coiste Sláinte agus Sábháilteachta Uiscebhealaí Éireann i bhfeidhm agus tá an Grúpa Oibre Sláinte agus Sábháilteachta, gach Grúpa Sábháilteachta Réigiúnach agus Grúpa Sábháilteachta na Ceannoifige sceidealaithe le teacht le chéile ar bhonn ráithiúil gach bliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta i ngach réimse agus ar an iomlán, ar fud Uiscebhealaí Éireann. Lena chinntíú go bhfuil córais Sláinte agus Sábháilteachta Uiscebhealaí Éireann in úsáid agus go gcomhlíonann siad an reachtaíocht déantar iniúchtaí sábháilteachta inmheánacha iolracha gach bliain. Bhí tionchar Covid 19 ina chuí le hathdhíriú ar bhearta cur chun feidhme sláinte agus sábháilteachta.

## **INIÚCHADH SEACHTRACH**

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann agus Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann (ARC&C) cuntas Uiscebhealaí Éireann a iniúchadh de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Acharta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999. Tá na hARC&C agus foireann a n-oifigí go hiomlán neamhspleách ar Uiscebhealaí Éireann. Tuairiscíonn siad a gcuid tortháí do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtas. Is é an muirear do na seirbhísí iniúchta don bhliain airgeadais, atá san áireamh mar chostas sa Ráiteas Ioncaim, ná €52,866 (STG£47,550). Ní dhéanann na hiniúchóirí obair neamh-iniúchta maidir le hUiscebhealaí Éireann.

## **PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ**

Tá príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí le sárú ag pleán corporáideach Uiscebhealaí Éireann. Tá gníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann maoinithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Dáil Éireann. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar an leibhéal maoinithe agus léiríonn an Plean Corporáideach 2020-2022 go dtiocfaidh ardú ar leibhéal maoinithe sa tréimhse seo. Is é an príomhriosca, go réadúil, go mbeidh brú leanúnach ar mhaoiniú de réir mar a théann pinsin mhéadaithe agus costais ráta malaирte féidearthá i bhfeidhm go díreach ar an airgead atá ar fáil le slite loingseoireachta a mhaoiniú. Leanfaidh sé seo ar aghaidh ag cur leis an tarraigte riachtanach ar chistí poiblí ón dá Rialtas.

Tá riosca suntasach ráta malaирte os comhair Uiscebhealaí Éireann mar gheall ar rátaí malaирte athraitheacha le linn thréimhse an Phlean Chorparáidigh. In 2020 tabhaíodh caillteanas malaирte €49,000 go príomha mar gheall ar chomhshó iarmhéideanna bainc

steirling ag deireadh na míosa ag teacht le cleachtas cuntasaíochta a raibh caillteanas malaire neamhfhabhrach dá bharr.

Iocann Uiscebhealaí Éireann na costais phinsin do gach ball fairne scortha óna bhuiséad oibriúcháin. In 2001 aistríodh agus ainmníodh breis is 200 ball fairne chuig Uiscebhealaí Éireann ó na comhlacthaí bainistíochta uiscebhealaí intíre a bhí ann roimhe. Tá Uiscebhealaí Éireann faoi dhliteanas maidir lena gcostas iomlán pinsin lena n-áirítear an tréimhse fostáiochta roimh 2001. Bíonn costais phinsin suntasach gach bliain agus b'ionann iad agus €2,600,000 in 2020 (€2,300,000 in 2019). Faoi 2021, meastar go mbeidh 165 pinsinéir atá ar scor nó atá incháilithe le dul ar scor i gcoinne líon lucht saothair buan in 2020 de 284 ball fairne. Maoiniún RB na costais phinsin go léir chomh maith le maoiniú oibriúcháin, agus ranníocann an RTRAO suas leis an mbuiséad atá ar fáil le haon riachtanas breise ag teacht ó chistí oibriúcháin.

## BREATIMEACHT

Mar chomhlacht trasteorann, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar thionchar Breatimeachta caillteanas rochtana ar mhaoiniú Eorpach do thionscadail Thuaisceart Éireann ar foinse shuntasach maoiniú forbartha é. Ón 31 Eanáir tá Tuaisceart Éireann lasmuigh den Mhargadh Aonair agus den Aontas Custaim. D'fhéadfadh sé go mbeadh feidhm ag taraifí maidir le soláthar seirbhísí agus tárgí, rud a mhéadaíonn costais oibriúcháin Uiscebhealaí Éireann. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag forálacha éagsúla reachtaíochta ar ghnó Uiscebhealaí Éireann. Déanfar socruthe chun na tionchair seo a theorannú oiread agus is féidir.

## PINSIN

In 2020 bhí caillteanas achtúireach ar an scéim mar thoradh ar an titim i ráta lascaine bannaí corporáideacha RA rátáil AA agus titim i mbannaí corporáideacha Limistéar an Euro amhail an 31 Nollaig 2020 mar aon leis an ghlanathrú ar rátaí boilscithe, athrú ar thoimhdí básmaireachta agus ardú tuarastail, agus méadú €25,000,000 ar dhliteanais scéime sa bhliain.

Tugadh dhá chás binse fostáiochta i gcásanna *McCloud agus Sargeant* i gcoinne Rialtas na RA maidir le leithcheal a d'fhéadfadh a bheith ann i gcur i bhfeidhm na cosanta idirchréimhsí tar éis athruithe a rinneadh ar reachtaíocht scéim pinsean na seirbhise poiblí sa RA in 2015.

I mí na Nollag 2018, rialaigh an Chúirt Achomhairc gur eascair leithcheal neamhdhleathach ar bhonn aoise de bharr na gcosaintí idirchréimhseacha. D'iarr Rialtas na RA cead achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach maidir leis an gcinneadh seo, ach diúltaíodh don iarratas an 27 Meitheamh 2019.

Leanann an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) de bheith i dteagmháil le Státhiste na Banríona le haghaidh

moltaí le haghaidh a thabhairt ar leithcheal aoise sna scéimeanna seirbhise poiblí níos leithne, mar thoradh ar rialú McCloud. Dúnadh comhairliúchán pinsin seirbhise poiblí na Roinne i mí na Samhna 2020 chun deireadh a chur leis an leithcheal a d'aithin na círteanna sna hathchóirithe pinsin in 2015 agus foilsíodh toradh an chomhairliúcháin an 25 Feabhra 2021. Tá sonrai faoin fhreagra comhairliúcháin ar fáil ag: <https://www.finance-ni.gov.uk/publications/response-consultation-proposed-changes-transitional-arrangements-2015-schemes>

Táthar ag súil go mbeidh an próiseas ceartúcháin fada agus am-íditheach, agus beidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt go cothrom ar shaincheist na bhfabhrúithe pinsin ó 2015 agus nuair a d'fhéadfadh daoine a bheith níos fearr as i scéimeanna nua. Maidir leis seo d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le baill fairne áirithe de chuid Uiscebhealaí Éireann atá ina mbaill den Scéim, a chuíteamh as aon leithcheal a d'fhulaing siad mar thoradh ar na cosaintí idirchréimhseacha.

Tá sé deacair tionchar an bhrefiúnais a chainníochtú ag an chéim seo mar beidh sé ag brath ar an chuíteamh a dhámhfar, méaduithe tuarastail na gcomhaltaí sa todhchaí, fad seirbhise agus aois scoir, agus cé acu an dtarraingíonn (agus cá huair a tharraingíonn) comhaltaí siar as seirbhís ghníomhach. Beidh gá le tuilleadh breithnithe ar théarmaí aon socraíochta féideartha agus beidh gá le faomhadh ón Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Éire) araon.

Ar an mbonn seo, níl aon soláthar déanta sna cuntais do brefiúnais *McCloud/Sargeant*. Measann an Riarthóir N/SPS go mbeidh aon chuíteamh iníocha ag Uiscebhealaí Éireann suas le €2,000,000, (2019: €1,700,000).

Tá dliteanas teagmhasach taifeadta i nota 18. Fuarhas ranníocaíochtaí fostaithe de €654,000 (2019: €632,000) agus tarchuireadh iad chuig RTRAO agus RB ar bhonn 85:15.

## FAOMHADH AN PLEAN GNÓ 2020 agus AN PLEAN CORPARÁIDEACH 2020-2022

Faoimhadh An Plean Gnó 2020 sna Ranna Coimircíochta, na Ranna Airgeadais agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas Uiscebhealaí Éireann go cúlghabháilach i mí na Nollag 2020. Cuireadh Plean Corparáideach 2020-2022 ar aghaidh chuig na Ranna Coimircíochta agus faomhadh é ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas an 21 Bealtaine 2021.

Chuir an Roinn Bonneagair socruthe teagmhasacha, de chuid na Roinne Airgeadais, i bhfeidhm, le híocaíocht maoinithe le hUiscebhealaí Éireann a chumasú. Is éard atá i gceist leo sin ná faomhadh ar dhréacht-doiciméad

Pleanála Gnó a leagann amach na gníomhaíochtaí gearrthéarmacha atá beartaithe, mar aon leis na buntáistí agus na costais ghaolmhara. Mar thoradh air sin, tá an maoiniú ar fad do 2020 a iarradh go dtí seo íoctha ag an dá Roinn Coimircíochta.

Lean RTRAO agus RB orthu ag maoiniú gníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann in éagmás Plean Gnó ceadaithe le €31,462,000 de chistí curtha i bhfeidhm le linn 2020. Tá iarratais bhreise ó Uiscebhealaí Éireann tar éis maoiniú a fháil ó RTRAO de €1,200,000 i dtreo caipitil agus €150,000 ó Phlean Spreagtha lúil. €108,000 de mhaoliniú meaitseála maidir leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT) (Catagóir 2) le haghaidh Céim 2 d'Athchóiriú Chanáil Uladh agus €42,000 de mhaoliniú meaitseála do thionscadal Gormbhealach na Bearú (Catagóir 1) de chuid CAFT.

## **IMEACHTAÍ TAR ÉIS DHEIREADH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE**

Níl aon rud le tuairisciú faoi.

### **COVID-19**

Ó thús ráig víreas COVID-19 agus ón chéim dhianghsála rinneadh breithniú ar na himpleachtaí próisis agus oibríochta go léir lena n-áirítear gach feidhm oibríochta ríthábhachtach a choinneáil, gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta agus fostaithe/foirne riachtanacha a aithint, sócmhainní agus bonneagar uiscebhealaí ríthábhachtacha a chothabháil, monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal uisce, ullmhúcháin leanúnacha do thionscnaimh phríomhchaipitil a chur chun cinn, is tosaíocht é loingseoireachtaí uiscebhealaí a chothabháil chun daoine agus maoin a chosaint.

Ó thús an chéad ráig d'fhorbair muid treochlár chun bainistiú a dhéanamh ar athoscailt céimnithe ár n-uiscebhealaí agus ar fhilleadh ar an obair ag fostaithe atá ailínithe le treoir an Rialtais/an Fheidhmeannais ina gcuid treochláir aonair, an Creat Náisiúnta um Maireachtáil le COVID-19 agus córas leibhéal foláirimh COVID-19 na RA. Is é an sprioc atá ann fós scaipeadh an víris a laghdú, agus ár n-uiscebhealaí a choinneáil ar oscailt. Soláthraíonn an Tuarascáil Bhliantúil forbreatheannú ar athoscailt chéimnithe ár n-uiscebhealaí ó réamh-COVID go dtí túis na paindéime agus na dianghsála go dtí athoscailt céimnithe ár ngréasán uiscebhealaí.

## FREAGRACHTAÍ UISCEBHEALAÍ ÉIREANN

D'ordaigh na Ranna Airgeadais d'Uiscebhealaí Éireann ráiteas cuntas a ullmhú do gach bliain dar críoch 31 Nollaig san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach i dtreoir an chuntais ar leathanach 153 de chuid na tuarascála seo. Ullmhaítear na cuntas ar bhonn fabhrainthe agus ní mór dóibh léargas fíor agus cothrom a thabhairt ar staid chúrsaí an Chomhlachta ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, ar athruithe ar chothromas, agus ar shreafáil airgid don bhliain féilire. Leis na cuntas a ullmhú, caithfidh Uiscebhealaí Éireann:

- An treoir chuntais arna eisiúint ag na Ranna Coimircíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais chuntasaíochta agus nochta ábhartha, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe agus aon imeachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais a noctadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnach, ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Uiscebhealaí Éireann ag feidhmiú.

## FREAGRACHTAÍ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh, mar an Duine Freagrach d'Uiscebhealaí Éireann, lena n-áirítear freagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid chearta a choinneáil, leagtha amach i Meamram Airgeadais Uiscebhealaí Éireann.

## SCÓIP FREAGRACHTA

Leagann an Meamram Airgeadais idir Uiscebhealaí Éireann agus a Ranna Coimircíochta amach go mion freagrachtaí an Oifigigh Cuntasáóchta laistigh de chreat gnó agus airgeadais.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT

Ag machnamh ar 2020 is nádúrtha go ndéantar tagairt do na rioscaí a bhaineann le COVID 19 agus na bearta maolaithe a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Go hachomair, cuireadh na fachtóirí maolaithe seo a leanas i bhfeidhm::

- (viii) Bunaíodh grúpa ceannaireachta sinsearach ag túis na paindéime chun gníomhú thar ceann an Fhorais le leathadh an ionfhabhtaithe a chosc agus leis an fhoireann a chosaint. Tháinig an grúpa seo le chéile ar dtús dhá uair sa tseachtain agus de réir mar ba ghá le linn 2020;
- (ix) Ullmháíodh sraith Miontuairisci agus tarmligeadh gníomhartha ag gach cruinniu;
- (x) Cuireadh túis le cumarsáid rialta leis an bhfoireann agus leis na custaiméirí agus leanadh ar aghaidh leo i rith 2020;
- (xi) Breithníodh treoir sláinte poiblí agus ciorcláin eile ón dá dhlínse agus cleachtadh an príomhphrionsabal is airde le deireadh a chur le héiginnteacht, mearbhalla nó coimhlint a easraíonn as na comhairlí;
- (xii) Tharla an t-aistriú ó oifigí go hobair bhaile go saoráideach agus ardán teicneolaíochta agus teileafónaíochta á n-oibriú de réir an phlean.;
- (xiii) Foilsíodh Plean Freagartha foirmíúil, doiciméadaithe agus roinneadh é leis an bhfoireann agus leis na Ranna Coimircíochta. Is doiciméad beo é an Plean Freagartha agus déantar é a nuashonrú le treoir nua agus athruithe substaintiúla a léiriú;
- (xiv) Go háirithe, rinneadh treoir maidir le prótagail um fhilleadh ar an obair a dhoiciméadú go sainráite agus tionscnaíodh seiceáil comhlíonta. In 2020 ba é an ráta cásanna dearfacha laistigh d'Uiscebhealaí Éireann ná 4%, rud a léiríonn cur chuige tuisceanach agus meabhrach i leith na paindéime.

Fad is a bhí COVID 19 ar an bpriomhriosca, lean Uiscebhealaí Éireann ar aghaidh ag feidhmiú de réir na dtreoirínté sláinte poiblí.

Tá na príomhrioscaí a bhaineann le heagraíocht tearc-acmhainní á maolú de réir mar a leantar ar aghaidh le

forbairt acmhainní. Rinneadh trí cheapachán ceannaireachta shinsearacha in 2021, rud a chobhsaigh an cadre ceannaireachta agus a laghdaigh réimse rialaithe an Phríomhfheidhmeannaigh. Laistigh den eagraíocht níos leithne, tá túis curtha freisin le ceapachán i réimsí ríthábhachtacha a bhaineann le hardriosca a scagadh, m.sh. tugadh níos mó tábhactha d'innealtóireacht Réigiúnach an Oirthir agus Mheicniúil & Leictreach, leithdháileadh caipiteal le haghaidh a thabhairt ar phróifil cabhlach atá ag dul in aois.

Leantar le hacmhainní incriminteacha a imscaradh laistigh den Fheidhm Airgeadais le hinniúlachtaí a neartú agus cumais a fheabhsú. Rud atá tábhachtach, ceapadh Ceann Seirbhísí Corparáideacha i R2 2021 le tacú le freagrachtaí corparáideacha lena n-áirítear bainistíocht riosca; comhordú ar athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh; RGCS; agus iarratais SF. Rinneadh athbhreithniú ar phróisis Airgeadais ag díriú ar Sholáthar agus Párola sa chéad leath de 2021 faoi stiúir Sheirbhísí Comhairliúcháin Gnó, foireann neamhspleách laistigh den Roinn Airgeadais. Déanfaidh Uiscebhealaí Éireann aschur na hanailse seo a mheas le linn R3/R4 2021 leis na chéad chéimeanna eile in 2022 a chinneadh.

Áiríodh le céimeanna forásacha tábhachtacha eile le linn 2020:

- (vi) Réitíodh an cheist a bhaineann le hAirgead Tíre.
- (vii) Tá fochoiste Rialachais ar a bhfuil ionadaithe Uiscebhealaí Éireann agus ár Ranna Coimircíochta ag tabhairt aghaidh go gníomhach ar mholtáí laistigh den Athbhreithniú ar Rialachas Airgeadais arna thionscnamh ag an Roinn Bonneagair agus arna stiúradh ag Seirbhísí Comhairliúcháin Gnó ón Roinn Airgeadais.
- (viii) Déantar monatóireacht ar an gCreat Bainistíocha Riosca ar bhonn míosúil chun infheictheacht agus rianú tortháí a chinntí. Tá tuilleadh oibre ag teastáil chun na próisis nua laistigh den eagraíocht a chothú.
- (ix) Tá Plean Fadtéarmach 10 mbliana ag na céimeanna deiridh agus beidh sé ar fáil le dul i ngleic leis na forrne Ceannaireachta in UÉ agus sna Ranna Coimircíochta. I R1 2022.

- (x) Bhí Cruinniú Earnála na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) ann i mí na Samhna 2020 agus faomhadh Pleananna Corparáideacha agus Gnó stairiúla. Faomhadh Plean Gnó 2021 freisin. Sa chomhthéacs seo tá mé den tuairim go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag Uiscebhealaí Éireann agus iad ag tabhairt faoi na rioscaí agus faoi na bearnaí maidir le rialú inmhéanach a aibhsíodh sa ráiteas seo i dTuairisc Bhliantúil 2019. Mar achoimre, tá mé níos muiníní go bhfuil an dúshraith chreatlach rialachais le struchtúir agus acmhainní cuí ag dul i dtreo a bheith oiriúnach don fheidhm. Tógfar ar an dúshraith seo le go mbainfear timpeallacht riosca agus rialaithe sásúil amach ag deireadh 2021.

## **GNÁSANNA AIRGEADAIS PHOIBLÍ**

Mar Phríomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann, tá mé go díreach freaghrach don na hAirí faoi seach ó thuaidh agus ó dheas agus dá Rannóga as feidhmíocht na heagraíochta agus a gnó. Socraíonn na hAirí ar an chreatlach polasaí faoina n-oibríonn Uiscebhealaí Éireann agus scóip a ngníomhaíochtaí. Socraíonn na hAirí ar na hacmhainní a bheidh ar fail don Fhoras agus faomhann siad na Pleananna Corparáideacha agus Gnó freisin. Tháinig deireadh leis an Phlean Chorparáideach 3 bliana I Mí na Nollag 2019. Forbraíodh Plean Corparáideach 3-bliana 2020-2022 nua le linn 2020 I gcomhar le Plean Fadtéarmach 10 mbliana. Faomhadh Plean Corparáideach 3 bliana 2020-2022 ag an CATT I Mí na Bealtaine 2021.

Trí na Cruinnithe Monatóireachta, téim i gcomhairle leis na Rannóga maidir le plé le gnéithe den ghnó a dtiocfadh leo a bheith ina n-ábhar imní suntasach ag an phobal nó ag an Oireachtas, nádúr, scála agus dóchúlacht rioscaí san áireamh. In ainneoin COVID, is féidir liom a dheimhniú go raibh trí Chruinniú Monatóireachta ann le linn 2020 – ba chruinnithe fiorúla iad go léir. Cuireadh an cruinniú a bhí beartaithe do 22 Mártar ar ceal de dheasca bogadh chuig obair as baile an lá dár gcionn. Lena chois sin, le linn 2020 bhí plé leanúnach ann leis na Rannóga.

## **CUMAS RIOSCAÍ A LÁIMHSEÁIL**

Bhí tacar gnásanna in áit le linn 2020 chun cuspóirí agus rioscaí an Fhorais a aimsiu agus socraíodh ar straitéis rialaithe do gach riosca suntasach a aimsíodh bunaithe ar na gnásanna seo. Dáileadh úinéireacht ar na rioscaí seo don fhoireann chuí. D'oibrigh an dearcadh ar riosca agus ar na gnásanna taobh istigh d'Uiscebhealaí Éireann ar thimthriall leanúnach.

Forbraíodh Creatlach Bainistiú Rioscaí nua taobh istigh d'ardán TF s'agáin go mall in 2020. Beidh tuilleadh oibre de dhíth chun na gnásanna nua a chothú taobh istigh den eagraíocht.

## **AN CREATLACH RIOSCA AGUS RIALAITHE**

D'aimsigh Clár Riosca Corparáideach príomhrioscaí a raibh baint dhíreach acu le pleannanna corparáideacha agus gnó an Fhorais. Tháinig Foireann Shinsearach Uiscebhealaí Éireann le chéile ar bhonn míosúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Chlár Riosca Corparáideach. Phléigh an fóram míosúil le rioscaí agus le hathruithe nua sa timpeallacht ghnó agus gníomhaíochtaí maolaitheacha a bhí de dhíth. Rinneadh athbhreithniú ar an Chlár Riosca Corparáideach ar gach cruinniú monatóireachta agus ar gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta. Bhí trí Chruinniú Monatóireachta ann in 2020 agus ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta - cruinnithe fíorúla iad uile.

Tá fochoiste Rialachais ann le hionadaithe ó Uiscebhealaí Éireann agus ár Ranna Coimircíochta ag tabhairt faoi mholtáí san Athbhreithniú ar Rialachais Airgeadais a bhunaigh ag an Róinn Bonneagair agus a rinne Seirbhís Sainchomhairleoireachta Gnó ón Róinn Airgeadais.

## **PRÍOMHCHÓRAIS FAISNÉISE**

Baineann Uiscebhealaí Éireann feidhm as córais Integra chun faisnéis chuntasaíocht airgeadais a dhéanamh agus as córais phárolla Core chun faisnéis ar phá agus thuarastail a dhéanamh. Tá rialú próisis agus córais ann maidir leis an dá chóras seo chun caighdeán agus ionracas na faisnéise bainistíochta a thabharfar don Phríomhfheidhmeannach agus do na Bainisteoirí Sinsearacha a dhearbhú. De bharr na chéad scóipeála ar phróisis Airgeadais a threoraih BCS (le fócas ar Sholáthar agus ar Phárolla), tá chomhaontú á chothú go bhfuil gá ann smaoineamh ar phróisis agus ar chórais níos oiriúnaí mar chuid lárnach de chur i bhfeidhm an Phlean Fadtéarmaigh 10 mbliana.

Dá bharr sin, tá deiseanna ann gan dabht d'fheabhsuithe do chustaiméirí, foireann, agus páirtithe leasmhara ag bráth ar phlean, maoiniú a bheith ar fáil agus ranpháirtíocht agus glacadh na bpáirtithe leasmhara. Tá Coiste Stiúrtha TF curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar an tionscadail agus chun físe a scóipeáil dár gcórais amach anseo.

## **BAINISTIÚ AIRGEADAIS**

Tá na próisis seo a leanas i bhfeidhm ag an Fhoras:

Bhail an Bhainistíocht Shinsearach le chéile go fíorúil go míosúil le linn 2020 chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpleannanna gnó agus ar cheisteanna ar bith eile. Chomh maith leis na cruinnithe míosúla bhí cruinnithe ar leith le clár ann le linn 2020.

- Tar éis athbhreithniú ar na rialacha a bhaineann le híocaíocht 'airgead téire' agus cáin a íoc le hloncam, tá nuashonrú déanta ag Uiscebhealaí Éireann ar na

rialacha inmheánacha agus tar éis plé le fóram chaidrimh thionsclaíoch le linn 2020 tá réiteach ar an cheist seo.

- Déanann Uiscebhealaí Éireann monatóireacht ar chostas phinsin an Fhorais atá ag dul i méid i gcónaí i dtaca le hinseirbhís d'Fhostaithe ó Dheas. Tá túis áite aige seo maidir leis an mhaoiniú faoi láthair agus de réir mar a théann sé i méid cuirfidh sé tuilleadh brú ar an chaiteachas reatha a bheidh ar fáil.
- Téann clárúcháin maoine agus athbhreithniú ar na léasa leagáide seo ar aghaidh. Tá na luachanna talún i Sócmhainní Oibríochta aitheanta sna cuntais bunaithe ar theorainneacha measta seachas teorainneacha cruinne agus cuireann clárúcháin maoine le luachálacha níos cruinne sna cuntais. Ar bhonn leanúnach, déanann an Foras sainscagadh ar na fíorshraitheanna chlárúchán maoine agus ansin cláraíonn na cáipéisí seilbhe. Tá an ghníomhaíocht seo ag dul ar aghaidh faoi láthair taobh leis An Chanáil Ríoga agus An Chanáil Mhór. Táthar ag súil gur beag a bheidh le méadú ar bith ar luachanna talaimh dá thairbhe toisc go bhfuil luachanna talmhaíochta ar dháileachtaí beaga talún breise.
- Tugtar ráitis urruis don Roinn Coimircíochta go leathbhliantúil mar chuid den timthriall Ráthaíochta Ghnó.
- Déanann an Ardbhainistíocht athbhreithniú mion leanúnach ar íocaíocht mhall úis agus ar phionós .
- Tá taifead ann de dhá chás ar luach €42,000 san iomlán nuair nár comhlíonadh an próiseas maidir le rialacha soláthair. Sna cásanna seo, níor comhlánaíodh an páipéarachas riachtanach nó an faomhadh roimh bhronnadh an chonartha. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar gach bealach soláthair taobh istigh de scóip Plean Soláthair leasaithe a bheidh le cur i bhfeidhm le linn 2022.

## INIÚCHADH INMHEÁNACH

- Tá feidhm inmheánach iniúchta ag Uiscebhealaí Éireann a bhfuil a gclár oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí a bhfuil an Foras oscailte acu agus bíonn pleannanna iniúchta inmheánacha bunaithe ar an anailís seo. Tá na pleannanna iniúchta inmheánacha seo bunaithe ar riosca agus comhaontaithe leis an Oifigeach Cuntasáiochta agus leis an Choiste Iniúchóireachta. Déantar athbhreithniú ar an phlean iniúchta inmheánaigh ag an Choiste Iniúchóireachta le linn na bliana. Le linn 2020, chuir an tIniúchadh Inmheánach ceithre thuairisc ar iniúchtaí inmheánacha i gcrích. Bhí tuairim ghinearálta shásúil mar chonclúid i ndáiniúchadh inmheánacha agus bhí tuairim ghinearálta theoranta mar chonclúid i ndáiniúchadh inmheánach. Ba iad (i)

GDPR/Comhlíonadh Chosaint Sonrai agus (ii) Ceannach agus Bainistíocht Réada Beaga Gléasra an dá iniúchadh ar a raibh tuairim theoranta orthu. Ghlac an Bhainistíocht leis na moltaí go léir agus tá pleannanna in áit chun tabhairt faoi na ceisteanna a tógadh.

- Bhí conclúid i ráiteas ráthaíochta An Iníúchta Inmheánaigh don bhliain 31 Nollaig 2020 'gur féidir leis an iniúchadh inmheánach ráthaíocht theoranta a thabhairt go raibh córas rialaithe ghinearálta sásúil in áit do na réimsí a ndearnadh athbhreithniú orthu bunaithe ar scóip na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích le linn 2020 agus ag glacadh leis go gcuireann an bhainistíocht na moltaí a rinneadh i ngach tuairisc iniúchta go héifeachtúil agus gan mhoill. Léiríonn an tuairim seo go raibh tuairim theoranta ráthaíochta in 50% de na hathbhreithnithe iniúchta inmheánaigh a cuireadh i gcrích le linn 2020 agus a d'aimsigh roinnt laigí rialaithe a chruthaíonn riosca d'Uiscebhealaí Éireann. Cé go n-aithnítear gur eagraíocht chasta agus uaillmhianach é Uiscebhealaí Éireann le cuid mhór tosaíochtaí, tá tuilleadh feabhsuite de dhíth chun an timpeallacht rialaithe a neartú i gcodanna ar leith den eagraíochta. Tugtar faoi deara go bhfuil cúrsa nua dearfach i dtreo feabhsaithe ag teacht chun cinn tar éis tograí feabhsaithe agus comhoibriú níos mó ar fud na heagraíochta. Tá dul chun cinn seasta déanta ag Uiscebhealaí Éireann agus iad ag tabhairt faoi phríomhrioscaí agus ceisteanna a bhaineann le rialú inmheánach agus thóg an bhainistíocht céimeanna chomh maith ó 2019 próiseas a chur i bhfeidhm ina bhfuil pleannáil eagraíochta straitéiseach agus níos fadtéarmaí ann agus acmhainn a forbairt agus clár oibre a chur in áit folúntais a líonadh i struchtúr na hardbhainistíochta. Cabhraíonn a leithéid de ghníomhaíochtaí tabhairt faoi cheisteanna rialaithe a aimsítear i dtuairisci iniúchtaí inmheánacha, go háirithe maidir le forbairt acmhainne agus aghaidh a thabhairt ar mholtáí ó iniúchtaí inmheánacha atá fós le réiteach.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

- Tá trí bhall neamhspleách neamhfheidhmiúcháin ar an Choiste Iniúchóireachta. Tháinig An Coiste Iniúchóireachta le chéile i Mártá, Iúil, Meán Fómhair agus Nollaig 2020. Bhí gach cruinniú ann ó chian ar Skype chun cloí leis an treoir sláinte poiblí i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann
- Bhí seisiún priobháideach ag túis gach cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta a mhair tuairim is 30 nóiméad. Na baill coiste amháin a bhí i láthair ag an seisiún seo. Tar éis an tseisiúin seo de ghnáth, bhí an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus Pearsana an Cheannaire Airgeadais agus an

tIniúchóir Inmheánach agus an tIniúchóir Seachtrach I láthair. Bunaithe ar an obair a rinne Coiste Iniúchóireachta Uiscebhealaí Éireann le linn 2020, athbhreithnithe ar thuairiscí iniúchtaí inmheánacha, gnásanna agus páipéir, plé ar chruinnithe le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, baill bhainistíocha agus baill foirne Uiscebhealaí Éireann san áireamh. Thug an Coiste Iniúchóireachta ráthaíocht ina Thuairisc chuíg an Oifigeach Cuntasáiochta gur chomhlíon sé a fhreagrachtaí de réir a Chairte agus Téarmaí Tagartha.

- Is é an tOifigeach Cuntasáiochta a cheadaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus tá sé freagrach dó. Tá cúram ag an Choiste Iniúchóireachta ar gach gnó a bhaineann le hUiscebhealaí Éireann agus rochtain aige ar acmhainní agus ar fhaisnéis riachtanach. Is féidir leis comhairle neamhspleách a iarraidh.
- Tá rochtain gan srian ag an Iniúchóir Inmheánach ar an Chathaoirleach agus ar bhaill an Choiste Iniúchóireachta.

Tá sé de dhualgas ar an Choiste Iniúchóireachta

- IX. Athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuairisc Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uiscebhealaí Éireann agus taifead a choinneáil díobh, ag déanamh athbhreithniú ar na bunpholasaithe agus ar na bunchleachtais chuntasáiochta san áireamh.
- X. Monatóireacht a dhéanamh ar chaidrimh le hOifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus leis an Ard-Reachtaire agus leis an Ard-Iniúchóir lena chinntí nach bhfuil srian ar bith ann maidir le scóip an iniúchta sheachtraigh.

- XI. Machnamh a dhéanamh ar an litir a tháinig ó Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann, an tArd-Reachtaire agus an tArd-Iniúchóir agus freagairtí ón bhainistíocht ar thortháí agus ar mholtaí na n-iniúchóirí.
- XII. Athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis straitéisearcha do riosca, rialú agus rialachas agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus taifead a choinneáil.
- XIII. Athbhreithniú a dhéanamh ar shocraithe do bhainistiú riosca ag Uiscebhealaí Éireann agus taifead a choinneáil.
- XIV. Athbhreithniú a dhéanamh ar obair an Iniúchta Inmheánaigh agus taifead a choinneáil.
- XV. Athbhreithniú a dhéanamh ar agus taifead a choinneáil má chuirtear moltaí ó iniúchtaí i bhfeidhm gan mhoill.
- Tá An Coiste Iniúchóireachta freagrach as comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasáiochta maidir le córas cuí rialaithe inmheánaigh ach níl sé freagrach as é a chur i bhfeidhm. Tá an fhreagracht fhiorimlán ar an Oifigeach Cuntasáiochta as rialachas corporáideach, rialú inmheánach, cosc agus brath calaoise, agus bainistiú riosca san áireamh.

John McDonagh  
Príomhfheidhmeannach  
6 Nollaig 2021

## TUAIRISC AR LUACH SAOTHAIR NA HARDBHAINISTÍOCHTA

Is iad an Príomhfheidhmeannach, na Stiúrthóirí agus na Bainisteoirí Réigiúnacha Ardbhainistíochta Uiscebhéalait Eireann. Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasáiochta mar atá faofa ag CATT agus de réir an mheabhráin airgeadais, tá sé freagrach as riarrachán éifeachtach éifeachtúil Uiscebhéalait Eireann.

## POLASAÍ AR LUACH SAOTHAIR D'ARDBHAINISTEOIRÍ

Tá scálaí pá na hArdbhainistíochta atá lonnaithe i ndlínse TÉ mar an gcéanna le scálaí pá NICS. Tá roinnt pointí pá i ngach grád NICS ó íosmhéideanna go huasmhéideanna, trínar féidir dul ar aghaidh chuit uasmhéideanna.

Is scálaí leagáide iad na scálaí pá don fhoireann Ardbhainistíochta atá lonnaithe i nDlínse Phoblacht na hÉireann atá faoi threoir na Ranna Coimircíochta. Tugtar incrimint bhliantúil ar bith d'Uiscebhéalait Eireann ón Roinn Coimircíochta cuí i ngach dlínse.

Gach bliain tugtar cuspóirí do bhainisteoirí bunaithe ar na Pleananna Corparáideacha 3 bliana agus Pleananna Gnó Bliantúla. Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú agus measúnú ar spriocanna agus ar chuspóirí aonair na Foirne Ardbhainistíochta agus é ag baint úsáid as struchtúr bainistíochta feidhmíochta Uiscebhéalait Eireann. Coinnítear taifead doiciméid de na measúnuithe feidhmíochta seo. Déantar measúnú ar an Phríomhfheidhmeannach tríd An Choiste Monatóireachta.

## CONARTHAÍ SEIRBHÍSE

Déantar ceapacháin Ardbhainistíochta de réir Pholasáí Earcaíochta agus Roghnúcháin Uiscebhéalait Eireann ina bhfuil gá le ceapacháin ar bhonn fiúntais de réir cumais agus oriúnachta. Gheobhaidh an Ardbhainistíocht conradh fostáiochta nuair a cheapfar iad a thabharfaidh eolas faoi na téarmaí agus coinníollacha ar fad. Déantar íocaíochtaí foirceanta de réir théarmaí an chonartha. Le linn 2020 ní dhearnadh scaoilfócaíocht ar bith don Ardbhainistíocht.

## TEIDLÍOCHTAÍ TUARASTAIL AGUS PINSIN

Tugann na rannáin a leanas mionsonraí ar leas tuarastail agus pinsin Ardbhainistíochta Uiscebhéalait Eireann.

## NOCHTADH PÁ CÓIR

Ní mór d'Uiscebhéalait Eireann an gaol idir an íocaíocht idir an stiúrthóir a fhaigheann an tuarastal is airde agus

íocaíocht airmheánach lucht oibre na heagraíochta.

Ba é €105,241 an íocaíocht a fuair an stiúrthóir leis an tuarastal is mó in 2020 (2019: €100,614). In 2020, bhí sé seo cothrom le 2.49 oiread níos mó (2019: 2.52 oiread níos mó) ná íocaíocht airmheánach an lucht saothair i 2020 - €42,252 (2019: €41,716). Baintear úsáid as lárphointe íocaíochta bandálite ag an stiúrthóir leis an tuarastal is airde sa phost ar an lá tuairiscithe 31 Nollaig, i gcomhréir Tuairisc Bhliantúil Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Treoir Chuntasáiochta..

Bá é €8510 go €105,241 an réimse íocaíochta don fhoireann in 2020. In 2020 agus 2019 ní bhfuair fostáí ar bith íocaíocht níos airde ná a stiúrthóir leis an tuarastal is airde.

Cuimsíonn íocaíocht iomlán an tuarastal amháin, ní íocann Uiscebhéalait Eireann pá i gcoibhneas le feidhmíocht nach bhfuil comhdhlúite. Ní chuimsíonn sé ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra agus luach aistrithe choibhéis airgid ar phinsin.

## TUARASTAL

Cuimsíonn 'tuarastal' olltuarastail agus liúntas ar bith eile a bhfuil cáin le híoc air in RA nó in Éirinn.

## SOCHAIR CHOMHCHINÉAIL

Cuimsíonn luach airgeadúil ar shocair chomhchineáil sochair ar bith a thugann an fostóir agus a phléann Coimisinéirí loncaim agus Custam na Banríona / Coimisinéirí loncaim na hÉireann leo mar shocair inchánach. Níor íocadh sochair chomhchineáil ar bith leis an Ardbhainistíocht in 2020 ná 2019.

## BÓNAIS

Níl sé mar pholasáí ag Uiscebhéalait Eireann bónais airgid a íoc leis an Ardbhainistíocht nó leis an fhoireann. Níor íocadh bónas ar bith in 2020 nó 2019.

## LUACH SAOTHAIR (TUARASTAL SAN ÁIREAMH) AGUS TEIDLÍOCHTAÍ PINSIN NA FOIRNE ARDBHAINISTÓCHTA

	Tuarastal	2020 Sochair Pinsin 1	Iomlán	Tuarastal	2019 Sochair Pinsin 1	Iomlán
Luach Saothair iomlán na hArdbhainistóchta	€ 590,413	€ 273,048	€ 863,461	€ 593,458	€ 352,223	€ 945,681
Luach Saothair iomlán na hArdbhainistóchta Coibhéis Lánaimseartha	€ 621,868	€ 273,048	€ 894,916	€ 612,253	€ 352,223	€ 964,476

Nótaí:

1 Cuimsíonn An Fhoireann Ardbhainistóchta An Príomhfheidhmeannach, An Stiúrthóir Airgeadais agus Pearsanra, An Stiúrthóir Forbairt Ghnó, An Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla, agus Bainisteoirí Réigiúnacha san Oirtear, san Iarthar agus sa Tuaisceart. Le linn 2020 fostáodh an Príomhfheidhmeannach trí ghníomhaireacht agus ní raibh sé fostaithe go díreach ag Uiscebhealaí Éireann. D'éirigh an Stiúrthóir Forbairt Ghnó as a phost ar 24 Aibreán 2020, níor líonadh an folántas seo le linn na bliana. D'éirigh an Stiúrthóir Airgeadais agus Pearsanra as a phost ar 31 Nollaig 2020. Ceapadh an Stiúrthóir Gníomhach Airgeadais agus Pearsanra mar sheirbhís ar chonradh ar 1 Deireadh Fómhair 2020. Cuirtear na costais seo san áireamh mar phríomhbhainistócht thusa. Léiríonn an Choibhéis Lánaimseartha íocaíochtaí leis an Fhoireann Ardbhainistóchta le linn na bliana agus d'fhóluntas Stiúrthóir Forbairt Ghnó baintear úsáid as an tuarastal bliantúil.

2 Ríomhtar luach sócmhainní pinsin le linn na bliana mar (an fior-mhéadú pinsin iolraithe faoi 20) móide (an fior-mhéadú ar chnapshuum ar bith) lúide (ranníocaíochtaí a rinne an duine aonair).

Ní chuirtear méaduithe de dheasca bhoilscithe nó méadú ná laghdú ar bith de dheasca aistriú chearta pinsin san áireamh san fhíor-mhéadú.

Luainiú ar rátaí malaire – bíonn luainiú ar phá euro de dheasca athruithe sa ráta malaire in 2020 €1.125 (2019 €1.1405) go €1.

Ós rud é go léireodh nochtadh ar luach saothair aonair sárú ar Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí tugtar achoimre ar íocaíocht na n-ardbhainisteoirí.

## NOCHTADH PÁ CÓIR

	2020 €	2020 £	2019 €	2019 £
Lárphointe bhanda an stiúrthóra leis an tuarastal is airde	105,000	93,333	105,000	92,065
Íocaíocht Airmheánach Foirne	42,252	37,548	41,716	36,577
Cóimheas	2.49		2.52	
Réimse Íocaíochtaí Foirne	€8,510 go €105,241	£7,564 go £93,547	€0 go €100,614	£0 go £88,219

## SOCHAIR PHINSIN

Ainm	Pinsean Fabhraithe ag Aois Phinsin ar 31/12/20 agus Cnapshuim bhainteach	Fíor-ardú Pinsin agus Cnapshuim bhainteach ag Aois Phinsin.	CETV ar 31/12/20	CETV ar 31/12/19	Fíor-ardú in CETV
Bainisteoir Réigiúnach 1	Pinsean €50,000 Cnapshuim €151,000	Pinsean €2,000 Cnapshuim €7,000	€1,138,000	€1,115,000	€23,000
Bainisteoir Réigiúnach 2	Pinsean €50,000 Cnapshuim €151,000	Pinsean €2,000 Cnapshuim €7,000	€1,163,000	€1,139,000	€24,000
Bainisteoir Réigiúnach 3	Pinsean €37,000 Cnapshuim €111,000	Pinsean €3,000 Cnapshuim €9,000	€711,000	€641,000	€70,000
Stiúrthóir 1	Pinsean €7,500 Cnapshuim €0	Pinsean €500 Cnapshuim €0	€85,000	€82,000	€3,000
Stiúrthóir 2	Pinsean €5,500 Cnapshuim €0	Pinsean €1,500 Cnapshuim €0	€57,000	€42,000	€15,000
Stiúrthóir 3	Pinsean €28,000 Cnapshuim €61,000	Pinsean €4,000 Cnapshuim €6,000	€524,000	€454,000	€70,000

NÓTAÍ:

<sup>1</sup> Ní baill den Scéim Phinsin iad an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Gníomhach Airgeadais agus Pearsanra.

## SOCRUITHE PINSIN - CUR SÍOS GINEARÁLTA AR AN SCÉIM

Tá roinnt rannán sa scéim pinsin le struchtúir sochair dhifriúla. Is iad na príomhrannáin:

### Rannán an Bhuntuarastail Deiridh

Is socrú pinsin deiridh é seo le sochair bunaithe ar an rannán Clasaiceach de Phríomhscéim Pinsin na Státseirbhise i dTuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóduithe do gach bliain de sheirbhís), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú do gach bliain de sheirbhís) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is é an 60ú breithlá an ghnáthaois scoir. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) ar aon dul le boilsciú praghsanna ginearálta.

### Rannán an Bhunalfa

Is socrú pinsin é seo bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime athluachálte nó scéim CARE le sochair bunaithe ar rannán alfa Phríomhscéim Pinsin na Státseirbhise i dTuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim pinsean bunaithe ar chéatadán (2.32%) de phá inphinsin do gach bliain de bhallaíocht ghníomhach (méadaíonn/laghdaíonn an pinsean ag túis gach bliain den scéim ar aon dul le boilsciú praghsanna ginearálta) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is é an Aois Phinsin Stáit sa dlínse chuí an ghnáthaois scoir, 66 faoi láthair a ardóidh go 68 in RA idir 2037 agus 2039 agus 66 in Éirinn. Bhí an aois Phinsin Stáit in Éirinn le hardú go 67 ó Eanáir 2021 agus ansin 68 ó 1 Eanáir 2028 ach chuir an rialtas an t-athrú seo siar agus bunaíodh Coimisiún Pinsin leis an athrú ar aois an phinsin Stáit a mheas chomh maith le hinbhuanaitheacht agus cothromáiocht ó ghlúin go glúin. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) ar aon dul le boilsciú praghsanna ginearálta.

### Rannán do Chearta ar Cosaint

Múnláodh roinnt rannán den scéim ar scéimeanna pinsin seirbhísí poiblí ó Dheas agus bhí ballraíocht ag fostaithe Fhorais Thuaidh/Theas nuair a ainmníodh agus aistríodh iad agus na Forais á mbunú.

Is socraíochtaí pinsin thuarastal deiridh le easanna iad mar atá ag an scéim ábhartha do sheirbhísí poiblí ó Dheas, m.sh Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh bhunaithe. Soláthraíonn na scéimeanna seo pinsin (do bhaill neamh-chomhtháite, ochtóduithe do gach bliain seirbhiseach do bhaill chomhtháite, dhá chéadú do gach bliain seirbhiseach ar thuarastal suas go 3.333 oiread níos mó ná an Pinsean Seanaoise Ranníocach Stáit agus ochtóduithe do gach bliain seirbhiseach ar thuarastal 3.333 oiread níos mó ná an Pinsean Seanaoise Ranníocach Stáit, aisce nó cnapshuim (trí ochtódú do gach bliain seirbhiseach) chomh maith le pinsin leanaí agus nuachair. I mí na Nollag 2018, chuir RCPA in iúl d'Fhorais go raibh orthu aoi dul ar scoir éigeantach a ardú go 70 mar a leagadh amach i mBille Aoisliúntas Seirbhísí Poiblí (Aois Dul ar Scoir) 2018 ar bhonn riarracháin. Téann íocaíochtaí

(agus iarchur) pinsin i méid de réir boilsciú tuarastail ghinearálta san earnáil phoiblí. Cuirtear i bhfeidhm an Scéim Pinsin Neamhranníocach d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe agus an Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe mar Scéim Cearta ar Cosaint d'Uiscebealaí Éireann sa Deisceart. I dTuaisceart Éireann, is í an scéim ábhartha Príomhscéim Pinsin Státseirbhise TÉ. Bíonn easanna ag bunús na mball croírannóg i rannóga Tuarastal Deiridh agus Alfa agus den chuid is mó, cláróidh daoine a thiocfaidh isteach sa Scéim i ndiaidh 1 Aibreán 2015 mar bhaill i gCroírannóg Alfa.

Rinne achtúire cálithe neamhspleách (Deloitte) an luacháil a úsáideadh le faisnéisiú FRS 102 go 31 Nollaig 2020 a dhéanamh. Ullmháodh na tortaí i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhileanais na Scéime trí eolas ar bhallaíocht ar na dátaí a bhuail cur síos orthu i Nótáí 17.1 ar 31 Nollaig 2020.

## LUACHANNA AISTRITHE CHOIBHÉIS AIRGID

Is ionann luach aistrithe choibhéis airgid (CETV) agus luach caipitleithe sochair na scéime fabhráithe ag ball ag am ar leith a ndearnadh measúnú achtúireach orthu. Is iad na sochair fhabhraithe agus pinsean céile teagmhasach atá le híoc ón scéim na sochair a ndéantar luacháil orthu. Déantar íocaíocht CETV ag scéim pinsin nó socrú eile chun sochair pinsin i scéim pinsin nó i socrú eile a chosaint nuair a fhágann ball scéim agus roghnaíonn sé / sí na sochair fhabhraithe ón chéad scéim a aistriú. Baineann na figiúirí pinsin taispeánta leis na sochair a d'fhabhraighe duine mar thoradh ar an bhallaíocht iomlán den scéim pinsin, seachas lena sheirbhís mar ardbhainisteoir ina mbíonn noctadh i bhfeidhm.

Cuimsíonn na figiúirí CETV an luach ar shocchar pinsin ar bith i scéim nó socrú eile a d'aistrígh an duine go scruithe pinsin Uiscebealaí Éireann. Cuimsíonn siad freisin sochar pinsin ar bith breise fabhráithe leis an bhall mar thoradh ar bhlianta pinsin bhreise a cheannaigh sé/sí sa scéim ar a c(h)ostas féin. Ríomhtar CETV de réir Rialúcháin Scéimeanna Pinsin Ghairme 2008 (Luachanna Aistrithe) (Leasú) agus ní chuireann siad laghdú fíor nó féideartha ar shocchar san áireamh a bhíonn mar thoradh ar Liúntas Cánach Saoil a bheadh le híoc nuair a ghlaictar le sochair pinsin.

## MÉADÚ FÍOR AR CETV

Léiríonn sé seo an méadú in CETV a mhaoiníonn an fostóir. Ní chuireann sé san áireamh an méadú ar phinsean fabhráithe mar thoradh ar bhoilsciú, ranníocaíochtaí a rinne an fostáí (luach sochar ar bith aistrithe ó scéim nó socrú pinsin eile san áireamh) agus baineann sé úsáid as fachtóirí luachála cómhargaidh do thús agus do dheireadh na tréimhse.

## CÚITEAMH AS CAILLEADH POIST

Le linn 2020 rinneadh íocaíochtaí cúitimh dar luach €20,756 mar a léirítear sa tábla thíos.

Banda Costais	lomarcaíochtaí Éiginnteachta	Imeachtaí Eile	lomlán na bPacáistí	2020 Costas lomlán €	lomarcaíochtaí Éiginnteachta	Imeachtaí Eile	lomlán na bPacáistí	2019 Costas lomlán €
€0 go €20,000	3	0	3	20,756	0	0	0	0
€20,001 go €40,000	0	0	0	0	0	0	0	0
€40,001 go €60,000	0	0	0	0	0	0	0	0
€60,001 go €80,000	0	0	0	0	0	0	0	0
€80,001 go €100,000	0	0	0	0	0	0	0	0
€100,001 go €150,000	0	0	0	0	0	0	0	0
€150,001 go €200,000	0	0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁIN	3	0	3	20,756	0	0	0	0

## BANDAÍ TUARASTAIL DO GACH FOSTAÍ

Líon na bhfostaithe a raibh sochair acu don blhiaín dar críoch 31 Nollaig taobh istigh de na bandaí seo a leanas:

Bandaí Tuarastail €	2020 (líon na bhfostaithe)	2019 (líon na bhfostaithe)
Níos ísle ná 40,000	200	191
40,000-49,999	105	108
50,000-59,999	34	38
60,000-69,999	29	17
70,000-79,999	8	10
80,000-89,999	2	1
90,000-99,999	1	1
100,000-109,999	3	2
IOMLÁIN	382	368

Tá íocaíochtaí pá i riarráiste le baill foirne a d'fhág an Foras san áireamh thusa.

## Uiscebealaí Éireann

### TEASTAIS NA nARD-REACHTAIRÍ AGUS NA nARD-INIÚCHÓIRÍ LE TIONÓL THUAISCEART ÉIREANN AGUS TITHE AN OIREACHTAIS

#### Tuairim ar na cuntasí

Dearbhaímid go ndearna muid iniúchadh ar chuntasí Uiscebealaí Éireann (an Foras) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de bhun phorálacha Ord Comhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine/na hÉireann 1999 a éilíonn go ndéanaimid iniúchadh agus dearbhú i gcomhpháirt na cuntasí a thugann an Foras dúinn.

Cuimsíonn na cuntasí:

- an ráiteas ioncaim;
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach;
- an ráiteas ar an staid airgeadais;
- an ráiteas ar shreabhadh airgid; agus,
- an ráiteas ar athruithe maidir le cothromas; agus
- na notaí bainteacha le polasaithe cuntasaíochta suntasacha.

Uillmhaíodh na cuntasí seo de réir na bpolasaithe atá leagtha amach iontu.

Inár dtuairim:

- tugann na cuntasí léargas fíor agus cothrom ar staid ghnó an Fhorais ar 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain a chuaigh thart; agus
- ullmhaíodh na cuntasí seo mar is ceart de réir an Chaighdeáin Um Thuairisciú Airgeadais infheidhme in RA agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus an treoir cuntasí san aguisín leis na cuntasí.

#### Tuairim ar rialtacht

Inár dtuairim, cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam sna cuntasí i bhfeidhm do chuspóirí Thionól Thuaisceart Éireann agus Thithe an Oireacntais ar gach bealach agus cloíonn na hidirbhearta airgeadais atá á dtuairisciú leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

#### Bunús na dtuairimí

Rinne muid an t-iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAs). Déantar cur síos níos mó ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa rannán den teastas seo a bhaineann le freagrachtaí na n-iniúchóirí. Táimid neamhspleách ar an Fhoras de réir riachtanais eiticiúla Chaighdeán Eiticiúil Athbhreithnithe na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais 2019 agus an Chóid Eitice a d'eisigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta agus chomhlíon muid ár bhfreagrachtaí eiticiúla dé réir na riachtanas seo.

Creidimid gur leor agus gur chuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt chur lenár dtuairimí.

#### Faisnéis lasmuigh de na cuntasí

Chuir an Foras faisnéis ar leith eile i láthair leis na cuntasí. Cuimsíonn sé seo an tuairisc bhliantúil, an réamhrá leis na cuntasí, an ráiteas ar an gcorás rialaithe inmheánaigh/ráiteas ar rialachas agus an ráiteas ar íocaíocht. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na cuntasí an fhaisnéis lasmuigh díobh agus ní chuirimid conclúid dearbhaile in iúl ar bhealach ar bith ina thaobh.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na cuntasí, tá freagracht orainn an fhaisnéis lasmuigh a léamh, agus, dá bharr machnamh a dhéanamh faoin fhaisnéis lasmuigh bheith neamhréireach go hábhartha leis na cuntasí nó leis an eolas a fuaireamar le linn na n-iniúchtaí nó an chuma a bheith ann go raibh míshonrú ábharach ann. Má shocraímid,

bunaithe ar an obair a rinne muid go bhfuil míshonrú ábharach ar an fhaisnéis lasmuigh seo, ní mór dúinn sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina thaobh seo.

### Ceisteanna ar an ndéanaimid tuairisciú le heisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na ceisteanna seo a ndéanaimid tuairisciú orthu go hiondúil má mheasaimid:

- nach bhfuair muid gach faisnéis agus míniú a bhí ag teastáil uainn don iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go ndéanfaí iniúchadh luath agus ceart ar na cuntais, nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta, nó
- nach léirítéar go bhfuiltear ag cloí leis an treoir infheidhme ar rialachas corparáideach ar an ráiteas ar chóras rialaithe inmheánaigh/rialachais.

### Freagrachtaí an Fhorais agus an Oifigigh Cuntasaíochta as na cuntais

Mar a shainmhínítear sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí, tá an Foras freagrach as na cuntais a ullmhú ar bhonn treoir cuntais atá san agusín leis na cuntais. Tá an Foras freagrach as a bheith sásta go dtugann na cuntais léargas fíor agus cothrom freisin. Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as cuibheas agus as rialacht maidir le húsáid airgid phoiblí.

### Freagrachtaí na n-iniúchóirí

Tá an fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais de réir fhorálacha Ord Comhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlacthaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine/na hÉireann 1999 agus é a thuairisciú le Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtas.

Tá sé de chuspóir againn agus muid ag tabhairt faoin iniúchadh cinnteacht réasúnta a bhaint amach go bhfuil na cuntais saor ó mhíshonrú ábharthach, ceachtar calaois nó earráid ar cúis leis. Is leibéal ard cinnteachta é cinnteacht réasúnta ach ní gheallann sé, go n-aimseoidh iniúchadh déanta de réir na ISAnna míshonrú ábharach nuair is ann dá leithéid. Tig le míshonrUithe teacht chun cinn de dheasca calaoise nó earráide agus meastar gur míshonruithe ábharacha iad dá mbeadh ionchas ann tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na cuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirimid breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinnímid amhras gairmiúil le linn na n-iniúchtaí. Dá bharr seo:

- Aimsímid rioscaí míshonraithe ábharacha agus déanaimid measúnú ar cé acu calaois nó earráidí is cúis leo; dearaimid agus cuirimid gnásanna iniúchóireachta i bhfeidhm chun freagairt a thabhairt ar na rioscaí sin; agus faighimid go leor fianaise iniúchóireachta chuí chun bunús a thabhairt lenár dtuairim. Tá riosca níos mó ann gan míshonrú ábharach a aimsíú ar calaois is cúis leis ná míshonrú ar earráid cúis leis, óir seans go mbainfeadh claoipháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, bréaglériú nó sárú ar rialú inmheánach leis an chalaois.
- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach ábharach don iniúchadh le go ndearfaimis gnásanna iniúchóireachta a bheadh oriúnach do na cúinsí ach nach mbeadh feidhm leo tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimid luacháil ar oriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta atá in úsáid agus ar réasúntacht meastachán cuntasaíochta agus nochtaí a bhaineann leo.
- Tugaimid conclúid ar oriúnacht úsáid ghnóthais leantaigh mar bhonn cuntasaíochta agus bunaithe ar an fianaise iniúchóireachta a fhailear, ar éiginnteacht ábharach féideartha a bhaineann le himeachtaí ní le coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas an Fhorais leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thugaimid conclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dúinn aird a thabhairt ar na nochtaí bainteacha sa tuairisc, nó, mura mbíonn na nochtaí sin sásúil, ár dtuairim a athrú. Bíonn na conclúidí a thugaimid bunaithe ar fianaise a fhad leis an dáta tuairiscithe. Ach, bheadh imeachtaí ní coinníollacha sa todhchaí ina gcúiseanna nach mairfeadh an Foras ina ghnóthas leantach.

- Déanaimid luacháil ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na gcuntas, na nochtaí san áireamh, agus má léiríonn na cuntais na bun-idirbhearta agus na bunimeachtaí ar bhealach cothrom.

Déanaimid cumarsáid leis na daoine sin a bhfuil dualgas rialachais orthu maidir le scóip phleanála agus am an iniúchta, torthaí suntasacha ón iniúchadh, easnaimh shuntasacha maidir le rialú inmheánach san áireamh a aimsímid le linn an iniúchta, i measc ceisteanna eile.

Ina theannta sin, ní mór dúinn go leor fianaise a fháil le dearbhú réasúnta a thabhairt gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a bhfuil taifead síobh sna cuntais i bhfeidhm le cuspóirí Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtas agus go gcloíonn na hidirbhearta airgeadais atá á dtuairisciú leis na húdarás a dhéanann rialú orthu.

Kieran Donnelly  
Ard-Reachtaire agus Ard-Iniúchóir Thuaisceart Éireann  
Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann

1 Bradford Court  
Galwally  
Béal Feirste  
BT8 6RB

14 Nollaig 2021

Seamus McCarthy  
Ard-Reachtaire agus Ard-Iniúchóir, Éire Óifig  
3A Sráid an Mhéara Uachtair  
Baile Átha Cliath 1  
Éire  
DO1 PF72

# IOCAM AGUS RÁITIS IONCAIM CHUIMSITHEACHA

## RÁITEAS IONCAIM

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	€'000	£'000	€'000	£'000
		2020	2020	2019	2019
<b>IONCAM</b>					
Maoiniú Ioncaim Reatha ó Ranna	2	26,898	23,909	25,445	22,311
Scaoileadh ó Dheontas Caipítil agus Cistí Cúltaca Athluachála/Tabhartais/Deontais		11,941	10,614	10,965	9,614
Ioncam oibriúcháin eile	3	6,349	5,643	5,538	4,857
<b>IONCAM IOMLÁN</b>		<b>45,188</b>	<b>40,166</b>	<b>41,948</b>	<b>36,782</b>
<b>CAITEACHAS</b>					
Costais Foirne	4	23,603	20,980	21,531	18,879
Costais Chláir	5	5,755	5,115	5,303	4,650
Costais Oibriúcháin Eile	6	7,952	7,067	5,530	4,847
Airgead Reatha (gnóthachain)/caillteanas agus ús iníocha		59	52	(27)	(24)
Dímheas	7.1,7.2	11,369	10,106	10,954	9,605
<b>CAITEACHAS IOMLÁN</b>		<b>48,738</b>	<b>43,320</b>	<b>43,291</b>	<b>37,957</b>
<b>Easnamh Oibriúcháin don Bhliain</b>		(3,550)	(3,154)	(1,343)	(1,175)
(Caillteanas)/Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealmh		(571)	(508)	14	12
<b>(Easnamh) don Bhliain</b>		<b>(4,121)</b>	<b>(3,662)</b>	<b>(1,329)</b>	<b>(1,163)</b>
<i>Is cuid den chuntas seo iad na nótaí ar leathanáigh 133 go 152..</i>					

## RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
<b>(Easnamh) don bhliain</b>		(4,121)	(3,662)	(1,329)	(1,163)
Achtúireach (caillteanas)/gnóthachain ar dhliteanas pinsin	17.2	(19,140)	(17,215)	(14,885)	(12,651)
Aistriú glan (isteach)/amach na scéime	17.2	(26)	(23)	36	32
Coigeartú ar mhaoiniú ar phinsean iarchurtha		19,166	17,238	14,849	12,619
Barrachas neamhréadaithe ar athluacháil Talún agus Foirgnimh	7.1, 7.2	26,390	23,736	11,696	9,941
<b>Gnóthachán Áitheanta lomlán don bhliain</b>		22,269	20,074	10,367	8,778

Is cuid den chuntas seo iad na nótaí ar leathanachaí 133 go 152.

John McDonagh  
Príomhfheidhmeannach  
6 Nollaig 2021

# RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS

## RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

ar 31 Nollaig 2020

	Nótaí	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
<b>RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH</b>					
<b>SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE</b>					
Sócmhainní Inláimhsithe	7.1	33,459	30,095	33,388	28,380
Sócmhainní Oibriúcháin agus Obair Idir Lámha	7.2	769,697	692,298	747,949	635,741
<b>SOCHMHAINNÍ REATHA</b>					
Infheistíocht Ghearrthéarmach	8	-	-	2,000	1,700
Airgead sa bhanc agus airgead tirim	9	7,246	6,517	5,509	4,682
Stoc	10	597	537	674	574
Infháltais/Réamhíocaíochtaí – suimeanna le híoc taobh istigh de bhliaín amháin	11	2,099	1,888	1,265	1,075
		9,942	8,942	9,448	8,031
<b>DLITEANAISS REATHA</b>					
Iníocthaigh - méideanna le híoc taobh istigh de bhliaín amháin	12	(6,971)	(6,270)	(6,025)	(5,121)
		2,971	2,672	3,423	2,910
Infháltais/Réamhíocaíochtaí – suimeanna le híoc tar éis bliain amháin	11	13	12	126	107
Iníocthaigh - méideanna le híoc taobh istigh de bhliaín amháin	12	(92)	(83)	(96)	(82)
Maoiniú Pinsin larchurtha	17.4	156,833	141,062	131,895	112,108
Dliteanais Pinsin	17.5	(156,833)	(141,062)	(131,895)	(112,108)
Forálacha	14	(7,169)	(6,448)	(4,045)	(3,438)
		798,879	718,546	780,745	663,618
<b>SÓCMHAINNÍ SAN IOMLÁN LÚIDE DLITEANAISS</b>					
<b>AIRGEADAS LE:</b>					
<b>CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ</b>					
Cúlchiste Ioncaim		(6,549)	(5,891)	(2,547)	(2,165)
Cúlchiste Deontais Chaipitil agus Luachála		785,613	706,615	765,499	650,659
Cúlchiste Tabhartais		18,297	16,457	16,186	13,758
Cúlchiste Deontais		1,518	1,365	1,607	1,366
		798,879	718,546	780,745	663,618

Is cuid den chuntas seo iad na nótaí ar leathanáigh 133 go 152.



John McDonagh  
Príomhfheidhmeannach  
6 Nollaig 2021

# RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

## RAITEAS SREABHADH AIRGID

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Glan-insreabhadh/eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	15.1	(700)	(622)	1,566	1,373
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA</b>					
Taiscí gearrthéarmacha ar théarma seasta	8	2,000	1,700	1,000	991
Fáltas ó dhíol gléasra, talún, cearta maoine		1,000	889	143	125
Íocaíochtaí chun maoine inlámhsithe, gléasra agus trealamh a fháil	7.1,7.2	(7,747)	(6,886)	(6,868)	(6,022)
Glan-eis-sreabhadh airgid roimh mhaoiniú		(5,447)	(4,919)	(4,159)	(3,533)
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE</b>					
Maoiniú caipitil faighe		4,564	4,057	4,632	4,061
Tabhartais/Deontais faighe		2,620	2,329	1,758	1,541
Difríocht maidir le haistriú airgeadra		-	368	-	(327)
Glanmhéadú/(laghdú) airgid agus coibhéisí airgid	15.2	1,737	1,835	2,231	1,742
Airgead agus coibhéisí airgid ag túis na bliana		5,509	4,682	3,278	2,940
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	15.2	7,246	6,517	5,509	4,682

Is cuid den chuntas seo iad na nótaí ar leathanaigh 133 go 152..

Léiríonn an coigeartú ar aistriú airgeadra athrú ar luach na sócmhainní reatha agus dliteanais ar cúis leo. Rátaí malaирte le linn na bliana.



John McDonagh  
Príomhfheidhmeannach  
6 Nollaig 2021

# RÁITEAS AR ATHRUITHE AR AN GCAIPITEAL GNÁTHSCAIREANNA

## RÁITEAS AR ATHRUITHE MAIDIR LE COTHROMAS ar 31 Nollaig 2020

CÚLCHISTE IONCAIM	Nótaí	€'000	£'000	€'000	£'000
		2020	2020	2019	2019
Ar 01 Eanáir		(2,547)	(2,165)	(1,357)	(1,217)
Barrachas/(Easnamh) sa bhliain		(4,121)	(3,662)	(1,329)	(1,163)
Móide: Aistriú ó Dheontas Caipitil agus					
Cúlchiste Athluachála agus Cúlchiste		119	106	139	122
Tabhartaí					
Difríocht maidir le haistriú airgeadra		-	(169)	-	93
Ar 31 Nollaig		(6,549)	(5,890)	(2,547)	(2,165)

### NÓTAÍ:

Baineann Aistriú ó Dheontas Caipitil agus Cúlchiste Athluachála diúscairt talún/cearta maoine €119,000.

De réir nota 2.1 meastar gur caipiteal iad costais chláir ioncaim ar chúiseanna maoinithe.

Léiríonn an coigeartú aistriú airgeadra athrú ar luach An Chúlchiste loncaim ar cúis leis rátaí malaирte le linn na bliana.

DEONTAS CAIPITIL AGUS CÚLCHISTE ATHLUACHÁLA	Nótaí	€'000	£'000	€'000	£'000
		2020	2020	2019	2019
Ar 01 Eanáir		765,499	650,659	759,845	681,538
Deontais Caipitil a fuarthas	2	4,564	4,057	4,632	4,061
Coigeartú Athluachála agus Dímheasa	7.1, 7.2	27,012	24,296	11,696	9,941
Lúide: Aistriú chuig an Chúlchiste loncaim		(119)	(106)	(129)	(113)
Lúide: Amúchadh Deontais Chaipitil		(11,343)	(10,083)	(10,545)	(9,246)
Difríocht maidir le haistriú airgeadra	7.1, 7.2	-	37,792	-	(35,522)
Ar 31 Nollaig		785,613	706,615	765,499	650,659

### NÓTAÍ:

Baineann coigeartú ar iarmhéad tosaigh le dímheas carntha €622,000 a gearradh ar fhoirgnimh athluacháilte in 2019 don tréimhse roimh an athluacháil. Rinneadh coigeartú ar an dímheas chun an táille a léiriú le linn na saolré fóntha.

CÚLCHISTE TABHARTAIS	Nótaí	€'000	£'000	€'000	£'000
		2020	2020	2019	2019
Ar 01 Eanáir		16,186	13,758	14,754	13,233
Tabhartaí a fuarthas		2,620	2,329	1,758	1,541
Lúide: Amúchadh Deontas		(509)	(452)	(316)	(277)
Lúide: Aistriú chuig an Chúlchiste loncaim		-	-	(10)	(9)
Aistriú chuig an Chúlchiste loncaim	7.1, 7.2	-	822	-	(730)
Ar 31 Nollaig		18,297	16,457	16,186	13,758

### NÓTAÍ:

Tabhartaí ó thríú páirtithe Sócmhainní agus maoiniú chun obair a chur i gcríoch ar na huiscebhealaí. In 2019, aistríodh €10,000 chuig an Chúlchiste loncaim don tabhartas a fuarthas an bhliain roimhe inar cláraíodh an obair mar chaiteachas.

Léiríonn an coigeartú ar aistriú airgeadra athrú ar luach an Chúlchiste Tabhartais ar cúis leis rátaí malaирte le linn na bliana.

CÚLCHISTE DEONTAIS	Nótaí	€'000	£'000	€'000	£'000
		2020	2020	2019	2019
Ar 01 Eanáir		1,607	1,366	1,711	1,535
Lúide: Amúchadh Deontas		(89)	(79)	(104)	(91)
Difríocht maidir le haistriú airgeadra	7.1, 7.2	-	78	-	(78)
Ar 31 Nollaig		1,518	1,365	1,607	1,366

**NÓTAÍ:**

Deontais ó thríú páirtithe maoinithe chun obair a chur i gcrích ar na huiscebhealaí.

Léiríonn an coigeartú ar aistriú airgeadra athrú ar luach an Chúlchiste Deontais ar cúis leis rátaí malaирte le linn na bliana.



John McDonagh  
Príomhfheidhmeannach  
6 Nollaig 2021

## NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

### 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

#### 1.1 COINBHINSIÚN CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na cuntas de réir an choinbhinsiúin chostais stairiúla athraithe chun míniú a thabhairt ar an athluacháil ar mhaoine, gléasra agus trealamh. Cloíonn na cuntas leis na riachtanais chuntasaíochta agus nochtaí a d'eisigh DoF agus DPER i 2017.

#### 1.2. RÁITEAS AR CHOMHLÍONTAHTH LE FRS 102

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Uiscebhéalait Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de réir Tuairiscí Blantúla agus Treoir Cuntasaíochta na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas (lúil 2017), a thairg DoF agus DPER, i gcomhar le hOifig Iníúchóireachta Thuaisceart Éireann agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn.

#### 1.3 IONCAM

Cuimsíonn ioncam deontais airgid a fhaightear agus atá infhála ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) a mhaoinigh gníomhaíochtaí sa tréimhse reatha. Mínítear Ioncam Oibríochta eile ar bhonn fabhraithe, ach cuimsíonn ioncam oibríochta ioncam ó úsáid loingseoireachta ar nós ceadúnais, múrálacha Geimhridh a mhínítear ar bhonn fabhraithe, agus doláil glais agus táillí duga thirim aitheanta ar bhonn fáltais. Athnítear deontais ón Rialtas ar bhonn fabhraithe de réir FRS102.

#### 1.4 CAITEACHAS

Baineann caiteachas le gníomhaíochtaí oibríochta Uiscebhéalait Éireann agus mínítear é seo ar bhonn fabhraithe.

#### 1.5 INFHÁLTAS

Tugtar ráiteas ar infháltas tar éis lamháltas do dhrochfhiacha agus d'fhiachas amhrasacha.

#### 1.6 IONCAM IARCHURTHA

Cuimsíonn ioncam iarchurtha comhaontú le hUiscebhéalait Éireann €135,000 a fháil do rochtain eisiach ar dhucht a bhfuil cuid de suite ar thalamh Uiscebhéalait Éireann. Tá an ducth seo ar thalamh Uiscebhéalait Éireann 25,600 méadar ar fad. Is é cáblaí teileachumarsáide a choinneáil an t-aon úsáid amháin leis an ducth seo agus ní féidir le páirtí ar bith eile an ducth seo a úsáid. Mairfidh an léas dhá théarma de 35 bliain gan chlásail scoir. Scaoilfear €135,000 leis an Ráiteas Ioncaim thar 35 bliain ag tosú in 2011. Tá 25 bliain fágtha agus scaoileadh €3,857 le hioncam in 2020. Tá €147,000 de mhaoiniú a fuarthas do Chanáil Uladh i gCluain Eois agus maoiniú comhpháirtíochta de €140,000 do mhargaíocht Glasbhealach na Canála Ríoga le caitheamh fós in 2021. €24,000 an méid a fuarthas mar ioncam ó cheadúnais agus íocaíochtaí ar mhúrlála Geimhridh i 2021 san iomlán.

#### 1.7 MAOINE, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Caipitlíonn Uiscebhéalait Éireann réada a bhfuil saolré eacnamaíoch úsáideach acu de níos mó ná bliain amháin agus le luach os cionn €1000. Caitear le caiteachas ar TF agus troscán agus feistis mar shócmhainn ghrúpálte agus caipitlítéar iad.

Caipitlítéar caiteachas ar thionscadail a chuirtear in áit nó a chuireann le poitéinseal seirbhíse mhaoine, gléasra agus trealamh. Caipitlítéar costais foirne atá go díreach inchurtha i leith na dtionscadal seo.

Maidir le tionscadail nach bhfuil curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana ach a chruthóidh sócmhainn nua nó athluacháil ar shócmhainn oibríochta ar ann dó cheana, cuirtear na costais san áireamh mar obair idir lámha.

Tá gnás laige in áit agus léirítéar é seo sa chúlchiste athluachála.

## LUACHÁLACHA:

Tá sé d'aidhm ag Uiscebhealaí Éireann gach catagóir sócmhainne a luacháil gach cúig bliana ar a laghad agus teaglaim de luachálaithe gairmiúla, luachálaithe seachtracha agus fáltais ó dhíolachán aontaithe in úsáid. Is sócmhainní speisialaithe iad na sócmhainní oibríochta maidir le cineál, suíomh agus feidhm. Déanann innealtóirí cailithe gairmiúla inmheánacha luacháil orthu a bhfuil tacaíocht acu ó athbhreithniú ar an phróiseas in úsáid chun luacháil a dhéanamh ar shócmhainní oibríochta le comhlíonadh FRS102 a dhearbhú.

Ó 2012 cuireann Uiscebhealaí Éireann sonraí atá ar fáil ó iniúchtaí i bhfeidhm ar choinníollacha sócmhainne go saolré sócmhainne. Déantar measúnú ar iniúchtaí ag saineolaithe innealtóireachta cailithe inmheánacha agus seachtracha. Mar thoradh air seo bhí glanmhéadú €21,600,000, i gcuntais 2020 a léirigh;

- Feabhas ar fhaisnéis trasna Loc, Locgheataí, Droichid agus Coraí tríd an mheasúnú céad choiníoll ar shócmhainní a leagtar amach ag lárphointe na saolré, agus
- Athrú maidir le coinníollacha ó iniúchtaí a bhí ann cheana.

Rinne dhá chineál iniúchta eolas do choinníollacha sócmhainne Loc, Geataí Loic, Droichid agus Coraí i gcuntais 2020;

- Iniúchtaí ginearálta a dhéantar gach 2-5 bliain; agus
- Príomhiniúchtaí a dhéantar gach 6-20 bliain;  
Braitheann am na n-iniúchtaí ar an tsócmhainn ar aon dul le Dréacht-Timthriallta Iniúchta ar Shócmhainní Tosaíochta Uiscebhealaí Éireann.

Cuireadh túis le clár luathaithe iniúchtaí ar shócmhainní in 2020 agus tá sé de rún go dtabharfaidh an clár seo sonraí bunlíne do gach saghas sócmhainne thuasluaite faoi dheireadh 2022.

Tá achoimre ar an bhonn luachála le Catagóir Sócmhainne thíos:

### 1.7.1 SÓCMHAINNÍ BARRACHAIS

Léiríonn sócmhainní barrachais sócmhainní a mheasann Uiscebhealaí Éireann nach bhfuil straitéiseach agus atá ar fáil chun díol. Tá luachálacha bunaithe ar luach margaidh in-aisghabhála ó thuairiscí margaidh inmheánacha agus seachtracha. Tá na príomhchodanna thíos:

- Hatch Bar €45,000; coinnithe ag fáltais ó dhíolachán aontaithe.
- Canal House Park Canal €20,000; luacháil inmheánach le Kieran Taggart Ball d’Institiúid Ríoga Suirbhéirí Cairte i 2017.
- Mill Cottage €110,000; luacháil inmheánach le Kieran Taggart Ball d’Institiúid Ríoga Suirbhéirí Cairte in 2018.
- Diúscairt maoine idir lámha in 2020 €1,815,000 luacháil déanta go hinmheánach.
- Talamh portaigh i bPollach €9,490, luacháil déanta in 2018 bunaithe ar fháltais ó dhíolachán aontaithe.

### 1.7.2 TALAMH AGUS FOIRGNIMH

Talamh ruílse €19,500,000; luachálte ag an luach margaidh le GVA Donal O Buachalla, Baile Átha Cliath i mí Feabhra 2019. Ba é ‘an cur chuige margaidh’ an modh luachála a úsáideann praghsanna agus faisnéis ábharach eile a chruthaíonn idirbhhearta margaidh le sócmhainní comhionanna nó inchomparáide (cosúla). Rinne Rodney McVitty BSc (Hons) Suirbhéireacht (Speisialtóireacht i mbainistiú Eastáit) MRICS luacháil ar Thalamh Ruílse agus Foirgnimh go hinmheánach i 2019.

### 1.7.3 GLÉASRA, FEITHICLÍ AGUS INNEALRA

Costais tabhaithe (Costas dímheasta stairiúil).

### 1.7.4 RÍOMHAIRÍ, TROSCÁN AGUS FEISTIS

Costais tabhaithe (Costas dímheasta stairiúil) luacháil inmheánach.

### 1.7.5 OBAIR IDIR LÁMHA

Costais tabhaithe (Costas dímheasta stairiúil) luacháil inmheánach.

## 1.7.6 LUACHÁIL AR SHÓCMHAINNÍ OIBRÍOCHTA DÉANTA GO HINMHEÁNACH LE HINNEALTÓIRÍ CAIRTE

**7. STRUCHTÚIR CANÁLA; CUANTA; LAMAIRNÍ; CÉANNA; DUGAÍ TIRIME; LAMAIRNÍ AR SNÁMH; AGUS RIANLÍNE**  
Rinneadh luacháil inmheánach ar shócmhainní a fuarthas roimh 2003 agus costas athsholáthair in úsáid. Déantar luacháil ar shócmhainní a fuarthas ó 2003 ar aghaidh ag an chostas a thabhaíonn Uiscebehealaí Éireann nuair a fhaigheann siad an tsócmhainn.

Innácsaítéar luach gach sócmhainne (beag beann ar an bhliain a fhaightear í) ar aon dul le boilsciú tógála gach bliain. In 2020, ba é 1.297% an t-innács Bhoilsciú Phraghas Tógála a cuireadh i bhfeidhm agus glanbharrachas €4,705,000 ar athluacháil mar thoradh.

Déantar nuashonrú inmheánach ar na luachálacha chun faisnéis nua ó shuirbhéanna le toisí cruinne a chur san áireamh.

Cuimsíonn gnáth-chostais príomhbhaill struchtúr, fálú, ceapa ceangail, loc-chomhlaí etc. Lasmuigh de lamairní ar snámh, 25 bliain, tá saolré measta 500 bliain ann bunaithe ar dheisiú agus ar chothabháil rialta agus a n-aois faoi láthair a chur san áireamh.

Caipitlítéar cosáin tarraingthe, carrchlóis, soilsiú, áiteanna pábháilte agus struchtúir bheaga sna cuntais nuair a léiríonn siad feabhas ar shócmhainní curtha san áireamh i luacháil na canála. Bíonn siad san áireamh in ollchostais an tionscadail agus dímheasta le linn shaolré an tionscadail. Déanfar níos mó athbhreithnithe ar bhonn rollach le leasú ar bith á léiriú sa Chlár Sócmhainní.

Meastar nach bhfuil luach ar bith ar struchtúir ar loingseoirreachtaí neamhoibríochta toisc nach bhfuil sochar eacnamaíoch ann, is ar lorg talún amháin a chuirtear luach.

## **8. COIMEÁDÁIN GHLASÁLA AGUS GEATAÍ LOIC**

Rinneadh luacháil ar choimeádáin għlasála agus ar għeataí loic in 2018 le Capita, Sharon Dickenson, Innealtóir Structúr Cairte - BEng (Hons) CEng MIEI MIStructE AMICE, agus Rodney Hughes, Suirbhéir Cairte – BSc (Hons) MRICS, le glanbharrachas tar éis athluachála mar thoradh. Déantar nuashonrú ar shócmhainní geataí loic scartha ó choimeádáin għlasála a léiríonn ionchas saolré suas le 60 bliain le saolré 120 bliain ag coimeádán glasála. Tá luachálacha bunaithe ar chostais athsholáthair dímheasta, is ionann saolré úsáideach agus 120 bliain. In 2020 léirítéar coinniollacha athbhreithnithe ar choimeádáin għlasála agus ar għeataí loic i ngħanmhéadú €16,441,000 i gcuntais 2020.

## **9. CORAÍ**

In 2018 rinneadh luacháil ar għaż-żura le Capita, Sharon Dickenson, Innealtóir Structúr Cairte - BEng (Hons) CEng MIEI MIStructE AMICE, agus Rodney Hughes, Suirbhéir Cairte – BSc (Hons) MRICS le glaneasnamh tar éis athluachála de dħeasca athshonrú ar struchtúir le costas caighdeánach chwig an saolré agus toise ceart. Tá luachálacha bunaithe ar chostais athsholáthair dímheasta, is ionann saolré úsáideach agus 120 bliain. In 2020 léirítéar coinniollacha athbhreithnithe ar choimeádáin għlasála agus ar għeataí loic i ngħanmhéadú €47,000 i gcuntais 2020 €47,000.

## **10. DROICHID, UISCERIANTA AGUS PRÍOMHHTÓCHAIR**

I 2018 rinneadh luacháil ar dhroichid, uiscerianta agus príomhhtóchair go seachtrach le Capita, Sharon Dickenson, Innealtóir Structúr Cairte - BEng (Hons) CEng MIEI MIStructE AMICE, agus Rodney Hughes, Suirbhéir Cairte – BSc (Hons) MRICS le glanbharrachas tar éis athluachála mar thoradh. Tá luachálacha bunaithe ar chostais athsholáthair dímheasta, is ionann saolré úsáideach agus 120 bliain. Léirítéar coinniollacha athbhreithnithe ar dhroichid i ngħanmhéadú €5,112,000.

## **11. TALAMH**

Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar luachanna talún taitneamhacht uirbeach agus ar thalamh portaigh le Rodney McVitty MRICS. Déantar luacháil ar thalamh tuaithe agus luachanna talmhaíochta in úsáid mar atá foilsithe in Iris Feirmeoirí na hÉireann. Mar toradh air seo, bhí laghdú €39,000 ar luachanna talún i gcuntais 2020.

## **12. IOSTAÍ AGUS TITHE LOCA**

Luacháilte ar Níos Airde néar Úsáid faoi Láthair nó Luach Margaidh In-aisghabbhála le luachálacha inmheánacha a rinne Sarah Carney BSc (Hons) Ball d'Institiúid Ríoga Suirbhéirí Cairte agus Carey Palmer BLE (Hons) Ball d'Institiúid Ríoga Suirbhéirí Cairte. Rinneadh luacháil inmheánach le roinnt sócmhainní le Carey Palmer BLE (Hons) Ball d'Institiúid Ríoga Suirbhéirí Cairte. In 2019 rinneadh athbhreithniú ar shampla de thithe loca le Rodney McVitty, BSc (Hons) Suirbhéireacht (Speisialtóireacht i mBainistiú Eastáit) MRICS.

## 7. BLOIC SEIRBHÍSE

Luacháilte go hinmheánach ar chostais athsholáthair i gcuntasí 2011, rinneadh nuashonrú ar bhloic seirbhíse le gluaiseacht innéacs CPI i 2020.

## DÍMHEAS

Gearrtar dímheas ar shócmhainní i mbliain a gceannaithe agus ní ghearrtar dímheas orthu i mbliain a ndiúscartha. Rátaí dímheasa:

Catagóir Shócmhainne	Blianta
<b>Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh</b>	
Sócmhainní Barrachais	Gan Dímheas
Foirgnimh	50
<b>Gléasra, Feithiclí agus Innealra</b>	
Báid	10 – 40
Tochaltóirí	10 – 20
Cúram Féir	20
Gléasra Ginearálta	6 – 20
Feithiclí	6 – 15
<b>Ríomhairí, Troscán agus Feistis</b>	
Troscán	10
Trealamh TF	5
<b>Sócmhainní Oibríochta agus Obair Ar Siúl</b>	
Talamh	Gan Dímheas
Sócmhainní Oibríochta	
Struchtúir Chanálacha, Loic, Múráil Bhuan	60 – 500
Tithe loic	50
Iostaí, Bloic Sheirbhísí	50
Múráil Ar Snámh	25
Droichid, Uiscerianta, Tóchair, Coraí	25 – 500

## 1.8 CISTE PINSIN IARCHURTHA

De réir cleachtas cuntasaíochta d'fhoraí斯 Stáit neamhchráchtala i bPoblacht na hÉireann, glacann Uiscebhéalá Éireann leis gur ionann sócmhainn agus acmhainn atá le cur faoi réir Státhistí Éireann agus RA i gcomhar dliteanas pinsean iarchurtha neamh-mhaoinithe mar gheall ar roinnt imeachtaí a chuaigh tharainn. Folaíonn na himeachtaí seo tacaíocht reachtúil do scéimeanna aoisliúntais, agus an polasaí agus cleachtas maidir le pinsin seirbhísí poiblí a mhaoliniú sa dá dhlínse agus próiseas meastacháin bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil aontú foirmiúil ann ná aon ráthaíocht dá réir i dtaobh na méideanna ar leith ó na heagrais maoinithe, níl fianaise ag Uiscebhéalá Éireann nach leanfar don pholasáí maoinithe seo diaidh ar ndiaidh agus nach mbeidh an maoiniú ag teacht leis an chleachtas reatha. Níl an cur chuige seo ag teacht le cleachtais chuntasaíochta d'fhoraí斯 Neamhrannacha RA nach n-ainthníonn dliteanas maoinithe, i gcás nach ann do ráthaíocht fhoirmiúil, go dtí go n-iarrtar an ceangalta a chomhlíonadh.

## 1.9 COSTAIS PHINSIN

Bhunaigh Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta Scéim Pinsin Thuaidh/Theas le héifeacht ó 29 Aibreán 2005. Is scéim pinsin le sochar sainithe le struchtúir sochair éagsúla a mhaoinítear ar bhonn bliantúil agus a íocatar mar a úsáidtear le hairgead a sholáthraíonn Státhiste Éireann agus RA. Is riarthóir seachtrach a riarrann an scéim. Is ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a thagann an maoiniú a thugann Státhiste Éireann (RTRÁO). Is ón Roinn Bonneagair a fhaightear an sciar den sochar a thugann Tuaisceart Éireann le linn na bliana.

Bíonn costais phinsin ag teacht le sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe sa tréimhse seo. Aithnítear méid airgid atá ag teacht le costais pinsin mar ioncam bíodh gur ioncam deontais é nó maoiniú eile chuig an riarthóir é agus gur méid inaisghabhála san am atá le teacht é, ar féidir an difríocht a fhriúireamh in aghaidh íocaíochtaí pinsin a íocatar le linn na bliana.

Léirítear gnóthachain agus caillteanas achtúireachta maidir le dliteanais scéime ar Ráiteas ar loncam Cuimsitheach agus aithnítear an coigeartú comhfhereagach san airgead is féidir a aisghabháil ó Státhiste Éireann agus RA.

Tá na dliteanais phinsin a bheidh ann bunaithe ar luach reatha íocaíochtaí pinsin atá saothraithe ag oibrithe go dtí seo. Is maioniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhereagach a bheidh ina hacmhainn a chuirfear ar fáil san am atá le teacht trí Státhiste Éireann agus RA, mar a léirítear thuas.

Aithníonn an Ráiteas Ar Staid An Airgeadais an dliteanas carnach do phinsin atá saothraithe ag fostaithe go 31 Nollaig 2020 mar aon le sócmhainn chomhfhereagach.

## **1.10 SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE**

Cuirtear muirir léasa leis an Ráiteas loncaim ar bhonn an mhéid chothroim le linn téarma an léasa.

## **1.11 CÁIN BHREISLUACHA**

Aírtear CBL ina caiteachas nó, nuair is cuí, ina capitil mar chuid de luach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh. Tugtar aisíoc do na Coimisinéirí loncaim in Éirinn ar earraí agus seirbhísí sainithe as tíortha eile agus ar fháltais ionphobail. Tá dearbhaite ag na húdaráis ioncaim i dTuaisceart Éireann nach bhfuil aon ghníomhaíocht ghnó ann i dTuaisceart Éireann agus nach bhfuil dliteanas CBL ann.

## **1.12 STOC**

Léirítear an luach is íse le stoc sna cuntais seachas an luach ionréadaithe.

## **1.13 FORÁLACHA AGUS DLITEANAS TEAGMHASACH**

Déantar foráil sna cuntais a léiríonn meastachán iontaofa le cásanna dlí féideartha in éadan Uiscebhealaí Éireann a shocrú. Tá an meastachán seo bunaithe ar leabhar candaim leis an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Cuirtear céatadán i bhfeidhm ar an mhéid seo agus sin foráilte sna cuntais bunaithe ar bharúil Uiscebhealaí Éireann.

Measúnú SCA den Staid Dliteanas	Soláthar déanta ag an % seo de Mheasúnú SCA
Níl dliteanas deimhnithe fós	100
Níl aon cheist faoi dhliteanas	100
Dliteanas á cheistiú -neamart rannphárteach	70
Dliteanas á cheistiú -tríú páirtí	60
Dliteanas go hiomlán á cheistiú	50

Bíonn dliteanas teagmhasach ann i gcásanna ar féidir ach nach dócha gur gá socrú a dhéanamh faoi oibleagáid, nó nuair nach féidir meastachán airgeadaíoch iontaofa a dhéanamh ar an oibleagáid. Bunaithe ar thaithí go dtí seo, tá dliteanas teagmhasach 60% den mheastachán is fearr tugtha do gach cás. Ní aithníonn an Ráiteas Ar Staid An Airgeadais dliteanais theagmhasacha ach pléitear iad i nota 18 chuig na cuntasóiri. Mar gheall ar bhreithiúnas i gCúirt Achomhairc i Nollaig 2018, léirítear dliteanas teagmhasach sna cuntais bunaithe ar chomhairle a iarradh. Tugtar meastachán €2,000,000 ar an chúiteamh a dhéanfaidh Uiscebhealaí Éireann don achtúire don scéim phinsin Thuaidh/Theas. Tá sé seo taifeadta gan choigeartú i nota 18 ar na cuntais.

## **1.14 AISTRIÚ AIRGEADRA**

Le euro agus steirling araon a dhéanann Uiscebhealaí Éireann beartaíocht. Is é an euro an t-airgeadra feidhme ag Uiscebhealaí Éireann agus is san airgeadra sin a thaifeadtar beartaíochtaí ar dtús. Aistrítear beartaíochtaí in airgeadra eile go euro ar mheánráta malairete na míosa roimhe (úsáidtear seo mar mheastachán). Aistrítear sócmhainní airgeadaíocha agus dliteanais as airgeadra eile go euro ar an ráta malairete a bhíonn ann nuair a dhéantar an Ráiteas Ar Staid An Airgeadais (an ráta druidime). Áirítear gnóthachain réadaithe agus caillteanas ar an Ráiteas ar loncam Cuimsitheach.

Ag deireadh na bliana aistrítear ráitis airgeadais go steirling. Úsáidtear an meánráta malairete don bhliain leis an Ráiteas ar loncam a aistriú ach úsáidtear an ráta malairete reatha leis an Ráiteas Ar Staid An Airgeadais a aistriú. Léirítear coigeartuithe airgeadra a bhaineann leis an aistriú seo ar ráitis airgeadais i Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (Nota 7.1, 7.2), i Ráiteas ar athruithe i leith Cothromais ar a n-áirítear Cúlchiste loncaim, Deontas Caipitil agus Cúlchiste Athluachálacha, Cúlchiste Síntiús, Cúlchiste Deontas, Glansreabhadh Airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin (Nota 15.1), Anailís ar Ghluaiseachtaí i nDliteanais Phinsin (Nota 17.2) agus i Maioniú Pinsin Iarchurtha (Nota 17.4). Úsáidtear rátaí Bhanc Shasana.

## **1.15 DEONTAS CAIPITIL AGUS CÚLCHISTE ATHLUACHÁLA**

Léiríonn an Deontas Caipitil agus Cúlchiste Athluachálacha luach na ndeontas a thagann ó rannóga urraithe le réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach agus luach sócmhainní bonneagair a aistrítear chuig Uiscebhealaí Éireann ar a n-áirítear athluachálacha ar bith a dhéantar. Déantar amúchadh ar an Deontas Caipitil agus Cúlchiste Athluachálacha de réir an dímheasa agus Ráiteas loncaim curtha chun sochair leis an amúchadh a fhriotháireamh.

## **1.16 CÚLCHISTE SÍNTIÚS/CÚLCHISTE DEONTAS**

Déantar an Cúlchiste Síntiús agus Cúlchiste Deontas as ranníocaíochtaí maoinithe nó sócmhainní chuig Uiscebhealaí Éireann ó fhoraí tríu páirtithe. Léiríonn luachálacha, ar shócmhainní neamhairgid, costais thionscnaimh chinntithe an tríu páirtí le sócmhainní Uiscebhealaí Éireann a bhunú. Déantar amúchadh ar an Chúlchiste Síntiús agus Cúlchiste Deontas de réir an dímheasa agus Ráiteas loncaim curtha chun sochair leis an amúchadh a fhriotháireamh.

## **2. MAOINIÚ Ó NA RANNA**

### **2.1 BLIAIN AIRGEADAIS ó 1 EANÁIR 2020 - 31 NOLLAIG 2020**

	RTRÁO	RTRÁO	Dfl	Dfl	IOMLÁN	IOMLÁN
	€'000	£'000	€'000	£'000	€'000	£'000
Maoiniú a ndearnadh loncam de	22,848	20,309	4,050	3,600	26,898	23,909
Maoiniú Caipitlithe	3,958	3,518	606	539	4,564	4,057
	<b>26,806</b>	<b>23,827</b>	<b>4,656</b>	<b>4,139</b>	<b>31,462</b>	<b>27,966</b>

### **2.2 BLIAIN AIRGEADAIS ó 1 EANÁIR 2019 - 31 NOLLAIG 2019**

	RTRÁO	RTRÁO	Dfl	Dfl	IOMLÁN	IOMLÁN
	€'000	£'000	€'000	£'000	€'000	£'000
Maoiniú a ndearnadh loncam de	21,496	18,848	3,949	3,463	25,445	22,311
Maoiniú Caipitlithe	3,990	3,498	642	563	4,632	4,061
	<b>25,486</b>	<b>22,346</b>	<b>4,591</b>	<b>4,026</b>	<b>30,077</b>	<b>26,372</b>

Léiríonn an tábla seo an chaoi ar feidhmíodh an maoiniú sna cuntais. Tá sé seo bunaithe ar chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo. Tugadh deontais d'Uiscebhealaí Éireann as cistí ar vótáil Tionól Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann orthu i 2020. Rinneadh socruithe eile ó tharla nach raibh Tionól Thuaisceart Éireann ag feidhmiú ar feadh cuid den bhliain. Mhol CATT, le cead Airí Airgeadais, gur cheart na deontais a roinnt ar bhonn 85:15 d'obair reatha - RTRÁO (85) agus Dfl (15). Faigheann oibreacha caipitil 100% den mhaoiniú sa dlílse ina ndéantar iad. Tá difear idir sainiú don mhaoiniú reatha agus caipitil agus na sainithe sa treoir chuntasaíochta a bhfuil glacadh léi.

Airítear leis an mhaoiniú chaipitlithe ó RTRÁO €150,000 ó Phlean Spreagtha Mhí lúil a d'fhógair Rialtas Éireann, pleán a dearadh le tacú go díreach le gnólachtaí ag gach leibhéal sa gheilleagar a raibh tionchar diúltach ag Covid-19 orthu.

Faomhadh Plean Gnó 2020 Uiscebhealaí Éireann sna Rannóga Urraíochta, na Rannóga Airgeadais agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT). Chuir An Roinn Bonneagair i bhfeidhm socruithe teagmhasacha a bhí in áit ag An Roinn Airgeadais leis an Fhoras a mhaoiniú roimh fhaomhadh CATTa bheith ann. Leis seo, bhí faomhadh doiciméid don dréachtphlean Gnó ina raibh gníomhaíochtaí gearrthéarmacha molta an Fhorais chomh maith leis na buntáistí agus na costais a bhain leo.

### 3. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

	Nótaí	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Ceadúnais		69	61	181	159
Ioncam A Bhaineann Le Réadmhaoin		311	276	485	425
Ioncam Oibriúcháin		160	142	231	203
Ús Infhaigthe		-	-	2	2
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	17.3	5,772	5,131	4,603	4,036
Ioncam Eile		37	33	36	32
Iomlán		6,349	5,643	5,538	4,857

### 4. COSTAIS FOIRNE

#### 4.1 MEÁNLÍON SEACHTAINÍ D'FHOSTAITHE BUANA (COIBHÉIS LÁNAIMSEARTHA)

Catagóir Fostaíochta	2020		2019	
Riarachán		113		109
Oibriúcháin		171		175
Iomlán		284		284

Chomh maith leis seo, bhí 32 ball fairne sealadach ann a bhí ag tacú le hoibriúcháin loingseoireachta, ceathrar oibrithe as gníomhaireacht agus seisear mac léinn ar thaithí oibre a úsáideadh le téarmaí máithreachais agus neamhláithreacht eile a chlúdach.

#### 4.2 NA COSTAIS A BHAIN LEIS NA FOSTAITHE SEO:

	Nótaí	€'000	£'000	€'000	£'000
		2020	2020	2019	2019
Costais Fairne		14,089	12,524	13,592	11,918
Costais Gníomhaireachta		296	263	219	192
NIC/PRSI Fostóirí		1,409	1,251	1,351	1,185
Costais Phinsin Eile Costais Seirbhísí Reatha agus Úis	17.3	8,410	7,476	6,914	6,062
Lúide Costais Fairne agus Gníomhaireachtaí Caipitlithe		24,204	21,514	22,076	19,357
Iomlán		(601)	(534)	(545)	(478)
		23,603	20,980	21,531	18,879

Níor tugadh ranníocaíochtaí pinsin fostóirí sa bhliain airgeadais.

Tugtar luach saothair agus sochair phinsin don Fhoireann Bhainistithe Shinsearach mar aon leis na bandaí pá do gach fostai a shaothraíonn níos mó ná €40,000 i dTuarascáil Luach Saothair laistigh de Thuarascáil Bhliantúil 2020.

### 5. COSTAIS CHLÁR

	Nótaí	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Seirbhísí Seachtracha conraithe agus costais tógála san áireamh		3,567	3,171	3,118	2,734
Breosla Feithiclí		367	326	469	411
Gléasra ar Cíos		389	346	208	182
Páirteanna Spártha Meicniúla agus Trealamh		797	708	766	672
Breosla agus Solas		111	99	93	82
Taisteal		194	172	209	183
Ilghnéitheach		330	293	440	386
Iomlán		5,755	5,115	5,303	4,650

## 6. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EILE

	Nótaí	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Taisteal - Éire		278	247	494	433
Costais Earcaíochta		62	55	54	47
Traenáil agus Comhdhálacha		98	87	191	167
Seirbhísí Seachtracha Conraithe		764	679	385	338
Cúiteamh/Forálacha	14	3,799	3,377	1,508	1,322
Costais Reatha Áras agus Fóntais san áireamh		670	596	693	608
Sláinte agus Sábháilteacht		20	18	23	20
Cumarsáid		177	157	128	112
Léas Oibriúcháin Eile ar cíos		14	12	15	13
Priontáil agus Stáiseanóireacht		25	22	47	41
Costais Reatha Ríomhairí		908	807	759	665
Cíos		275	244	283	248
Táille Iniúchóireachta - Féach Nótá		50	44	63	55
Margaíocht agus Poiblíocht		399	355	462	405
Árachas agus Táillí Dlí		239	212	253	222
Costais Riarthóir na bPinsean		110	98	117	103
Caiteachas Ginearálta		64	57	55	48
<b>Iomlán</b>		<b>7,952</b>	<b>7,067</b>	<b>5,530</b>	<b>4,847</b>

### NÓTAÍ

Is é €52,866 (£47,550) an táille iniúchóireachta bhliantúil do 2020. Laghdaigh gnóthachan malaирte €2,500 ar na luaineachtaí ar íocaíochtaí agus fabhráithe na bliana an táille go €50,000 agus nuair a rinneadh steirling de ar an mheánráta malaирte, £44,000 a bhí ann.

## NOCHTADH FAISNÉISE BREISE

<b>TAISTEAL &amp; COTHÚ</b>	<b>€'000</b>
Laistigh d'Éirinn	471
Lasmuigh d'Éirinn	1
<b>FÁILTEACHAS AGUS FOLLÁINE</b>	
<b>FOIRNE</b>	<b>€'000</b>
Costas Folláine Foirne	13
<b>COSTAIS</b>	
<b>SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA</b>	<b>€'000</b>
Sainchomhairleoireacht ar Bhainistiú	
Sócmhainní	29
Comhairle Acmhainní Daonna agus	
Pinsean	135
Sainchomhairleoireacht ar Bhrandáil	
Mhargaíocha	53
Plean Fadtéarmach a Fhorbairt	120
Comhairle Chánach & Airgeadais	73
Sainchomhairleoireacht ar an	
Chomhshaol	10
<b>TÁILLÍ DLÍ</b>	<b>€'000</b>
Táillí Dlí - Réadmhaoin	138
Táillí Dlí - Cásanna Cúitimh	424
Íocaíochtaí Cúitimh	168

## 7.1 RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH – SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

	Sócmhainní Barrachais	Talamh agus Foirgnimh Ruílse	Gléasra, Feithiclí agus Innealra	Ríomhairí, Troscán agus Feistis	lomlán
COSTAS NÓ LUACHÁIL	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ar 01 Eanáir 2020	2,876	23,713	25,960	6,046	58,595
Suimithe	-	-	1,293	424	1,717
Athluacháil	124	-	-	-	124
Diúscairtí	(999)	-	(219)	-	(1,218)
Ar 31 Nollaig 2020	2,001	23,713	27,034	6,470	59,218
<b>Dímheas</b>					
Ar 1 Eanáir 2020	-	783	18,947	5,477	25,207
Coigeartú ar iarmhéid tosaigh	-	(622)	-	-	(622)
Foráil don bhliain	-	84	1,035	274	1,393
Diúscairtí	-	-	(219)	-	(219)
Ar 31 Nollaig 2020	-	245	19,763	5,751	25,759
<b>Glanluach de réir na Leabhar €'000</b>					
Ar 31 Nollaig 2020	2,001	23,468	7,271	719	33,459
Ar 31 Nollaig 2019	2,876	22,930	7,013	569	33,388
<b>Glanluach de réir na Leabhar STG £'000</b>					
Ar 31 Nollaig 2020	1,800	21,108	6,540	647	30,095
Coigeartú ar Aistriú Airgeadra	(131)	(1133)	(350)	(30)	(1644)
Ar 31 Nollaig 2019	2,445	19,490	5,961	484	28,380

### NÓTAÍ

Rinneadh athluacháil ar roinnt sócmhainní le linn na bliana - féach Nóta 7.3 thíos. Léiríonn coigeartú de €622,000 ar an iarmhéid tosaigh i leith dímheasa carntha an costas dímheasa a bhí ann in 2019 don tréimhse sin roimh an athluacháil a bheith déanta orthu. Rinneadh coigeartú ar dhímheas le muirear ar feadh saoil atá fágtha a léiriú. Is méadú de €124,000 Léirítéar na glanghluaiseachtaí sa Ráiteas ar Athruithe Cothromais .Folaíonn Ríomhairí, Troscán agus Feistis sócmhainní doláimhsithe ar nós €344,000 de bhogearrai. Glactar leis go bhfuil sé seo neamhthábhachtach agus nach n-éilíonn sé faisnéisiú ar leith sna notaí. Is é an coigeartú ar aistriú airgeadra an difríocht idir glanluach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a áiríodh le rátaí malaирte dheireadh na bliana agus a nglanluach de réir na leabhar le rátaí malaирte stairiúla.

## RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH – SÓCMHAINNÍ OIBRIÚCHÁIN AGUS OBAIR AR SIÚL

	Obair Atá Ar Siúl	Sócmhainní Oibríochtúla	Iomlán
	€'000	€'000	€'000
Costas nó Luacháil			
Ar 01 Eanáir 2020	9,772	1,436,178	1,445,950
Suimithe	3,579	2,451	6,030
Caipitlithe ón Obair Atá Ar Siúl	(7,663)	7,663	-
Diúscairt	-	(2,408)	(2,408)
Athluacháil	-	7,909	7,909
Ar 31 Nollaig 2020	5,688	1,451,793	1,457,481
<b>Dímheas</b>			
Ar 01 Eanáir 2020	-	698,001	698,001
Athluacháil	-	(18,357)	(18,357)
Diúscairt	-	(1,836)	(1,836)
Foráil don bhliain	-	9,976	9,976
Ar 31 Nollaig 2020	-	687,784	687,784
<b>Glanluach de réir na Leabhar €'000</b>			
Ar 31 Nollaig 2020	5,688	764,009	769,697
Ar 31 Nollaig 2019	9,772	738,177	747,949
<b>Glanluach de réir na Leabhar STG £'000</b>			
Ar 31 Nollaig 2020	5,116	687,182	692,298
Coigeartú ar Aistriú Airgeadra	(521)	(36,427)	(36,948)
Ar 31 Nollaig 2019	8,306	627,435	635,741

### NÓTAÍ

Folaíonn sócmhainní oibríochtúla sócmhainní ó oidhreacht agus sócmhainní nuathógtha. Áirítear sócmhainní ar ghlanluach €24,614,000 de réir na leabhar a bhfuarthas cuid de ina síntiús/ina deontas ó thríú páirtithe. Rinneadh athluacháil ar roinnt sócmhainní le linn na bliana - féach Nótá 7.3 thíos. Is é glantionchar aistriú na luachanna ar Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas méadú de €26,266,000 ar ghlanluach de réir na leabhar. Is é an coigeartú ar aistriú airgeadra an difríocht idir glanluach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a áiríodh le rátaí malaire dheireadh na bliana agus a nglanluach de réir na leabhar le rátaí malaire stairiúla.

### 7.3 ATHLUACHÁLACHA

	Glanluach de réir na Leabhar ar 01.01. 2020 €'000	Athluacháil €'000	Diúscairt Suimithe ... Gluaiseachtaí Eile 2020 €'000	Glanluach de réir na Leabhar ar 31.12. 2020 €'000
Sócmhainní Barrachais	2,876	124	(999)	2,001
Talamh agus Foirgnimh	22,930	-	538	23,468
Sócmhainní Oibríochtúla	738,177	26,266	(434)	764,009
	763,983	26,390	(895)	789,478

### NÓTAÍ

Caipiltítear sócmhainní comhoibriúcháin a dhéanann tríú páirtithe ar thailte Uiscebhealaí Éireann sa chuntasaíocht ar chríochnú na n-oibriúchán ar chostas tionscadail a thabhaíonn tríú páirtithe agus Uiscebhealaí Éireann. Léirítear na sócmhainní seo i gcúlchiste na síntiús agus i gcúlchiste na ndeontas. De dheasca imeachaí reatha phaindéim COVID-19 agus na n-imeachaí

roimhe seo, agus de réir treoracha RICS, agus de dheasca thionchar domhanda na paindéime, moltar go gcuirtear leibhéal éiginnteachta méadaithe le luachálacha nua le barúlacha ar luach a mhúnlú bunaithe ar fhianaise mhargaíochta a bailfodh. Cé nach bhfuil fianaise ann faoi láthair le laige ag deireadh na bliana,ní féidir tionchar COVID-19 ar luachanna talaimh agus foirgneamh sa todhchaí a mheas go beacht agus, mar sin de, beidh luachálacha breise sa todhchaí agus an gá a bheidh leo faoi bhreithniú ar fad faoi réir acmhainní.

## 8. INFHEISTÍOCHT GHEARRTHÉARMACH

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Taisce Euro Ar Théarma Seasta	-	-	2,000	1,700
<b>Iomlán</b>	-	-	2,000	1,700

## 9. AIRGEAD AR LÁIMH AG BANC

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Cuntas Bainc Steirling	330	297	1,106	940
Cuntas Bainc Euro	2,622	2,358	1,764	1,499
Cúlchiste Bainc Euro	4,293	3,861	2,637	2,241
Mionairgead	1	1	2	2
<b>Iomlán</b>	<b>7,246</b>	<b>6,517</b>	<b>5,509</b>	<b>4,682</b>

## 10. STOC

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Crua-earraí	136	122	155	132
Adhmad	301	272	369	314
Breosla agus Bealaí	29	26	22	19
Éadaí Cosanta	77	69	57	48
Páirteanna Spártha agus Scagairí	15	13	20	17
Cártaí Cliste	9	8	12	10
Foilseacháin	18	16	23	20
Ilghnéitheach	12	11	16	14
<b>Iomlán</b>	<b>597</b>	<b>537</b>	<b>674</b>	<b>574</b>

## 11. INFHÁLTAIS AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
<b>Laghdú ar mhéideanna (shuimeanna) le híoc laistigh de bhliain:</b>				
Infháltas Thrádála	439	395	104	88
Lúide: Soláthar in aghaidh drochfhiach	(69)	(62)	(42)	(36)
Infháltas Eile	642	577	401	341
Réamhíocaíochtaí	1,087	978	802	682
<b>Iomlán</b>	<b>2,099</b>	<b>1,888</b>	<b>1,265</b>	<b>1,075</b>
<b>Laghdú ar mhéideanna (shuimeanna) le híoc i ndiaidh bliana:</b>				
Réamhíocaíochtaí	13	12	126	107
<b>Iomlán</b>	<b>2,112</b>	<b>1,900</b>	<b>1,391</b>	<b>1,182</b>

## 12. INÍOCTHA AGUS FABHRAITHE

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
<b>Méideanna le híoc laistigh de bhliain:</b>				
Iníocaíochtaí Trádála	1,318	1,185	369	314
Iníocaíochtaí Eile	2,582	2,322	3,115	2,648
CBL	77	70	119	100
Fabhrúithe agus loncam larchurtha	2,994	2,693	2,422	2,059
<b>Iomlán</b>	<b>6,971</b>	<b>6,270</b>	<b>6,025</b>	<b>5,121</b>
<b>Méideanna ag laghdú i ndiaidh bliana</b>				
Loncam larchurtha	92	83	96	82
<b>Iomlán</b>	<b>7,063</b>	<b>6,353</b>	<b>6,121</b>	<b>5,203</b>

## 13. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN EILE

Ar 31 Nollaig 2020 - íocaíochtaí léasanna todhcháí faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe do na tréimhsí seo a leanas:	€'000 2020	€'000 2020	€'000 2019	€'000 2019
Léasanna a bheidh in éag	Talamh agus Foirgnimh	Eile	Talamh agus Foirgnimh	Eile
Laistigh de bhliain amháin	264	-	282	3
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	178	-	447	-
Níos faide ná cúig bliana	1	-	3	-
	<b>443</b>	<b>-</b>	<b>732</b>	<b>3</b>
	<b>£'000 2020</b>	<b>£'000 2020</b>	<b>£'000 2019</b>	<b>£'000 2019</b>
Léasanna a bheidh in éag	Talamh agus Foirgnimh	Eile	Talamh agus Foirgnimh	Eile
Laistigh de bhliain amháin	235	-	247	3
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	158	-	392	-
Níos faide ná cúig bliana	1	-	3	-
	<b>394</b>	<b>-</b>	<b>642</b>	<b>3</b>

## 14. FORÁLACHA

	Nótaí	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Ar 1 Eanáir		4,045	3,438	3,797	3,406
Foráil a úsáideadh sa bhliain		(675)	(600)	(1,260)	(1,105)
Foráil sa bhliain	6	3,799	3,377	1,508	1,322
Difríocht ar aistriú airgeadra		-	233	-	(185)
Ar 31 Nollaig		7,169	6,448	4,045	3,438

### NÓTAÍ

Léiríonn an fhoráil seo meastachán iontaofa ar réiteach féideartha i gcásanna dlí in éadan Uiscebhealaí Éireann. Tugadh íocaíocht ioncaim de Cháin, Ús agus Pionós in 2019. Léiríonn an coigeartú ar aistriú airgeadra an ghluaiseacht ar luach na forála do shocruithe éileamh atá inchurtha le hathruithe ar an ráta malaирte ar feadh na bliana.

## 15. NÓTAÍ DON RÁITEAS SREABHADH AIRGID

### 15.1 RÉITEACH AR THORADH GLANSREABHADH AIRGID DON BHLIAIN ARNA GHINIÚINT AG GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Toradh don bhlain	(4,121)	(3,662)	(1,329)	(1,163)
Dímheas	11,369	10,106	10,954	9,605
Amúchadh Deontais Chaipitil	(11,941)	(10,614)	(10,965)	(9,614)
(Brabach)/Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh	571	508	(14)	(12)
Laghdú /(Méadú) ar stoc	77	70	97	82
Laghdú /(Méadú) ar Infháltais	(721)	(648)	(20)	(17)
(Laghdú) / Méadú ar Iníocaíochtaí	942	847	2,595	2,206
Forálacha	3,124	2,810	248	211
Difríocht ar aistriú airgeadra	-	(39)	-	75
<b>Glansreabhadh airgid (úsáidte)/ arna ghiniúint ag gníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	<b>(700)</b>	<b>(622)</b>	<b>1,566</b>	<b>1,373</b>

#### NÓTAÍ

Léiríonn an coigeartú ar aistriú airgeadra an ghluaiseacht ar luach na sócmhainní reatha agus na ndliteanas atá inchurtha le hathruithe ar na rátaí malaire.

### 15.2 RÉITEACH AR GHLUAISEACHTAÍ GLANSREABHADH AIRGID ISTEACH/(AMACH) AGUS COIBHÉIS AIRGID

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Airgead tirim agus a chomhluach ar 1 Eanáir	5,509	4,682	3,278	2,940
Glan-insreabhadh/eis-sreabhadh airgid	1,737	1,562	2,231	1,896
Difríocht ar aistriú airgeadra	-	273	-	(154)
<b>Airgead tirim agus a chomhluach ar 31 Nollaig</b>	<b>7,246</b>	<b>6,517</b>	<b>5,509</b>	<b>4,682</b>
Glan-insreabhadh/eis-sreabhadh as gníomhaíochtaí oibriúcháin	(700)	(622)	1,566	1,373
Glan-insreabhadh/eis-sreabhadh airgid arna ghiniúint ag gníomhaíochtaí neamhoibriúcháin	2,437	2,457	665	369
Glan-insreabhadh/eis-sreabhadh airgid	1,737	1,835	2,231	1,742

## 16. GEALLTANAIS CHAIPITIL

Gealltanais chaipitil ar 31 Nollaig 2020:

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Conraithe	2,257	2,030	1,751	1,488

#### NÓTAÍ:

Fuarthas faomhadh foirmiúil le cláir chaipitil 2020.

## 17. PINSIN

### 17.1 CUR CHUIGE CUNTASAÍOCHTA

Éilíonn FRS 102 ráiteas airgeadais a léiríonn , ar luach cothrom, na sócmhainní agus na dliteanais agus maoiniú gaolmhar ar bith eile a ghabhann le hoibleagáidí fostóra agus a ithníonn an costas a bhaineann le leas aoisliúntais i dtréimhse na cuntasáiochta ina saothraíonn na fostaithe iad.

Is é is éifeacht do FRS 102 costas pinsin a saothraíodh sa bhliain a aithint mar chaiteachas in áit iad a bheith aitheanta mar íocaíochtaí le pinsinéirí, agus méid maoinithe comhfhereagrach ann. Aithníonn an Clár Comhardaithe an dliteanas carnach do phinsin atá saothraithe ag fostaithe go 31 Nollaig 2020 mar aon le sócmhainn chomhfhereagrach.

Rinne achtúire cálithe neamhspleách (Deloitte Total Reward and Benefits Limited) an luacháil a úsáideadh le faisnéisiú FRS 102 go 31 Nollaig 2020 a dhéanamh. Ullmháíodh na torthaí i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanas na Scéime trí eolas ar bhallraíocht ar na dátaí a léirítear thíos a úsáid:

\* Sonraí ballraíochta gníomhái de réir 31 Márta 2020 athnuachan agus nuashonrú ar thuarastail mar a thug na Forais iad sna sleachta faisnéise do Deloitte

\*Thug na Riarthóirí eolas ar an bhallraíocht iarchurtha agus sonraí ballraíochta pinsin do gach Foras mar bhí ar 31 Nollaig 2020. Rinneadh coigeartú ar na bunsonraí ballraíochta i leith gluaiseacht bhallraíochta shuntasach ar bith le linn na tréimhse go 31 Nollaig 2020; agus

\*Eolas ar shreabhadh airgid don Scéim go 31 Nollaig 2020 de réir mar a thug na Forais sna sleachta eolais do Deloitte.

Is iad na príomhbhoinn tuisceana achtúireachta le dliteanais scéime a ríomh de réir FRS 102:

Ar 31 Nollaig	2020	2019	2018	2017	2016
Ráta lascaine Thuaisceart Éireann	1.35%	2.10%	2.75%	2.50%	2.70%
Ráta lascaine Phoblacht na hÉireann	0.80%	1.30%	2.15%	2.10%	1.90%
Ráta méadaithe ar Phraghasinnéacs Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann	2.20%	2.00%	2.15%	2.10%	2.30%
Ráta méadaithe ar Phraghasinnéacs Tomhaltóirí Phoblacht na hÉireann	1.05%	1.15%	1.40%	1.65%	1.50%
Ráta méadaithe ar thuarastail - Tuaisceart Éireann	2.20%	2.00%	2.15%	2.10%	2.30%
Ráta méadaithe ar thuarastail - Poblacht na hÉireann	2.20%	2.00%	2.15%	2.10%	2.30%
Meánráta méadaithe ar phinsin Thuaisceart Éireann de réir CPI.	2.20%	2.00%	2.15%	3.00%	3.00%
Meánráta méadaithe ar phinsin Phoblacht na hÉireann de réir méaduithe tuarastal de réir CPI	1.05%	1.15%	1.40%	1.65%	1.50%
Blianta, ar an mheán, a bheidh fágtha ag duine in aois 65 bliain	2.20%	2.00%	2.15%	3.00%	3.00%
Ag fear atá 65anois	22.3	22	21.9	22.1	22.2
Ag bean atá 65anois	24.6	23.9	23.8	23.9	24.2
Ag fear atá 45anois	23.6	23.4	23.3	23.5	23.9
Ag bean atá 45anois	26	25.4	25.4	25.4	26.1

## GLUAISEACHT I NDLITEANAS GLANPHINSIN SA BHLIAIN AIRGEADAIS

Nótaí	€'000	£'000	€'000	£'000
	2020	2020	2019	2019
(Easnamh) ar an phlean ag túis na bliana	(131,895)	(112,108)	(112,443)	(100,855)
Leasanna a íocadh le linn na bliana	2,638	2,345	2,311	2,026
Glanaistriú (isteach)/amach as an scéim	(26)	(23)	36	32
Costas seirbhíse reatha	(6,417)	(5,704)	(4,422)	(3,877)
Airgeadas eile (muirear)	(1,993)	(1,772)	(2,492)	(2,185)
Gnóthachan achtúireachta (caillteanas)	(19,140)	(17,215)	(14,885)	(12,651)
Difríocht ar aistriú airgeadra	-	(6,585)	-	5,402
<b>(Easnamh) ar an phlean ag deireadh na bliana</b>	<b>(156,833)</b>	<b>(141,062)</b>	<b>(131,895)</b>	<b>(112,108)</b>
<hr/>				
Gnóthachain/(caillteanas) ó thaithí	17.5	2020	2020	2019
		(1,408)	(1,266)	1,882
		(890)	(800)	-
		2,163	1,945	(1,552)
		(19,005)	(17,094)	(15,215)
<b>Gnóthachan achtúireachta/(caillteanas)</b>		<b>(19,140)</b>	<b>(17,215)</b>	<b>(14,885)</b>
<hr/>				

Baineann an phríomhchuid de chaillteanas achtúireachta €19,140,000 le méadú ar luach na ndliteanas mar thoradh, go príomha, ar an bhonn tuisceana achtúireachta ar a n-áirítear titim sa ráta lascaine ó Thuaidh agus ó Dheas (a chrutháonn méadú ar luach na ndliteanas). Tháinig méadú ar luach na ndliteanas bunaithe ar an athrú ar bhonn tuisceana ar an déimeagrafaíocht, bonn tuisceana ar mhortlaíocht san áireamh. Is é glantionchar athruithe ar bhonn tuisceana achtúireachta méadú de c €19,895,000 ar dhliteanas agus sin fritháirithe le gnóthachan mar thoradh ar ghluaiseachtaí airgeadais fabhracha de c €2,163,000. Méadaítear an caillteanas ó thaithí an dliteanas a bhíonn ann mar thoradh ar ghluaiseachtaí ballraíochta de c. €1,408,000. Le linn na bliana fuarthas ranníocaíochtaí fostaithe agus €654,000 (2019 €632,000) a cuireadh ar ais chuig DHLGH agus Dfl ar bhonn 85:15.

Léiríonn an coigeartú ar aistriú airgeadra an ghluaiseacht ar luach na nGlandliteanas Pinsin atá inchurtha le hathruithe ar an ráta malaирte ar feadh na bliana.

### 17.3 ANAILÍS AR CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN AIRGEADAIS

	Nótaí	€'000	£'000	€'000	£'000
		2020	2020	2019	2019
Costas seirbhíse reatha		6,417	5,704	4,422	3,877
Ioncam airgeadais eile		1,993	1,772	2,492	2,185
Leasanna a íocadh le linn na bliana		(2,638)	(2,345)	(2,311)	(2,026)
<b>Ghanchiste iarchurtha do phinsin</b>	<b>3</b>	<b>5,772</b>	<b>5,131</b>	<b>4,603</b>	<b>4,036</b>
<hr/>					
Costas seirbhíse reatha		6,417	5,704	4,422	3,877
Ioncam airgeadais eile		1,993	1,772	2,492	2,185
<b>Costas seirbhísí pinsin reatha</b>	<b>4</b>	<b>8,410</b>	<b>7,476</b>	<b>6,914</b>	<b>6,062</b>

## 17.4 CISTE PINSIN IARCHURTHA

	€'000 2020	£'000 2020	€'000 2019	£'000 2019
Ar 01 Eanáir	131,895	112,108	112,443	100,855
(Laghdú)/Méadú ar Shócmhainn Chiste Pinsin Iarchurtha	24,938	22,167	19,452	17,056
Difríocht ar aistriú airgeadra	-	6,787	-	(5,803)
Ar 31 Nollaig	156,833	141,062	131,895	112,108

Glacann Uiscebhealaí Éireann leis gurb ionann sócmhainn agus acmhainn atá le cur faoi réir Státhistí Éireann agus RA i gcomhar dliteanas pinsean iarchurtha neamh-mhaoinithe mar gheall ar roinnt imeachtaí a chuaigh tharainn. Folaíonn na himeachtaí seo tacáiocht reachtúil do scéimeanna aoisliúntais, agus an polasaí agus cleachtas maidir le pinsin seirbhísí phoiblí a mhaoiniú sa dá dhlínse agus próiseas meastacháin bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil aontú foirmiúil ann nó aon ráthaíocht dá réir i dtaobh na méideanna ar leith ó na heagrais mhaoinithe, níl fianaise ag Uiscebhealaí Éireann nach leanfar don pholasaí maoinithe seo diaidh ar ndiaidh agus nach mbeidh an maoiniú ag teacht leis an chleachtas reatha. B'ionann sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin ar 31 Nollaig 2020 agus €157m (2019 €132m).

Léiríonn an coigeartú ar aistriú airgeadra an ghluaiseacht ar luach na nGlandliteanas Pinsin Iarchurtha atá inchurtha le hathruithe ar an ráta malaire ar feadh na bliana.

## DLITEANAS SAINLEASA GO STAIRÍÚIL

Nótaí	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
	2020	2019	2018	2017	2016
Barrachas/(Easnamh) ar 31 Nollaig	(156,833)	(131,895)	(112,443)	(111,703)	(117,043)
Gnóthachain/(caillteanas) ó thaithí	17.2	(1,408)	1,882	(3,074)	8,108
Céatadán Dliteanas Scéime		0.90%	1.40%	2.70%	7.3%
					-6.5%

Nótaí	£'000	£'000	£'000	£'000	£'000
	2020	2019	2018	2017	2016
Barrachas/(Easnamh) ar 31 Nollaig	(141,062)	(112,108)	(100,855)	(99,115)	(100,457)
Gnóthachain/(caillteanas) ó thaithí	17.2	(1,266)	1,600	(2,757)	7,194
Céatadán Dliteanas Scéime		0.90%	1.40%	2.70%	7.3%
					-6.2%

## 17.6 FOSTAITHE NUA

Má thagann fostai nua a d'oibrigh san earnáil phoiblí i dTuaisceart Éireann chuig Uiscebhealaí Éireann, le scéimeanna maoinithe/neamh-mhaoinithe ríomhann an Riarthóir Pinsin d'Uiscebhealaí Éireann luach aistrithe d'Uiscebhealaí Éireann agus cuirtear sin chuig an Róinn Bonneagair. Maidir le fostai as Poblacht na hÉireann a d'oibrigh sna seirbhísí poiblí roimhe faoi scéim mhaoinithe, ríomhann an Riarthóir Pinsin d'Uiscebhealaí Éireann luach aistrithe agus cuirtear sin chuig an Róinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO). Le scéim pinsin seirbhísí poiblí neamh-mhaoinithe Phoblacht na hÉireann, luíonn dliteanas pinsin i leith réamhsheirbhíse poiblí le Státhiste Éireann go dtí go bhfeidhmítear é.

Scarfaidh agus cionroinnfidh an Riarthóir Pinsin luachanna aistrithe do scéimeanna a maoinithe lasmuigh de na seirbhísí poiblí agus tabharfaidh Uiscebhealaí Éireann an luach aistrithe don dá Rannóg. Rinneadh dhá aistriú isteach sa scéim le linn na bliana, €36,000 san iomlán.

## 17.7 FOSTAITHE AG IMEACHT

Nuair a fhágann fostaithe Uiscebhealaí Éireann, maoinithe an tseirbhís trí RB ar 15% agus ag RTRÁO ar 85% den mhéid atá le haistriú. Má bhí duine ag obair roimhe san earnáil phoiblí mar a léirítear thusa, maoineofar an luach aistrithe ina iomlán sa dhlínse ábhartha (seachas scéim pinsin seirbhísí poiblí neamh-mhaoinithe i bPoblacht na hÉireann). Rinneadh aistriú amháin, €10,000 san iomlán, amach as an scéim le linn na bliana.

## **17.8 SOCRÚCHÁIN PHINSIN - CUR SÍOS GINEARÁLTA AR AN SCÉIM**

Tá roinnt rannóg sa scéim pinsin agus struchtúir leasa éagsúla ag baint leo. Is iad na príomhrannóga:

### **Croí-rannóg na dTuarastal Deiridh**

Seo socraíocht phinsin do thuarastal deiridh le feasanna a múnláodh ar an rannóg Chlasaiceach i bPríomhscéim Pinsin Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóduithe do gach bliain seirbhise), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú do gach bliain seirbhise) chomh maith le pinsin leanaí agus nuachair. Is é 60ú breithlá an bhaill a ghnáthaois scoir. Téann íocaíochtaí (agus iarchur) pinsin i méid de réir boilsciú praghsanna ginearálta.

### **Croí-rannóg Alfa**

Is scéim í seo atá bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime athluachálte (scéim CARE) le feasanna a múnláodh ar rannóg Alfa Phríomhscéim Pinsin Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim seo pinsean bunaithe ar chéatadán (2.32%) de phá inphinsin do gach bliain de bhallaíocht ghníomhach, (méadaítear/lagħdaítear an pinsean ag túis gach bliain scéime de réir boilsciú praghsanna ginearálta) chomh maith le pinsin leanaí agus nuachair. Is ionann Aois Scoir de ghnáth agus Aois Phinsin Stáit an bhaill sa dlínse ábhartha, 66 bliain ag ardú go 68 faoi láthair sa RA idir 2037 agus 2039 agus 66 ó Dheas. Bhí aois don phinsean Stáit i bPoblacht Éireann le hardú go 67 ó 1 Eanáir 2021 agus ansin go 68 ó 1 Eanáir 2028 ach chuir an rialtas an t-athrú seo siar agus bunaíodh Coimisiún Pinsin leis an athrú ar aois an phinsin Stáit a mheas chomh maith le hinbhuanaitheacht agus cothromaíocht ó ghlúin go glúin. Téann íocaíochtaí (agus iarchur) pinsin i méid de réir boilsciú praghsanna ginearálta.

### **Rannóga do Chearta ar Cosaint**

Múnláodh roinnt rannóg den scéim ar scéimeanna pinsin seirbhísí poiblí ó Dheas agus bhí ballraíocht ag fostaithe Fhorais Thuaidh/Theas nuair a ainmníodh agus aistriodh iad agus na Forais á mbunú. Is socraíochtaí phinsin tuarastal deiridh le feasanna iad mar atá ag an scéim ábhartha do sheirbhísí poiblí ó Dheas, m.sh Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh bhunaithe. Soláthraíonn na scéimeanna seo pinsin (do bhaill neamh-chomhtháite, ochtóduithe do gach bliain seirbhise ach do bhaill chomhtháite, dhá chéadú do gach bliain seirbhise ar thuarastal suas go 3.333.oiread níos mó ná an Pinsean Seanaoise Ranníocach Stáit agus ochtóduithe do gach bliain seirbhise ar thuarastal 3.333 oiread níos mó ná an Pinsean Seanaoise Ranníocach Stáit, aisce nó cnapshuim (trí ochtódú do gach bliain seirbhise) chomh maith le pinsin leanaí agus nuachair. I mí na Nollag 2018, chuir RCPA in iúl d'Fhorais go raibh orthu aois dul ar scor éigeantach a ardú go 70 mar a leagadh amach i mBille Aoisliúntas Seirbhísí Poiblí (Aois Dul ar Scoir) 2018 ar bhonn riarracháin. Téann íocaíochtaí (agus iarchur) pinsin i méid de réir boilsciú tuarastail ginearálta san earnáil phoiblí. Cuirtear i bhfeidhm an Scéim Pinsin Neamhranníocach d'Hostaithe Stáit Neamhbhunaithe agus an Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe mar Scéim Cearta ar Cosaint d'Uiscebhealaí Éireann sa Phoblacht. I dTuaisceart Éireann, is í Príomhscéim Pinsin Státseirbhísé TÉ an scéim ábhartha. Bíonn feasanna ag bunús na mball croí-rannóige i rannóga Tuarastal Deiridh agus Alfa agus den chuid is mó, cláróidh daoine a thagann isteach sa Scéim i ndiaidh 1 Aibreán 2015 mar bhaill i gCroí-rannóg Alfa.

Rinne achtúire cailithe neamhspleách (Deloitte) an luacháil a úsáideadh le faisnéisiú FRS 102 go 31 Nollaig 2020 a dhéanamh. Ullmháiodh na tortaí i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime trí eolas ar bhallaíocht ar na dátáí Nótáí 17.1 ar 31 Nollaig 2020.

## **18 DLITEANAS THEAGMHASACHA**

Ba é €2,236,000, (2019 €1,936,000) an dliteanas teagmhasach a bhí ag Uiscebhealaí Éireann ar 31 Nollaig 2020. Is iad na cásanna dliteanas teagmhasach:

\* Cheannaigh Uiscebhealaí Éireann talamh ar bhonn riachtanais, léirítéar costais réasúnta, táillí dlí san áireamh agus níl aon teorainn ama ar éilimh ar chúitimh.

\* Mar chuid d'ordú ceannaigh éigeantaigh, soláthraíodh príomhphíobán uisce talmhaíoch d'uisce beostoic ar son úinéirí talaimh tadhlaíche éagsúla i Liatroim. Tháinig ceisteanna éagsúla aníos ar a n-áirítéar freagracht as táillí uisce úinéirí talaimh éagsúla agus an dliteanas a bhaineann le cóiriú agus le cothabháil an phríomhphíobáin uisce a bhfuil uisce ag sileadh as. Tá plé ar siúl agus baineann na costais a léirítéar sa chás seo le príomhphíobán uisce nua a chur isteach. Is é an luach a rinne Uiscebhealaí Éireann an meastachán is fearr agus ní féidir aisíocaíocht a fháil.

Bunaithe ar thaithí, agus a ríomhadh ar 60% den mheastachán is fearr, bhí dliteanas teagmhasach de €236,000 ar an iomlán thusas.

\*Tionóladh dhá bhinse fostáiochta i gcásanna McCloud agus Sergeant in éadan Rialtas RA maidir le hidirdhealú féideartha i bhfeidhmíocht cosaint aistrithe nuair a athraíodh reachtaíocht phinsin do na seirbhísí poiblí sa RA in 2015.

I mí na Nollag 2018, rialaigh an Chúirt Achomhairc gur chruthaigh an chosaint aistrithe idirdhealú mídhleathach ar bhonn aoise. D'iarr Rialtas RA cead ar an Chúirt Uachtarach achomharc in aghaidh an chinnidh seo a bheith ann ach séanadh é ar 27 Meitheamh 2019.

Bíonn an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) i dteaghmháil go fóill le Státhiste na Banríona le haghaidh moltaí le dul i ngleic le hidirdhealú ar bhonn aoise sna scéimeanna pinsin eile do sheirbhísí poiblí mar thoradh ar rialú McCloud. I Mí na Samhna 2020, druideadh an comhairliúchán a bhí ag an Roinn ar phinsin do na seirbhísí poiblí le déanamh ar shiúl leis an idirdhealú a d'aithin na cúirteanna mar chuid d'athchóiriú ar phinsin in 2015 agus foilsíodh toradh an chomhairliúcháin ar 25 Feabhra 2021. Tá mionsonraí ar fhreagairt ar an chomhairliúchán ar fáil ag:

<https://www.finance-ni.gov.uk/publications/response-consultation-proposed-changes-transitional-arrangements-2015-schemes>

Táthar ag dúil go mbeidh an próiseas coigearaithe fada agus am-íditeach, agus is gó díriú go cothrom ar achtúireachtaí pinsin ó bhí 2015 ann agus leas nó aimhleas do dhaoine sna scéimeanna nua a mheas. Óna thaobh seo de, i gcásanna na mball forne áirithe in Uiscebhealaí Éireann atá ina mbaill den Scéim, féadann gur gó an t-idirdhealú a d'fhulaing siad mar thoradh ar chosaintí aistrithe a chúiteamh leo.

Is deacair ag an bpointe seo tionchar an bhrefiúnais a chainníochtú mar tá sé ag brath ar an chúiteamh a bhronnfar, ar ardú thuarastal na mball, fad na seirbhise agus aois scoir, agus cé acu a éiríonn baill as seirbhís ghníomhach (agus an uair). Beidh tuilleadh airde le díriú ar théarmaí na socrúchán féideartha agus is gó sin a bheith faofa ag an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Éire).

Ar an ábhar sin, ní dhearnadh foráil sna cuntais i leith brefiúnais McCloud/Sargeant. Measann Riarthóir N/SPS go bhfeadfaidh go mbeidh cíteamh suas le €2,000,000 le híoc ag Uiscebhealaí Éireann.

## 19. FEIDHMÍOCHT TAOBH LE PRÍOMHSPIOCANNA AIRGEADAIS

Cuirtear pleannana gnó bliantúla i láthair na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas lena bhfaomhadh. Is é caiteachas a choinneáil laistigh de limistéir bhuiséid na spriocanna airgeadais a leagtar amach ag na Ranna Coimircíochta agus RCPA agus an Roinn Airgeadais d'Uiscebhealaí Éireann. Baineadh na spriocanna amach. Leagadh amach spriocanna neamhairgeadais festa agus tuairiscítear iad i gCuid 3 den Tuarascáil Bhliantúil.

Faomhadh Plean Gnó 2020 Uiscebhealaí Éireann go cúlghabhálach ag na Ranna Coimircíochta, na Ranna Airgeadais agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) i Mí na Nollag 2020.

Chuir an Roinn Bonneagair i bhfeidhm socruithe teagmhais a chuir an Roinn Airgeadais in áit le maoiniú a íoc le hUiscebhealaí Éireann a éascú.

## 20. BEARTAÍOCHTAÍ PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is Foras feidhmithe trastearainne é Uiscebhealaí Éireann a mhaoiníonn RTRÁO agus RB. Glactar leis gur páirtithe gaolmhara iad na ranna seo agus i mbliana maoíníodh Uiscebhealaí Éireann go príomha trí na ranna seo agus bhí réimse idirbheartaíochtaí acu leo. Tá nósanna imeachta in áit ag Uiscebhealaí Éireann le coimhlintí leasa a bhainistiú agus tiomsaíodh iad laistigh den tréimhse a bhí faoi athbhreithniú.

Ní dhearna aon phríomhbhall ar an fhoireann bainistíocha ag Uiscebhealaí Éireann aon idirbheartaíocht maoine le hUiscebhealaí Éireann sa bhliain airgeadais ó 01 Eanáir 2020 – 31 Nollaig 2020.

## 21. CLÁR CAILLTEANAS

Cóinníonn Uiscebhealaí Éireann Clár Caillteanas. Is é €603,000 (2019 €922,000) an caillteanas a taifeadadh don bhliain agus cuireadh sin leis na cuntais seo má bhain na caillteanais leis an bhliain airgeadais seo.

Ráiteas Caillteanas	2020	2019
	€	€
Íocaíocht Chúitimh - Élimh Dliteanais Phoiblí	208,356	141,766
Élimh Fostaithe ar Dhliteanais	328,141	654,612
Íocaíocht gan Tairbhe -íocaíochtaí Malla agus Pionós Ioncaim	1,236	97,814
Caillteanas Inchiallaithe	-	-

Íocaíocht Mhall Fiachais	<b>6,119</b>	<b>3,400</b>
Caillteanas Stór agus Gléasra	<b>37,003</b>	<b>21,481</b>
Íocaíochtaí iomarcaíochta	<b>20,756</b>	-
Éilimh Thréigthe	<b>1,650</b>	<b>3,274</b>
<b>Iomlán</b>	<b>603,261</b>	<b>922,347</b>

Baineann éilimh dhliteanas fostaithe in 2020 le trí fhostaí ar bhain teagmhais san áit oibre leo agus le táillí dlí do chás fostaithe a réitíodh in 2019. In 2019 bhain íocaíochtaí don loncam le hús a bhí bainteach le *Country Money* agus le pionóis de €92,220 agus le gearríocaíocht CBL ar sheirbhísí frithmhuirir de €5,594.

## 22. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS, LEACHTAHT, RÁTA ÚIS AGUS RIOSCA AIRGEADRA EACHTRAÍ

### 22.1 IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Mar gheall ar na cineálacha gníomhaíochtaí neamhchrádála agus an dóigh a maoinítear Uiscebealaí Éireann, ní hionann an riosca airgeadra céanna dó agus d'eintitis ghnó. Ceadaíonn Meamram Airgeadais d'Uiscebealaí Éireann iasachtaí a fháil ach faomhadh na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais a bheith ann roimh ré, faomhadh nár iarradh. Gintear na sócmhainní agus na dliteanasairgeadais ag gníomhaíochtaí oibriúcháin lá go lá agus ní choinnítear iad le riosca a mhaolú d'Uiscebealaí Éireann agus iad i mbun a ngníomhaíochtaí. Den chuid is mó, is iad airgead tirim, infháltas agus iníocaíochtaí na hionstraimí airgeadais.

### LEACHTAHT, RÁTA ÚIS AGUS RIOSCA AIRGEADRA EACHTRAIGH

Maoinítear riachtanaí sócmhainní glanioncaim Uiscebealaí Éireann i dTionól Thuaisceart Éireann agus i nDáil Éireann as cistí a vótálann siad orthu go bliantúil, mar aon lena chaiteachas caipítíl. Mar sin de, ní bhíonn aon riosca leachtachta air.

Ní bhíonn rochtain ag Uiscebealaí Éireann ar chistí as foinsí trádála agus mar sin de ní ann do riosca suntasach rátaí úis.

Déanann Uiscebealaí Éireann idirbheartaíochtaí in airgeadra an dá dhlínse in Éirinn mar a bhfuil éiginnteacht suntasach ag baint le ráta malaирte agus taifeadtar gnóthacháin agus caillteanas ar Thuairisc ar loncam Cuimsitheach agus ar Ráiteas loncaim.

## 23. IMEACHTAÍ I NDIAIDH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Níl aon imeachtaí i ndiaidh an dáta thuairiscithe le tuairisciú.

Tugadh údarás Oifigeach na Cuntasáiochta go bhfoilseofaí ar 14 Nollaig 2021 an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

# TREOIR NA gCUNTAS


## Treoir Chuntas Uiscebhéalait Éireann

TREOIR CHUNTAS ARNA TABHAIRT AG ROINN BONNEAGAIR THUAISCEART ÉIREANN, AN ROINN CULTÚIR, OIDHREACHTA AGUS GAELTACHTA SA PHOBLACHT, LE FAOMHADH NA RANNA AIRGEADAIS, DE RéIR ORD UM CHOMHOIBRITHE 1999 (FORAIS FEIDHME) (TUASCEART ÉIREANN) AGUS ACHT CHOMHAONTÚ NA BREATAINE NA hÉIREANN 1999.

Tabharfaidh na cuntas bhliantúla léargas fírinneach cóir ar an Ioncam agus ar an Chaiteachas agus ar shreabhadh airgid don bhliain airgeadais, agus ar staid cúrsáí ag deireadh na bliana. Faoi réir an riachtanais seo, ullmhóidh an foras cuntas don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2017 agus do na blianta ina dhiaidh sin dá réir seo a leanas:

- a. Tuarascálacha Bliantúla Fhorais Feidhmithe Thuaidh/Theas agus an Treoir Chuntasaíochta;
- b. Treoracha eile a bhféadann Ranna Airgeadais a eisiúint ó am go chéile maidir le cuntas le léargas fírinneach cóir a thabhairt;
- c. Nochtadh faisnéise ar leith ar bith eile a éilíonn na Ranna Coimircíochta; seachas é a bheith aontaithe le Ranna Airgeadais, ach sonraí na heisceachta a bheith sna notaí chuig na cuntasóirí.

### Arna shíniú le húdarás na Roinne Bonneagair



Ainm  
29 Meitheamh 2018  
Arna shíniú le húdarás na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta



Ainm Kathleen Licken (Ard-Rúnaí)  
28 Meitheamh 2018



Waterways Ireland  
Uiscebealait Éireann Watterweys Airlann

---

Ceannacheathrú

2 Bóthar Shligigh

Inis Ceithleann

Contae Fheir Manach

BT74 7JY

T: 028 6632 3004

E: [info@waterwaysireland.org](mailto:info@waterwaysireland.org)

@waterwaysireland

[waterwaysireland](https://www.facebook.com/waterwaysireland)